RTB
Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board



# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2023

# Cé muid?

## Cad é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe?

Comhlacht poiblí is ea an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, ar a dtugtar an RTB, a cuireadh ar bun chun earnáil tithíochta ar cíos a rialáil. Leagtar amach san Acht um Thionóntaí Cónaithe 2004 (agus leasuithe ina dhiaidh sin) ár bhfeidhmeanna agus ár gcumhachtaí éagsúla. Go hachomair, is é ár ról:

- **clár náisiúnta tionóntachtaí a choinneáil,**
- **díospóidí a réiteach idir tionóntaí agus tiarnaí talún**
- **comhlíonadh an dlí cíosa a chinntiú**
- **faisnéis a sholáthar don phobal, do thionóntaí agus do thiarnaí talún lena chinntiú go ritheann tionóntachtaí go réidh, agus chun sonraí agus léargas iontaofa a sholáthar chun beartas a threorú.**

Síneann ár sainchúram chuig na hearnálacha tithíocht phríobháideach ar cíos, comhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHB), cíos costais, agus cóiríocht sonrach do mhic léinn.



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Eolas faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe | 5 |
| Sracfhéachaint ar 2023 | 6 |
| Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra | 8 |
| Caibidil 1 – Feidhm Rialála an RTB | 9 |
| Caibidil 2 – Seirbhís Réitigh Díospóidí an RTB | 18 |
| Caibidil 3 – Feidhm Faisnéise agus Sonraí an RTB | 26 |
| Caibidil 4 – Struchtúr agus Rialachas Eagraíochtúil an RTB | 30 |
| Tuarascáil an Bhoird agus Ráitis Airgeadais | 36 |
| Aguisín, Sonraí agus Graif | 78 |
| Eochairfhocail an RTB - Treoir maidir leis na Focail a Úsáidtear sa Tuarascáil | 91 |


RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

# Cad a dhéanaimid?

## Clár na dTionónchtaí a Choinneáil

Is é an clár an bhunchloch chun an earnáil a rialáil. Ní mór do gach tiarna talún cónaithe, comhlacht ceadaithe tithíochta, tiarna talún cíos costais, agus tiarnaí talún ar chóiríocht sonrach do mhic léinn a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Cosnaíonn tionóntacht chláraithe cearta tiarna talún agus tionóntaí agus soláthraíonn sé meicníocht chun díospóidí a réiteach nuair a tharlaíonn siad.

Cuireadh tús le reachtaíocht nua in Aibreán 2022 á cheangal ar thiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB gach bliain, laistigh de mhí ón gcomóradh nuair a thosaigh an tionóntacht. Cuireadh tús le reachtaíocht nua in Aibreán 2022 á cheangal ar thiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB gach bliain, laistigh de mhí ón gcomóradh nuair a thosaigh an tionóntacht.

## Díospóidí a réiteach

Cuirimid rogha roghanna um réiteach díospóide ar fáil do thiarnaí talún agus do thionóntaí atá faoi dhíospóid: idirghabháil nó breithniú leis an rogha eile achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Tionóntachta. Níl ionadaíocht dhlíthiúil ag teastáil ó pháirtithe chun cás réitigh díospóide a thabhairt chuig an RTB.

Déanaimid an fheidhm gar-bhreithiúnach seo ar bhealach cothrom agus cóir, i bhfabhar ceachtar tionóntaí ná tiarnaí talún. Ceapann Bord an RTB painéil d'idirghabhálaithe agus breithneoirí neamhspleácha chun éisteachtaí um réiteach díospóide a éascú. Déantar idirghabháil trí shraith glaonna gutháin ar leith le hidirghabhálaí chun cabhrú le páirtithe teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach. Éascaítear éisteachtaí breithnithe agus binsí tionóntachta go fíorúil (trí Microsoft Teams).

# Díospóidí a réiteach

## Comhlíonadh an dlí cíosa a chinntiú

Tá cumhachtaí ag an RTB imscrúdú agus smachtbhannaí a chur ar thiarnaí talún a bhíonn i mbun cineálacha sainithe 'iompair míchuí'. Cuirimid ceanglais chlárúcháin i bhfeidhm freisin lena chinntiú go bhfuil an clár iomlán agus cruinn. Agus muid ag gníomhú chun comhlíonadh a chinntiú, tá sé mar aidhm againn ár gcumhachtaí a úsáid ar bhealaí atá éifeachtach agus comhréireach. Táimid tiomanta ár gcur chuige a fhorbairt tuilleadh maidir le riosca rialála a shainiú agus a bhainistiú mar chuid dár dtiomantas a bheith mar rialtóir fíor-éifeachtach don earnáil cíosa.

## Faisnéis, Sonraí agus Léargais a sholáthar

Soláthraímid faisnéis iontaofa don phobal, do thionóntaí agus do thiarnaí talún maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí i dtéarmaí maireachtáil san earnáil cíosa agus cóiríocht a sholáthar di. Soláthraímid sonraí údarásacha freisin ar an earnáil, mar an Innéacs Cíos, a ligeann dúinn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus a chuireann an pobal ar an eolas faoi leibhéil agus gluaiseachtaí cíosa.

Forbraímid léargais freisin chun an tAire agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas maidir le tionchar na n-athruithe beartais agus chun cabhrú leis an RTB a chuid idirghabhálacha rialála a fhorbairt agus a bheachtú.


# Sracfhéachaint ar 2023

**Ag deireadh 2023 bhí**

**302,659**

**tionóntacht ar Chlár an RTB**





Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán den Chlárúcháin Bliantúil



In 2023 fuair an RTB **353,892** iarratas ar Chlárúcháin, an figiúr bliantúil is airde go dtí seo

In 2023, eisíodh **18,480** píosa comhfhreagrais chuig tiarnaí talún, ag ardú na ceiste go raibh orthu an reachtaíocht a chomhlíonadh



**In 2023 foilsíodh 4 Innéacs Cíosa**

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an RTB an tInnéacs Cíosa Tionóntachta Reatha den chéad uair

I rith 2023, cheadaigh an RTB **82 imscrúdú** ar Iompar Míchuí féideartha


Le linn 2023, deimhníodh **96** cás Imscrúduithe agus Smachtbhannaí i naoi gCúirt Chuarda

D'íoc tiarnaí talún breis agus **€64,000** i smachtbhannaí in 2023




San iomlán, tugadh **€88,787** de chíos ró-íoctha ar ais do thionóntaí in 2023

**Tionóladh**
# 3,940
**Idirghabhálacha Gutháin agus Éisteachtaí Breithnithe in 2023**




Reáchtáladh **1,008** éisteacht Binse in 2023

Eisíodh **2,977** Orduithe Cinnidh



Fuair an RTB **1,218** iarratas achomhairc ó bhinse tionóntachta in 2023




**In 2023, fuair an RTB**
# 9,908
**iarratas ar réiteach díospóide san iomlán**

**In 2023** rinneadh scéim Luath-Idirghabhála a phíolótú don tSeirbhís um Réiteach Díospóidí


**In 2023** rinne an RTB ár Suíomh Gréasáin a athsheoladh



**Bhí**
# 4.4 milliún
**amharc leathnaigh ar shuíomh gréasáin an RTB**



**In 2023** foilsíodh an dara babhta de shuirbhé na hEarnála Cíosa



# Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra Eatramhaigh

**Mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) agus mar Stiúrthóir Eatramhach, tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.**

Déanann an RTB seirbhís phoiblí thábhachtach i leith na hearnála cíosa cónaithe. Coinníonn sé Clár na dtionóntachtaí, cuireann sé seirbhísí réitigh díospóidí ar fáil do thiarnaí talún agus do thionóntaí agus déanann sé monatóireacht agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh an dlí cíosa. Soláthraíonn sé freisin réimse leathan faisnéise ar an earnáil agus comhairle ar bheartas don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Le blianta beaga anuas tá brú ollmhór ar earnáil chíosa an mhargaidh tithíochta in Éirinn, agus athruithe suntasacha reachtaíochta, a raibh tionchar suntasach acu ar fad ar an RTB tríd an éileamh ar an tseirbhís a chuireann sé ar fáil a mhéadú. I rith 2023, lean an RTB ar aghaidh ag tabhairt a chroí-sheirbhísí, agus faightear sonraí beacht orthu siúd i gCaibidil 1, 2 agus 3, mar aon leis an Aguisín Staitistiúil. Leagtar béim freisin ar an obair a dhéanann an RTB maidir le heolas agus léargais a chur ar fáil ar oibriú na hearnála cíosa, lena n-áirítear táirgeadh na nInnéacsanna Cíosa RTB Ráithiúla.

Faoin Acht um Thionóntaí Cónaithe 2004, arna léasú, agus faoin Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá an Bord freagrach as rialachas iomlán an RTB. I rith 2023, chuir an Bord maoirseacht agus tacaíocht chuí ar fáil don Stiúrthóir agus do bhaill foirne na heagraíochta. Tugtar sonraí faoi struchtúir agus gníomhaíochtaí rialachais an RTB i gCaibidil 4.

Tá an Bord agus an Feidhmeannas tiomanta do chlár leanúnach d'fheabhsú cáilíochta agus d'fhorbairt eagraíochta, ar chuireamar tús leis i rith 2023. Tá sé seo ríthábhachtach chun bonn láidir a thógáil d'fheidhmíocht eagraíochtúil amach anseo agus do sheachadadh torthaí ag an RTB i rith 2024 agus ina dhiaidh sin.

Mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir Eatramhach, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach aon duine, laistigh agus lasmuigh den RTB araon, a d'oibrigh ar feadh na bliana ar bhealaí éagsúla chun ár seirbhísí a chothabháil, acmhainní agus tacaíocht a sholáthar, agus ionchur agus comhairle a thabhairt. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne comhaltaí an Bhoird, foireann an RTB, lena n-áirítear an t-iar-Stiúrthóir, Niall Byrne, an tAire agus a chuid oifigeach, agus ionadaithe ó thionóntaí, tiarnaí talún agus gníomhairí ligin ar dhéileáil muid leo i rith na bliana. Ba mhaith le Bord agus foireann an RTB aitheantas agus buíochas a ghabháil le Justin O'Brien a d'fhóin mar chomhalta den Bhord RTB agus a fuair bás ar an 30 Márta 2024. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara seo go léir i rith 2024 agus muid ag forbairt an RTB a thuilleadh agus ag seachadadh ár seirbhísí tábhachtacha don phobal.

**Tom Dunne**
Cathaoirleach

**Owen Keegan**
Stiúrthóir Eatramhach

# 1 Feidhm Rialaithe an RTB



# Réamhrá

**Tá an RTB tiomanta don earnáil cíosa cónaithe a rialáil ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le beartas an Rialtais agus le prionsabail bunaidh dea-rialacháin.**

Is é ceann de fheidhmeanna rialaithe an RTB atá an-tábhachtach ná clár cruinn a choinneáil ar chíosanna cónaithe príobháideacha, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB), costas cíosa, agus tionóntachtaí maidir le Lóistín Sonracha do Mhic léinn. Tá trí phróiseas reachtúla ag an RTB ina dtiocfadh le tiarnaí talún agus gníomhairí ligin, atá ag gníomhú thar ceann tiarnaí talún, na ceanglais clárúcháin a chomhlíonadh:

- Clárú ar thosach tionóntachta (An Chéad Chlárú)
- Clárú bliantúil le linn tionónta (Cláraithe Athnuachan) agus
- Clárú ar thionónta eile i bhfoirm ‘tionóntacht bhreise de Chuid 4’.

Is é an dara fheidhm rialaithe tábhachtach ag an RTB ná comhlíonadh ceanglais rialála ag tiarna talún a chur chun cinn agus a chur i gcrích. Faoin Acht luíonn an fhreagracht as comhlíonadh an dlí cíosa, go príomha, le tiarnaí talún. Chomh luath agus a thiocfaidh tionóntacht i bhfeidhm, ní mór don tiarna talún cloí leis na rialacha agus na ceanglais cíosa mar atá leagtha amach san Acht.

Tacaíonn an RTB le comhlíontacht trí sholáthar faisnéise agus trí phróisis atá deartha chun comhlíonadh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. Comhlíonann formhór na dtiarnaí talún a bhfreagrachtaí go tráthúil. Mar sin féin, sna cásanna sin nach bhfuil comhlíontacht deonach ann nó ina bhfuil sáruithe soiléire agus dáiríre ar an dlí cíosa, úsáideann an RTB a chumhachtaí éagsúla chun comhlíontacht a fhorfheidhmiú nó le smachtbhannaí a ghearradh as ‘Iompar Míchuí’, mar a shainmhínítear san Acht.

Glacann an RTB go dáiríre é gach neamhchomhlíonadh ceanglais d’aon turas chun tionónta a chlárú a tharlaíonn. Déanann an RTB gníomh foirmiúil comhlíonta a agairt sna cásanna sin ina bhfuil sé seo ar mhaithe le leas an phobail. Déanann an cohórt neamhchomhlíonadh seo dochar do cháil na dtiarnaí talún freagracha ar fud na hÉireann a chomhlíonann an dlí agus a oibríonn gach lá lena chinntiú go gcaitear go cóir agus go measúil lena dtionóntaí. Tá an RTB tiomanta dá chinntiú go n-aithnítear na daoine agus na heintitis neamhchomhlíontacha seo, go dtabharfar chun cuntais iad, agus nach leanann siad ar aghaidh ag cur smál ar ainm na dtiarnaí talún go léir agus chun damáiste a dhéanamh do mhuinín an phobail in oibriú na hearnála cíosa cónaithe.

## Cén fáth go bhfuil baint aige sin leis an earnáil cíosa?

- Tá comhlíonadh na riachtanais dleathacha riachtanach ar mhaithe le leas na dtionóntaí agus na dtiarnaí talún araon. Cuidíonn sé seo le hearnáil cíosa rialáilte a chruthú ina bhfuil soiléireacht ann maidir le cearta agus freagrachtaí na bpáirtithe go léir, agus ina bhfuil próisis ann le haghaidh idirghabhála ag an rialtóir i gcás nach gcomhlíonann páirtithe.
- Tríd an bpróiseas clárúcháin, bailíonn an RTB faisnéis luachmhar. Úsáidtear na sonraí seo chun bonn eolais a chur faoi bheartas poiblí níos leithne don earnáil agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar tionscnamh beartais agus rialála éagsúla. Éilíonn reachtaíocht, a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 2022, ar thiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB gach bliain, laistigh de mhí amháin ó chothrom an lae a thosaigh an tionóntacht. Ligeann an próiseas Clárúcháin Bhliantúil seo don RTB sonraí tionóntachta agus cíosa níos cruinne agus níos mionsonraithe a bhailiú a chumasaíonn rialáil níos gníomhaí ar an earnáil cíosa agus freisin bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo.
- Úsáidtear an fhaisnéis chlárúcháin chun faisnéis chinntitheach a bhaint, a anailísiú agus a fhoilsiú ar an earnáil cíosa.

## An Clár de chuid an RTB

Is sócmhainn náisiúnta thábhachtach é Clár RTB a sholáthraíonn léargais agus faisnéis iontaofa le haghaidh rialáil fheabhsaithe. Le blianta beaga anuas rinneadh feabhsuithe suntasacha ar shláine na sonraí a choinnítear ar an gClár, a bhuíochas le hinfheistíocht sa teicneolaíocht agus Clárúchán Bliantúil a bheith tugtha isteach in 2022. Cuirfidh na sonraí feabhsaithe agus níos iontaofa seo bonn láidir faoi cheapadh beartais, faoi thograí reachtacha amach anseo, agus faoi mhonatóireacht leanúnach ar threochtaí san earnáil.

Ba chloch mhíle thábhachtach don Chlár é 2023 toisc gurbh í an chéad bhliain féilire iomlán de chlárúcháin bhliantúla í, rud a chuir an tacar sonraí is déanaí agus is cruinne riamh ar an gClár ar fáil don RTB.

Sular tugadh Clárúchán Bliantúil isteach ní raibh na sonraí ar fad a taifeadadh sa chóras clárúcháin RTB chomh cruinn agus ba chóir dó a bheith. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar chumas na RTB an Clár a choinneáil ar leibhéal ard cruinnis. Mar sin féin, cuidíonn Clárúchán Bliantúil agus an próiseas athnuachana bliantúil a bheith tugtha isteach lena chinntiú go bhfuil sonraí níos fearr agus níos cothroime le dáta ag an RTB maidir le gach tionóntacht. Trí thionóntachtaí 'neamhghníomhacha', nach ndéantar a athnuachan, a bhaint go huathoibríoch laistigh de mhí amháin tar éis don tiarna talún nó dá ngníomhaire dul in éag, cinntítear nach mbeidh siad le feiceáil ar an gClár a thuilleadh.

De réir mar a fheabhsaíonn na sonraí maidir le hiarratais ar chlárú (clárúcháin agus athnuachan nua araon) bliain ar bhliain, beidh an RTB ag obair chun léargais níos doimhne agus níos cruinne a ghiniúint ar phróifíl an Chláir (lena n-áirítear uimhreacha agus cineálacha tiarnaí talún, teaghaisí agus tionóntachtaí), gluaiseachtaí i dtionóntachtaí cláraithe, sonraí maidir le tiarnaí talún ag fágáil agus ag teacht isteach san earnáil, agus treochtaí eile sna bunsonraí.

## Méid an Chláir

Cláraíodh níos mó tionóntachtaí in 2023 ná in aon bhliain eile ó bunaíodh an eagraíocht. Ar na iarratais seo bhí:

- tionóntachtaí nua á gclárú;
- tionóntachtaí reatha á n-athnuachan.

Ag an am céanna leis na tionóntachtaí seo a bheith cláraithe, lean an córas ar aghaidh ag sainaithint tionóntachtaí nach raibh ann a thuilleadh agus baineadh den Chlár iad. Chabhraigh sé seo leis na sonraí a coinníodh ar Chlár RTB a ghlanadh chun léargas níos cruinne a thabhairt ar an méid tionóntachtaí atá cláraithe leis an RTB. Ag deireadh 2023, bhí líon na dtionóntachtaí ar an gClár mar seo a leanas:

**223,979**

**Tionóntacht Príobháideach Cíosa cláraithe leis an RTB**

Is tionóntachtaí iad tionóntachtaí príobháideacha ar cíos ina bhfuil an tiarna talún ina dhuine aonair nó ina chuideachta. Is tionóntachtaí neamhthráchtála iad.

**44,128**

**Tionóntacht de chuid Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta atá cláraithe leis an RTB**

Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) tithíocht shóisialta ar cíos. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad a chuireann tithíocht inacmhainne ar cíos ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu cíosanna san earnáil phríobháideach a íoc nó a dtithe féin a cheannach. Cuireann siad tithíocht ar fáil freisin do ghrúpaí ar leith, ar nós daoine aosta nó daoine gan dídean.

**33,704**

**Tionóntacht Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn atá cláraithe leis an RTB**

Is ionann Cóiríocht Shonrach do Mhic Léinn (SSA) agus tionóntachtaí a bhíonn tógtha go sonrach d'úsáid na mic léinn, lena n-áirítear lóistín a chuireann ollscoileanna agus institiúidí oideachais ar fáil.

**848**

**Tionóntacht ar Cíos de réir Costais atá cláraithe leis an RTB**

In 2021, tháinig tionóntachtaí ar Cíos de réir Costais faoi shainchúram an RTB. Is cineál tithíochta neamhbhrabúis é cíos costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí.

- **Tionóntachtaí Príobháideacha cláraithe:**
  Ba é 223,979 líon na dtionóntachtaí príobháideacha cláraithe ar an 31 Nollaig 2023 atá níos ísle ná an figiúr coibhéiseach ag deireadh 2022 (246,453). Cúis fhéideartha leis na laghduithe seo, is ea tionóntachtaí stairiúla a bhaint den Chlár.

- **Tionóntachtaí CCT cláraithe:**
  Ag deireadh 2023, bhí méadú tagtha ar líon na dtionóntachtaí CCT ar an gclár go 44,128 ó 38,756 faoi dheireadh 2022.

- **Tionóntachtaí Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn cláraithe:**
  Ag deireadh 2023, bhí méadú tagtha ar líon na dtionóntachtaí SSA ar an gClár go 33,704 ó 23,577 ag deireadh 2022. Rud a shonraíonn cúrsaí ag dul ar ais mar a bhí roimh an bpaindéim.

- **Tithe ar Cíos de Réir Costais cláraithe:**
  Ag deireadh 2023, ba é 848 líon na dtionóntachtaí ar Cíos de Réir Costais ar an gClár

**Chun briseadh síos níos mionsonraithe a fháil, féach Tábla 1 san Aguisín**

## Líon na gClárúchán in 2023

I rith 2023, chláraigh tiarnaí talún nó a ngníomhairí tionóntachtaí tríd an tairseach ar líne ar shuíomh gréasáin an RTB nó i gcóip chrua tríd an bpost. In 2023, b'ionann líon na n-iarratas clárúcháin agus:

| 264,235 | 44,666 | 871 | 44,120 |
|---|---|---|---|
| Príobháideach Clárúcháin | Sonrach do Mhic Léinn Cóiríocht Clárúcháin | Tithíocht ar Cíos de Réir Costais Clárúcháin | Ceadaithe Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Clárúcháin |

**Le haghaidh mionsonraithe breise ar an fhaisnéis seo, féach Tábla 2 san Iarscríbhinn.**

Tá sé tábhachtach a shonrú nach mbeidh líon na n-iarratas in aghaidh na bliana mar an gcéanna leis an méid atá ar an gClár ag deireadh na bliana, toisc gur dhá thacar sonraí ar leith iad:

- Léiríonn iomláin an Chláir sa tuarascáil seo líon iarbhír na gclárúchán a bhí gníomhach ar Chlár RTB ag deireadh 2023. Is ionann méid an chláir agus figiúr léargais phointe-in-am ó chlár dinimiciúil ina bhfuil tionóntachtaí á gcur leis agus á mbaint ar bhonn leanúnach.
- Is ionann líon na n-iarratas ansin agus tionóntachtaí go léir a cuireadh leis an gClár in 2023. Áirítear leis seo (clárúcháin nua agus athnuachana), ní chuireann sé san áireamh an méid a baineadh den Chlár.

Ní mór na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis na himleabhair seo:

- Tá gach sonraí atá sa iarratas ar chlárú féin-dhearbhaithe ag an tiarna talún nó ag a n-gníomhairí.
- Is féidir tionóntacht a chríochnaigh a chlárú go fóill; fanann an dualgas atá ar thiarna talún tionóntacht a chlárú fiú tar éis don tionóntacht críochnú.

**Le haghaidh tuilleadh sonraí ar líon na n-iarratas a fuarthas féach tábla x**

## Fócas in 2023 Córas clárúcháin ar líne an RTB a fheabhsú

I rith 2023, d'oibrigh an RTB go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad saincheisteanna agus ar na hábhair imní a chuir úsáideoirí an chórais Bainistíochta Tionóntachta ar Líne in iúl. Forbraíodh an raon freagraí seo a leanas chun tacú le tiarnaí talún agus gníomhairí clárúcháin a chur i gcrích:

### Clár de fheabhsuithe teicniúla riachtanacha

Le linn 2023 rinne an RTB roinnt feabhsuithe ar an gcóras.

- Sanntar aitheantóir uathúil don teaghais ar gach tionóntacht atá á clárú. Tá feabhas suntasach déanta aige sin ar cháilíocht bhunúsach sonraí.
- Feabhsaíodh an nascleanúint agus anois tacaíonn sé níos fearr le tiarnaí talún agus gníomhairí tríd an bpróiseas clárúcháin.
- Tá rogha nua ar líne ann do na catagóirí tiarnaí talún ar leith i.e. (tiarnaí talún neamhchónaitheacha, Feithiclí Bainistíochta Sócmhainní Comhchoiteann Éireannacha (ICAVanna,) Cistí Iontaobhais agus comhlachtaí neamhchorpraithe).
- Cuireadh raon feabhsuithe i bhfeidhm d'úsáideoirí, lena n-áirítear pointí treo do chustaiméirí i gclárúchán, clárúcháin stairiúla, tionóntachtaí atá ann cheana a nascadh agus turais ghlacadóireachta.
- Cuireadh deais chlárúcháin leis ar mhaithe le tiarnaí talún agus gníomhairí.
- Lean an RTB ag obair le páirtithe leasmhara i rith 2023 agus ag díriú ar a chumarsáid leis na grúpaí sin.



**I rith 2023, d'oibrigh an RTB go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad saincheisteanna agus ar na hábhair imní a chuir úsáideoirí an chórais Bainistíochta Tionóntachta ar Líne in iúl.**



## Conas a sholáthraíonn an RTB dearbhú go bhfuil gach tionóntacht cláraithe de réir an dlí?

Tá an RTB freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann tiarnaí talún a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le gach tionóntacht a chlárú. Mar a luadh níos luaithe, is é an cur chuige rialaitheach ná glacadh leis, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tiarnaí talún toilteanach a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus tacú le comhlíonadh deonach trí fhaisnéis a sholáthar agus trí phróisis a dhéanann comhlíontacht chomh simplí agus is féidir.

Sa chás go bhfuil fianaise ag an RTB a thugann le fios nach bhfuil tiarna talún ag cloí leis an dlí, ansin tá cumhachtaí rialála ag an RTB chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht seo.

Faigheann an RTB faisnéis ó raon foinsí maidir le neamhchomhlíonadh féideartha. I rith 2023, chuimsigh siad seo:

**10,345**
**Atreorú Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP)**

Baineann na taifid seo le tionóntachtaí a fuair an íocaíocht HAP in 2023. Is laghdú 5% é sin i gcomparáid le figiúr 2022 de 10,862.

**786**
**atreorú ón Roinn Coimirce Sóisialaí**

Baineann na taifid seo le tionóntachtaí a fhaigheann an Liúntas Forlíonta Cíosa ón DSP. Ba laghdú 42% é seo ar fhigiúr 2022 de 1,119.

**835**
**atreorú ó Bhaill den Phobal**

Aithnítear tuairiscí ar thionóntachtaí neamhchláraithe a dhéantar chuig seoladh ríomhphoist forfheidhmithe clárúcháin tiomnaithe an RTB laistigh de 10 lá. Déantar an fhaisnéis a fhaightear a mheas go cúramach chun cineál agus méid a fháil amach (más ann) den neamhchomhlíonadh agus na chéad chéimeanna eile a chinneadh. Méadú de 17% ab ea é seo ar fhigiúr 2022 de 694.

**151**
**atreorú ó Údaráis Áitiúla**

Baineann na taifid seo le hathreoruithe ar chigireachtaí na nÚdarás Áitiúil ar áitribh ar cíos lena chinntiú go gcomhlíonann siad íoschaighdeáin. Ba laghdú 74% é seo ar fhigiúr 2022 de 573.

**164**
**atreorú Inmheánacha RTB**

Déanann an RTB seiceáil réamhghníomhach ar fhoirmeacha clárúcháin neamhiomlána lena chinntiú go bhfuil na tionóntachtaí seo comhlánaithe agus cláraithe. Le linn an phróisis um réiteach díospóide, seiceálann an RTB tionóntachtaí freisin chun a chinntiú go bhfuil an tionóntacht cláraithe. Ba laghdú 17% é seo ar fhigiúr 2022 de 198.

Ag teacht leis an mbeartas RTB chun tacú le comhlíontach, scríobhann an RTB chuig tiarnaí talún ina bhfuil amhras faoi neamhchlárúchán agus tugann sé deis réasúnta don tiarna talún cloí sula gcuirtear tús le hionchúiseamh. Faigheann tiarnaí talún dhá Fhógra ón RTB sula n-eisítear aon litreach dlíthiúil. In 2023, eisíodh 18,480 píosa comhfhreagrais chuig tiarnaí talún, ag ardú na ceiste go raibh orthu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Áiríodh leis seo postáil straitéiseach ar scála mór chuig tiarnaí talún neamhchomhlíontacha amhrasta a sainaithníodh ó na taifid RTB. Bileog a bhí sa phostáil seo a thug eolas dóibh maidir le conas clárú agus cumhachtaí forfheidhmithe an RTB dá bhfanfaidís neamhchomhlíontach.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo maidir le Comhlíontacht Clárúcháin féach Táblaí 3 agus 4 san Aguisín.**

## Conas a thugann an RTB aghaidh ar Iompar Mícheart ag tiarnaí talún?

Ba é 2023 an ceathrú bliain iomlán d'oibriú chumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe an RTB. Faoi na cumhachtaí seo is féidir leis an RTB, tar éis imscrúdaithe, smachtbhannaí a chur ar thiarnaí talún a bhfuil baint acu le sáruithe áirithe ar an dlí cíosa, ar a dtugtar "Iompar Míchuí". Clúdaítear an méid seo a leanas le hIompar Míchuí, mar atá luaite san Acht,

- Mainneachtain ceanglais an Chrios Brú Cíosa (RPZ) a chomhlíonadh;
- Ag brath go bréagach ar Dhíolúine RPZ;
- Teip fógra a thabhairt don RTB faoi bheith ag brath ar Dhíolúine RPZ;
- Mainneachtain faisnéis tionóntachta a nuashonrú laistigh de mhí ó athrú cíosa;
- Mainneachtain tionóntacht a chlárú;
- Cúis sonraithe ar Fhógra Foirceanta arb eol atá bréagach nó míthreorach; agus/nó
- Mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais do thionónta nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe.
- Éarlais níos mó ná a choibhéis de chíos míosa a lorg; agus
- Réamhíocaíocht de níos mó ná cíos míosa a lorg.

Féadfar rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 mar aon le costais suas le €15,000 a bheith ag na smachtbhannaí. Aistríonn an RTB gach smachtbhanna airgid chuig an Chúlchiste.



## Forbhreathnú ar an bpróiseas Imscrúduithe agus Smachtbhannaí

Faigheann an RTB atreoruithe ó bhaill den phobal agus úsáideann sé ár sonraí inmheánacha féin agus faisnéis atá ar fáil dúinn chun tús a chur le himscrúdú.

Déantar an fhaisnéis a mheas, agus má theastaíonn imscrúdú uaidh ceaptar Oifigeach Údaraithe chun imscrúdú a dhéanamh.

Nuair a chuirtear tiarna talún ar an eolas faoin imscrúdú, is féidir leo aitheantas a thabhairt don iompar míchuí. Seolfar an admháil agus aon fhianaise chuig cinnteoir a fhorchuirfidh smachtbhanna más iomchuí.

Mura n-admhaíonn an tiarna talún, cuirfidh an AO tús le himscrúdú iomlán agus seolfaidh sé tuarascáil chuig an gcinnteoir a chinneann ar tharla iompar míchuí agus ar cheart smachtbhanna a fhorchur.

D'fhéadfadh rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 agus costais suas le €15,000 a bheith sna smachtbhannaí a fhorchuirtear, íoctar gach smachtbhanna airgeadaíochta leis an státchiste.

Féadfaidh an tiarna talún achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda i gcoinne chinneadh an Déantóra Cinnidh laistigh de 21 lá tar éis don Bhord an fógra cinnidh a thabhairt don tiarna talún.

Ní mór don Chúirt Chuarda smachtbhannaí a dhearbhú agus foilseofar smachtbhannaí dearbhaithe ar shuíomh gréasáin an RTB.

# Gníomhaíocht Imscrúduithe agus Smachtbhannaí in 2023

## Imscrúduithe Ceadaithe

I rith 2023, cheadaigh an RTB 82 imscrúdú ar Iompar Míchuí féideartha. Astu sin, cuireadh tús le 40% (33) ar thoil an RTB féin agus bhí 60% (49) bunaithe ar ghearáin fhoirmiúla scríofa ón bpobal.

Le linn 2023, dúnadh/cealaíodh 63 imscrúdú. Áirítear air sin na cásanna ó bhlianta roimhe. Cuirtear cásanna ar ceal nuair a thagann eolais chun solais tar éis Oifigeach Údaraithe a ceapadh san fhiosrúchán. Sa chás sin, níor cheart leanúint ar aghaidh. I measc roinnt samplaí d'eolais seo tá: go bhfaightear amach in imscrúdú neamhchláraithe gur cuid den scéim cíos seomra í an réadmhaoin agus nach gá í a chlárú; tá an tiarna talún in imscrúdú ar shárú RPZ tar éis an cíos mícheart a chur isteach sa taifead clárúcháin de thaisme, rud a fhágann go bhfuil an chuma air go bhfuil sárú ann nuair nach bhfuil.

Cealaítear imscrúdú má thagann eolas chun solais sula gcuirfear tús leis, agus dúntar é má thagann an fhaisnéis chun solais tar éis dó tosú. Ag deireadh 2023, bhí 94 cás á n-imscrúdú. Cuireadh tús le roinnt cásanna sna blianta seo a chuaigh thart.

## Smachtbhannaí

Faoi dheireadh 2023, cuireadh 127 imscrúdú faoi bhráid Cinnteoirí neamhspleácha. Tá cinnteoirí neamhspleách ón RTB agus tá taithí fhairsing acu ar róil chinnteoireachta.

Tá siad ceaptha faoin dlí chun torthaí imscrúdaithe a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar phionós. D'eisigh an RTB 149 cinneadh do na tiarnaí talún ábhartha agus bhí 3 achomharc ann. Cuimsíonn an figiúr seo na cinntí ó imscrúduithe a tosaíodh in 2020 agus in 2021. As na hachomhairc níor éirigh le ceann amháin, agus tarraingíodh dhá cheann eile siar.

## Smachtbhannaí a Dhaingniú agus a Fhoilsiú

Ní mór an cinneadh smachtbhanna a fhorchur a dheimhniú sa Chúirt Chuarda. Le linn 2023, deimhníodh 96 cás i naoi gcúirt Chuarda.

Nuair a dheimhnítear smachtbhanna, go bhfuil na tréimhsí achomhairc go léir caite, agus go bhfuil gach próiseas riaracháin curtha i gcrích, foilsíonn an RTB sonraí an smachtbhanna ar láithreán gréasáin an RTB. In 2023, foilsíodh 85 smachtbhanna ar leathanach gréasáin tiomnaithe.

Ó tugadh na cumhachtaí nua smachtbhannaí seo dó, tá tosaíocht tugtha ag an RTB do líomhaintí maidir le sárú ar shrianta RPZ. I rith 2023, gearradh 67 as na 86 smachtbhanna a foilsíodh mar gheall ar shárú ar rialacháin RPZ agus bhí formhór na n-imscrúduithe a tosaíodh go dtí seo mar gheall ar an gcineál céanna sáraithe. Roghnaigh 69 de na tiarnaí talún sna cásanna foilsithe seo aitheantas a thabhairt don Iompar Míchuí líomhnaithe ag tús an imscrúdaithe. Cuireann an Cinnteoir é seo san áireamh, mar aon le haon bhearta a ghlacfaidh an tiarna talún chun sárú an dlí cíosa a chur ina cheart, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu ar an gcineál smachtbhanna agus ar an méid smachtbhanna airgeadaíochta.

## Torthaí Imscrúdaithe agus Smachtbhannaí

D'íoc tiarnaí talún os cionn €64,000 i smachtbhannaí in 2023, ba é € 1,057 an meán-smachtbhanna. Íocadh os cionn € 132,000 san iomlán i smachtbhannaí ó 53 imscrúdú ó 2019.

San iomlán, tugadh € 88,787.88 de chíos ró-íoctha ar ais do thionóntaí in 2023. Tá os cionn €440,000 tugtha ar ais do thionóntaí ó 2019.

**Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Imscrúduithe agus Smachtbhannaí féach Táblaí 6-11 san Aguisín.**

# 2 Seirbhís Réitigh Díospóidí an RTB



# Réamhrá

**Cuireann an RTB Seirbhís Réitigh Díospóidí ar fáil don earnáil cíosa cónaithe in Éirinn. Spreagann an RTB tiarnaí talún agus tionóntaí chun díospóidí a réiteach go neamhfhoirmiúil idir na páirtithe atá i gceist nuair is féidir, gan gá le seirbhísí foirmiúla réitigh díospóidí. Nuair nach bhfuil réiteach trí sheirbhís luath-idirghabhála an RTB indéanta, cuireann an RTB seirbhís neamhspleách, gar-bhreithiúnach ar fáil chun réiteach díospóide a éascú idir páirtithe.**

Tairgeann an RTB seirbhísí réitigh díospóidí Idirghabhála agus Breithnithe do thionóntaí, do thiarnaí talún cláraithe, agus do thríú páirtithe a bhfuil tionchar díreach ag an díospóid orthu (e.g. comharsa). Níl ionadaíocht dhlíthiúil ag teastáil ó pháirtithe chun cás réitigh díospóide a thabhairt chuig an RTB. Ceapann Bord an RTB painéil d'idirghabhálaithe agus breithneoirí neamhspleácha chun éisteachtaí foirmiúla a éascú agus chun réiteach cóir díospóide a sholáthar do gach páirtí. Eisíonn an RTB Ordú Cinnidh le haghaidh comhaontuithe idirghabhála agus cinntí breithneora. Luaitear in Ordú Cinnidh toradh an cháis díospóide agus sonraítear na coinníollacha nach mór do gach páirtí a chomhlíonadh. Tá Orduithe Cinnidh ceangailteach ó thaobh dlí agus tá siad infheidhmithe tríd an gCúirt Dúiche.

Mura féidir teacht ar chomhaontú trí idirghabháil, nó mura nglacann ceachtar páirtí le cinneadh an bhreithneora nó más mian leis tarraingt siar ón gcomhaontú idirghabhála, is féidir an cás díospóide a achomharc chuig Binse Tionóntachta. Is éisteacht phoiblí é Binse Tionóntachta atá bunaithe ar fhianaise an cháis díospóide. Ní féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí binse ach chuig an Ard-Chúirt ach ar phonc dlí.

Tá Bord RTB neamhchlaonta i réiteach díospóidí. Tá Idirghabhálaithe, Breithneoirí agus Binsí RTB neamhspleách ina bhfeidhm chun díospóidí a réiteach.

## Cén fáth go bhfuil baint aige sin leis an earnáil cíosa?

- Tá ról gar-bhreithiúnach ag an RTB laistigh den earnáil cíosa cónaithe. Soláthraíonn an RTB próiseas cuí agus nósanna imeachta córa do gach páirtí i ndíospóid, cibé acu tiarnaí talún, tionóntaí, nó daoine eile.
- Is féidir le díospóidí damáiste a dhéanamh do cheangail mhaithe idir tiarnaí talún agus tionóntaí, agus bonn an chaidrimh tionóntachta a mhaolú. Cuidíonn seirbhís réiteach díospóide atá tráthúil, ar chostas íseal agus inrochtana le díospóidí a réiteach ar an mbonn is cóir agus is féidir agus cuidíonn sé le tionóntachtaí a choinneáil.
- Baineann roinnt díospóidí le droch-iompar tiarnaí talún nó tionóntaí. Trí chumhacht a bheith acu damáistí a ghearradh ar an bpáirtí ciontaithe, léiríonn cinnteoirí an BTC nach bhfuil iompar den sórt sin inghlactha agus go dtabharfar cuntas ar thiarnaí talún agus ar thionóntaí a bhíonn ag gabháil d'iompar den sórt sin.

## Seirbhísí Réitigh Díospóidí

- **Idirghabháil**

  Nuair is cuí, spreagann an RTB idirghabháil chun díospóidí a réiteach. Is próiseas saor, deonach, agus rúnda é Idirghabháil a ligeann do pháirtithe a gcás a phlé le hidirghabhálaí neamhspleách. Tá idirghabháil bunaithe ar 'ráiteas seasaimh' rúnda a chuireann an dá pháirtí ar fáil ina sonraítear an rún a bhfuil súil acu a bhaint amach. Ní gá do na páirtithe labhairt lena chéile go díreach. Rachaidh idirghabhálaí i dteagmháil leis na páirtithe ina n-aonar i sraith glaonna gutháin chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú atá sásúil go frithpháirteach do gach páirtí. Tá téarmaí comhaontaithe idirghabhála ceangailteach ó thaobh dlí de agus fanann siad faoi rún ag na páirtithe cáis.


- **Breithniú**

  Mar mhalairt air sin, is féidir le hiarratasóirí breithniú a roghnú má cheapann siad gur gá a gcás díospóide a réiteach. Tá táille €30 ag gabháil le breithniú gus tá sé bunaithe ar an bhfianaise a chuireann na páirtithe i láthair. Tugtar cuireadh don dá pháirtí páirt a ghlacadh in éisteacht fhoirmiúil le moltóir neamhspleách. De ghnáth reáchtáiltear éisteachtaí breithnithe go fíorúil trí Microsoft Teams. Foilsítear Orduithe Cinnidh Breithnithe ar shuíomh gréasáin an RTB.

### Achomhairc Bhinse Tionóntachta

Mura bhfuil aon chomhaontú idirghabhála ann, nó mura nglacann ceachtar páirtí leis an gcinneadh breithnithe nó má theastaíonn uaidh tarraingt siar ón gcomhaontú idirghabhála, is féidir achomharc chuig painéal Binse a chur isteach laistigh de thréimhse ama socraithe (10 lá féilire le haghaidh idirghabhála agus 10 lá oibre le haghaidh breithnithe). Bíonn táille ag gabháil le achomharc binse (€30 chun toradh idirghabhála a achomharc agus €85 chun cinneadh breithneora a achomharc).

Tá an Binse bunaithe ar an bhfianaise a chuireann na páirtithe i láthair. Is féidir fianaise bhreise a chur isteach roimh éisteacht an Bhinse, laistigh de thréimhse ama socraithe. Tugtar cuireadh don dá pháirtí páirt a ghlacadh in éisteacht fhoirmiúil le painéal Binse trí dhuine. Bíonn éisteachtaí binse ar siúl go fíorúil ar Microsoft Teams de ghnáth. Foilsítear tuarascálacha binse agus Orduithe Cinnidh ar shuíomh gréasáin an RTB. Ní féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí binse ach chuig an Ard-Chúirt laistigh de 21 lá.



## Spotsolas in 2023 Scéim Phíolótach um Idirghabháil Luath Díospóide

Aithnítear sa Phlean Tithíocht do Chách go bhfuil sé chun leasa an tionónta agus an tiarna talún araon aon díospóidí a réiteach chomh luath agus is féidir gan dul i muinín próiseas idirghabhála nó breithnithe. [1] In 2023, thug an tSeirbhís Réitigh Díospóidí faoi Scéim Phíolótach um Idirghabháil Luath Díospóide. Ba é aidhm na scéime píolótaí ná idirghabháil luath a úsáid chun cosc a chur ar dhíospóidí imeacht in olcas gan ghá idir páirtithe, agus chun cosc a chur ar chásanna dul isteach i bpróiseas díospóide foirmiúil más rud é nach dócha go mbainfeadh an cás an toradh a rabhthas ag súil leis do pháirtithe.

Dhírigh an scéim phíolótach ar cheithre chineál díospóide oiriúnacha inar mheas an RTB go bhféadfadh sé a bheith níos freagrúla do riachtanais na bpáirtithe cáis, nó go raibh an cineál díospóide ar an gceann níos díobhálaí den scála. Ar na cineálacha cásanna bhí:

- Bailíocht an Fhógra Foirceanta (NoT)
- Rósheilbh/Riaráistí cíosa agus rósheilbh
- Bailíocht an fhógra um athbhreithniú cíosa
- Cásanna a rangaítear mar Dhíshealbhú Neamhdhleathach de réir an Tionónta


Ag an gcéim mheasúnaithe iarratais tosaigh, chuaigh fhoireann Idirghabhála Luath an RTB i dteagmháil go díreach le páirtithe an cháis díospóide chun faisnéis a sholáthar ar an reachtaíocht maidir lena gcás. Chabhraigh an rannpháirteachas luath seo ag saineolaithe ábhair RTB le tuiscint níos fearr a thabhairt do pháirtithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí an duine aonair dá gcás ar leith. Is féidir le feasacht mhéadaithe ar chearta, ar fhreagrachtaí agus ar oibleagáidí an dá pháirtí ag céimeanna tosaigh díospóide an gá atá le leanúint ar aghaidh chuig éisteacht fhoirmiúil idirghabhála nó breithnithe a laghdú. Mar thoradh ar dhul i dteagmháil leis an RTB go luath sa phróiseas, réitíodh 35% de na cásanna píolótacha gan dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas.

Léirigh an Scéim Phíolótach um Idirghabháil Luath go rathúil gur féidir le rannpháirtíocht luath RTB le páirtithe roinnt cásanna a réiteach gan an gá dul ar aghaidh chuig éisteacht fhoirmiúil. Bunaithe ar a rathúla is a bhí an scéim phíolótach, tá sé beartaithe ag an RTB an Clár Idirghabhála Luath Díospóidí a chur i bhfeidhm in 2024 ar bhonn incriminteach agus céimnithe.



1 I dTithíocht do Chách tá sé mar chuspóir acmhainní breise a sholáthar don RTB chun éascaitheoirí oilte RTB a chur ar fáil do R2 2022 DHLGH chun idirghabháil a dhéanamh go luath chun díospóidí atá ag dul i méid idir páirtithe a chosc.

## Gníomhaíocht Réitigh Díospóidí in 2023




*Tabhair faoi deara le do thoil go léiríonn na figiúirí sa chairt seo na leibhéil gníomhaíochta. Ní bhaineann siad lena chéile. Mar shampla, baineann na héisteachtaí a éistear in 2023 le hiarratais ó 2021 agus ó 2022.*

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an eolas seo féach Táblaí 12 -17.**

## Iarratais ar Réiteach Díospóidí

In 2023, fuair an RTB 9,908[2] iarratas ar réiteach díospóide san iomlán. Bhain 7,223 iarratas le hidirghabháil agus 2,685 iarratas ar bhreithniú. Is toradh díreach é an méadú ar iarratais idirghabhála ar thabhairt isteach idirghabhála mainneachtana go déanach in 2022. Rinne tionóntaí 53% de na hiarratais iomlána i gcomparáid le 45% ag tiarnaí talún. B'ionann tríú páirtithe agus 3% de na hiarratais a cuireadh isteach le haghaidh seirbhísí réitigh díospóidí. Is iad tríú páirtithe na daoine a mbíonn tionchar díreach agus díobhálach ag na tionóntaí in aice láimhe orthu agus tá an ceart acu cás a thionscnamh i gcoinne thiarna talún na dtionóntaí sin.

Fuair an RTB 1,218 iarratas ar achomharc ón mBinse Tionóntachta in 2023. Rinne Tionóntaí 48% de na hachomhairc chuig Binse tionóntachta agus 51% ó thiarnaí talún. Níorbh ionann tríú páirtithe agus 1%. Reáchtáladh 1,008 éisteacht Binse in 2023.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an eolas seo féach Táblaí 18 -19**

## Cúiseanna le Díospóidí Cíosa

Bliain i ndiaidh bliana is beag éagsúlacht a bhí sna príomhchúiseanna a luadh le díospóidí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéanann an t-iarratasóir féin-thuairisciú ar chineálacha díospóidí agus gur féidir cúiseanna iomadúla a roghnú le haghaidh cás díospóide amháin.

| | |
|---|---|
| **Riaráistí Cíosa/Riaráistí Cíosa agus Rósheilbh (30%)** | Tarlaíonn rósheilbh nuair a theipeann ar thionónta an réadmhaoin atá ar cíos a fhágáil faoin dáta atá liostaithe ar Fhógra Foirceanta bailí. Mura n-íocann tionónta cíos, tugtar riaráistí cíosa ar an tsuim chíosa atá le híoc. |
| **Bailíocht an Fhógra Foirceanta (18%)** | Is é Fógra Foirceanta an cháipéis oifigiúil a chuireann deireadh le tionóntacht. Má tá Fógra Foirceannta le bheith bailí tá roinnt rialacha i bhfeidhm nach mór a leanúint.<br>Ní mór do na páirtithe sa tionóntacht cloí le tréimhsí fógra a shonraíonn an méid fógra atá le soláthar ag tionónta nó ag tiarna talún. Mura bhfuil dáta deiridh ag an tionóntacht agus má mhaireann sí níos mó ná 6 mhí ní féidir le tiarna talún an tionóntacht sin a fhoirceannadh ach ar sheacht bhforas ar leith.<br>Soláthraíonn an RTB samplaí Fógraí Foirceanta agus teimpléid litreacha rabhaidh ar a láithreán gréasáin mar aon le sonraí faoi thréimhsí fógra agus faisnéis maidir le Fógra Foirceanta bailí a sheirbheáil. |
| **Sárú ar Oibleagáidí Tiarna Talún (17%)** | Chun teacht ar eolas breise maidir le hoibleagáidí tiarnaí talún féach le do thoil ar láithreán gréasáin an RTB ag www.rtb.ie. |

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 20 san Aguisín.**

2 Tarraingíodh siar *1,144 iarratas neamhchríochnaithe le linn chéim an mheasúnaithe iarratais. Áirítear le hiarratais neamhchríochnaithe agus iarratais nach bhfuil dlínse ag an RTB, gurbh é an tiarna talún an t-iarratasóir ach nár cláraíodh é, nár chomhlíon sé critéir chás díospóide, nó nár fhreagair an t-iarratasóir nó nach ndeachaigh sé i ngleic leis an bpróiseas tar éis an t-iarratas a chur isteach.

## Cá fhad a thógann sé cás díospóide a réiteach?

B'ionann an meán-am próiseála do chásanna Idirghabhála in 2023 agus 9.93 seachtaine (8.87 seachtaine in 2022).

B'ionann an meán-am próiseála do chásanna Breithnithe in 2023 agus 22.66 seachtaine (20.45 seachtaine in 2022). B'ionann an meán-am próiseála do chásanna Binse agus 29.42 seachtain in 2023 (31.48 seachtaine in 2022).

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 21**

## Binse Cíosa

Ba é an Binse Cíosa, a bunaíodh i Lúnasa 1983, an comhlacht eadrána maidir le cíos agus téarmaí eile tionóntachta teaghaisí a chinneadh a bhí faoi rialú cíosa roimhe seo faoi na hAchtanna Srianta Cíosa 1960-1981. In 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíosa agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB. Tá gach comhalta Boird den RTB ina gcomhaltaí den Bhinse Cíosa. Tháinig Binse Cíosa an RTB le chéile uair amháin in 2023 agus eisíodh Ordú Cinnidh amháin.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 22**

## Forfheidhmiú Ordaithe

I gcás go bhfaigheann páirtí Ordú Cinntí, agus mura gcomhlíonann an páirtí eile an tOrdú, tá dhá rogha ann maidir le forghníomhú a dhéanamh.

Is féidir le páirtí sa bhun aighneas cúnamh a iarraidh ón RTB chun Ordú Cinnidh a fhorfheidhmiú sa Chúirt Dúiche.

Nó is féidir le páirtí sa bhun dhíospóid a gcásanna forfheidhmithe féin a thabhairt go díreach chuig an gCúirt Dúiche agus tairgeann an RTB tacaíocht do na páirtithe trí chomhaid cáis agus cruthúnais a thiomsú don chúirt. In 2023, as na 390 iarratas ar fhorfheidhmiú orduithe a fuair an RTB bhí Tiarnaí talún freagrach as 40%, bhí Tionóntaí freagrach as 57%, bhí dhá CCTanna ann (2%) agus d'iarr 7 ngrúpa tríú páirtí (1%) ar chuidiú.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 23 san Aguisín.**



**Meán-aga próiseála 2023:**


Cásanna Idirghabhála 9.93 seachtain

Cásanna breithnithe 22.66 seachtain

Binsí 29.42 seachtain



## Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Fhorfheidhmiú Orduithe




**Le haghaidh mionsonraithe breise ar an fhaisnéis seo, féach Tábla 24-30.**

# 3 Feidhm Faisnéise agus Sonraí an RTB



# Réamhrá

**Freastalaíonn an RTB ar réimse fairsing custaiméirí agus páirtithe leasmhara, idir tiarnaí talún, tionóntaí, agus gníomhairí leis Aire agus leis an Rialtas, le comhlachtaí stáit, leis na meáin, agus leis an phobal mhór. Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an RTB do chinntiú gur féidir lena chustaiméirí teacht ar eolas iontaofa nuair a theastaíonn sé uathu trí bhealaí inrochtana éagsúla.**

Cuidíonn an RTB le tuiscint níos fearr ar an earnáil cíosa a chur chun cinn trí shonraí tionóntachta a sholáthar, trí Innéacs Ráithiúil Cíosa RTB a tháirgeadh, agus trí chlár taighde RTB a sheachadadh.

Is feidhm de chuid an RTB é faisnéis a bhailiú agus a sholáthar ar an earnáil cíosa. Bailíonn an RTB sonraí ar an earnáil cíosa trí thionóntachtaí a chlárú (príobháideach, AHB, SSA) agus trí sheachadadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear soláthar Seirbhísí Réitigh Díospóidí agus faoi shainchúram Imscrúduithe agus Smachtbhannaí an RTB.

## Cén fáth go bhfuil baint aige sin leis an earnáil cíosa?

- Tá an dlí cíosa níos casta agus níos dúshlánaí le nascleanúint thar na blianta beaga anuas mar a rinneadh leasuithe ar an Acht i gcomhthéacs na géarchéime tithíochta. Trí eolas soiléir, gonta agus tráthúil a tháirgeadh cabhraítear le tiarnaí talún agus tionóntaí fanacht ar an eolas faoi na hathruithe seo agus faoi cad a chiallaíonn sé dá gcearta agus dá bhfreagrachtaí cíosa. Ina dhiaidh sin, cabhraíonn sé seo le díospóidí tionóntachta a chosc agus tá sé ag teacht le cur chuige rialála RTB maidir le tacú le comhlíonadh an dlí cíosa agus é a éascú.
- Tá an RTB in áit uathúil chun léargas a thabhairt ar an earnáil cíosa cónaithe toisc go bhfuil tacar cuimsitheach sonraí cíosa agus eolas ábhartha eile aige. Úsáideann an RTB na sonraí agus an fhaisnéis seo chun tuiscint níos fearr ar an earnáil cíosa a chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, measúnú a dhéanamh ar a dtionchair, agus bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi thorthaí bunaithe ar fhianaise.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Mar a luadh i gCaibidil 1, in 2022 bhí fadhbanna ionduchtaithe leis an gCóras Bainistíochta Tionóntachta Ar Líne a chruthaigh raon dúshlán do go leor tiarnaí talún agus gníomhairí a bhí ag iarraidh a dtionóntachtaí a chlárú. Mar thoradh air sin, bhí éileamh ann nár tharla riamh ar bhealaí sheirbhís do chustaiméirí an RTB, rud a d'fhág go raibh moill shuntasach, riaráistí, agus saincheisteanna freagartha ina lárionad teagmhála.

Ag tús 2023, bhí líon ard ríomhphost agus glaonna gutháin fós ag bealaí Sheirbhís do Chustaiméirí RTB ar an bhfadhb seo. Lean an RTB ar aghaidh ag athbhreithniú a bhealaí agus ag imscaradh acmhainní nuair is gá chun dul i ngleic leis na riaráistí gaolmhara. Tríd na hiarrachtaí seo faoi R2 2023 bhí amlínte an RTB chun glaonna agus ríomhphoist a fhreagairt ar ais ar an mbóthar ceart.

In 2023 fuair an RTB díreach faoi bhun 300,000 ceist ríomhphoist ar fud a bhoscaí isteach go léir. Fuair an RTB 215,582 glao freisin agus d'fhreagair 155,470. Faoi Mheitheamh tréigeadh 3% de ghlaonna mar gheall ar amanna feithimh.

**Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil féach Tábla 31 san Aguisín.**

## Gearáin ó Chustaiméirí

Fuair an RTB 678 gearán in 2023 i gcomparáid le 1180 in 2022. Is ionann é seo agus laghdú bliain i ndiaidh bliana 42% ar féidir é a chur i leith chobhsú an chórais bainistíochta tionóntachta ar líne. Tá an RTB tiomanta dá sheirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus líon na ngearán a fhaightear go bliantúil a laghdú.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 32 san Aguisín.**

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tá an RTB tiomanta do rannpháirtíocht éifeachtach agus bríomhar lena pháirtithe leasmhara. Tá dhá bhuntáiste leis seo; cuidiú le tuiscint an RTB a fheabhsú ar thosaíochtaí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara, agus cultúr eolais a chruthú freisin maidir le cearta agus freagrachtaí san earnáil cíosa.

Tá an RTB i dteagmháil go rialta le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála cíosa, lena n-áirítear eagraíochtaí ionadaíocha de thiarnaí talún, gníomhairí ligin, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna), soláthraithe Lóistín Sonracha do Mhic Léinn (SSAanna) agus tionóntaí. In 2023, ghlac an RTB páirt i 15 imeacht le páirtithe leasmhara.

Lean an RTB de nuashonruithe rialta a eisiúint i rith 2023 ar a liosta seoltaí páirtithe leasmhara aon uair a bhí faisnéis nua ann maidir le hathruithe reachtacha, taighde nua RTB nó faisnéis ábhartha eile.

## Fócas in 2023: Suíomh Gréasáin RTB a athsheoladh

Tá láithreán gréasáin an RTB (www.rtb.ie) ar cheann de na bealaí chumarsáide is tábhachtaí a úsáideann an RTB chun eolas a sholáthar don earnáil chíosa.


Tá an RTB mar chomhlacht poiblí tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Inrochtaineacht an Aontais Eorpaigh ar shuíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha de chuid Comhlachtaí na hEarnála Poiblí, Rialacháin 2020 agus do chur i bhfeidhm Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

In 2022, cuireadh tús le hobair ar shuíomh gréasáin nua a fhorbairt. Thosaigh Céim 1 den tionscadal seo sa tríú ráithe de 2022 nuair a críochnaíodh céim dhearadh an tsuímh ghréasáin nua. Tharla athsheoladh iomlán in 2023.

In 2023, is iad seo a leanas na figiúirí tráchta a bhí ag suíomh gréasáin an RTB:

- 714,442 d'úsáideoirí iomlán ar leith, i gcomparáid le 728,871 faoi dheireadh 2022, méadú de 2%
- 4.4 milliún amharc leathanaigh amach freisin ar an suíomh gréasáin in 24, méadú de 5.8% i gcomparáid le 2022.

**Shroich @ RTBinfo 1.5 milliún duine in 2023 freisin.**



## Na Meáin Shóisialta

Bunaíodh cuntas Twitter an RTB, @RTBinfo, in 2018. Ó shin i leith, lean an RTB lena láithreacht mheán sóisialta agus a n-idirchaidreamh leis na meáin shóisialta a fhás. Faoi dheireadh 2023, bhí méadú leantóirí ag @RTBinfo,

- 5,059 leantóir, méadú de 5% ar 4,810 leantóir ó bhí 2022 ann.
- Shroich an cuntas breis agus 1.5 milliún duine in 2023 freisin.

## Feachtas Fógraíochta

I rith 2023, sheachaid an RTB trí fheachtas feasachta poiblí straitéiseacha.

- **Feachtas Cuardaíochta 'Beo go Deo'**

  Is seirbhís fógraíochta Google é 'Beo go Deo' Ceann de na buntáistí a bhaineann leis an tseirbhís seo ná a chinntiú, nuair a dhéantar 'googled,' go n-ardaítear an RTB mar cheann de na torthaí cuardaigh is fearr a chuireann ar chumas custaiméirí teacht ar an eolas a theastaíonn uathu agus féinfhreastal seachas an t-ionad glaonna a úsáid.

- **Feachtas Mac Léinn**

  Ba é aidhm an fheachtais mic léinn agus soláthraithe tithíochta do mhic léinn a bhaint amach chun iad a chur ar an eolas faoina gcearta agus cóiríocht á ligean/tabhairt ar cíos acu. Feachtas digiteach amháin a bhí anseo agus bhain sé úsáid as cainéal nua don RTB trí fhógraí digiteacha a chur ar Sky TV. Chomh maith leis sin, chomhlíon an feachtas a dhualgas reachtúil trí fhógraí a bheith aige i nGaeilge agus i mBéarla.

- **Feachtais - Crios Brú Cíosa (RPZ)**

  Reáchtáil an RTB fógraí i nuachtáin áitiúla nuair a ainmníodh RPZanna nua. Bhí na fógraí seo le feiceáil i 15 pháipéar réigiúnacha arb é 595,097 a lucht léitheoireachta le chéile.

**Chun miondealú a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 33 san Aguisín.**

## Fiosrúcháin ó Chomhaltaí an Oireachtais

Tá bosca isteach ainmnithe ag an RTB do chomhaltaí an Oireachtais In 2023, fuair an RTB 484 ceist, is é sin laghdú 10% ar an líon a fuarthas in 2022.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 34 san Aguisín.**

## Sonraí agus Léargais

In 2023, ba é fócas an chláir taighde RTB ná úsáid a bhaint as sonraí agus taighde chun tuiscint níos fearr a chothú ar an earnáil cíosa, ar fhaireachán a dhéanamh ar na claontaí san earnáil agus chun beartais a chur in iúl. B'iad na príomhchodanna bainte le Clár Taighde an RTB in 2021 ná:

- Táirgeadh agus forbairt Innéacs Cíosa Ráithiúil an RTB.
- Suirbhéanna na hEarnála Cíosa i measc tiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin;

Agus,

- Forbairt an Ionad Taighde agus Sonraí atá ina hacmhainn idirghníomhach a thugann rochtain don phobal ar shonraí breise a bhailítear ag an RTB.

## Innéacs Cíosa an RTB

Coinníonn an RTB, trí shonraí clárúcháin tionóntachta, tacar sonraí cuimsitheach ar an earnáil cíosa cónaithe in Éirinn. Bunaithe ar shonraí ó thaifid clárúcháin tionóntachta RTB, a ndéanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) anailís neamhspleách orthu, soláthraíonn Innéacs Cíosa RTB táscairí cíosa a rianaíonn gluaiseachtaí i gcíosanna do thionóntachtaí nua agus tionóntachtaí reatha in earnáil cíosa phríobháideach na hÉireann. Tá sonraí ón Innéacs Ráithiúil Cíosa an RTB ar fáil ó 2007 go 2023 trí Mhol Taighde agus Sonraí an RTB. In 2023, d'fhoilsigh an RTB ceithre thuarascáil Innéacs Cíosa (R3, R4, 2022 agus R1, R2 2023).

## Suirbhé na hEarnála Cíosa

In 2023, d'fhoilsigh an RTB an dara suirbhé ar an earnáil cíosa le tiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin. Tá an taighde seo, arna ordú ag an RTB agus arna dhéanamh ag Amárach Research, ar cheann de na staidéir is mó riamh ar an earnáil cíosa príobháideach in Éirinn. Ba é cuspóir an tionscadail taighde ná:

- Cabhrú le próifíl chruinn a chruthú de thiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin san earnáil cíosa phríobháideach.
- Bonn fianaise de shonraí fíorasacha a bhunú do chohóirt tiarnaí talún agus tionóntaí san earnáil thar raon réimsí téamacha chun monatóireacht ar threochtaí thar am a éascú.
- Léargas a fháil ar iompraíochtaí agus tiománaithe do chodanna laistigh den earnáil cíosa agus bealaí chuig an staid reatha cíosa a ghabháil; agus,
- Tuarascálacha suirbhé láidir agus ionadaíoch a sheachadadh.

Tugann na tuarascálacha seo léargas cuimsitheach ar an margadh cíosa, a chlúdaíonn peirspictíocht na dtiarnaí talún, na dtionóntaí agus na ngníomhairí ligin.

## Mol Sonraí an RTB

Soláthraíonn an Mol Sonraí rochtain éasca ar fhaisnéis cothrom le dáta ar an earnáil cíosa a thaispeántar trí chairteacha agus léarscáileanna idirghníomhacha ar féidir iad a íoslódáil agus a roinnt. Soláthraíonn an Mol Sonraí agus léargasanna ar na réimsí seo a leanas:

- Leibhéil cíosa (Innéacs Cíosa).
- Tionóntachtaí príobháideacha agus tiarnaí talún. Tionóntachtaí Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHBanna):
- Tionóntachtaí Lóistín Sonrach do Mhic Léinn
- Fógra foirceanta (FF) atá seolta chuig RTB.
- Staitisticí um réiteach díospóide.
- Faisnéis phróifíle do thionóntaí agus tiarnaí talún (Suirbhé RTB ar an Earnáil Cíosa).

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun na sonraí is déanaí atá ar fáil a fheiceáil tabhair cuairt ar **https://www.rtb.ie/ data-hub.**

# 4 Struchtúr agus Rialachas Eagraíochtúil an RTB



# Réamhrá

**Tá an RTB tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil agus cloíonn sé leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.**

Is é an ról atá ag Bord an RTB ná treoir straitéiseach agus maoirseacht straitéiseach a chur ar fáil don eagraíocht.

Socraíonn an Bord na cuspóirí straitéiseacha, agus tugann an Stiúrthóir agus an fhoireann Fheidhmeannais i gcrích iad. Déanann an Bord cinntí straitéiseacha agus caiteachais tábhachtacha maidir le saincheisteanna gnó de réir mar a thagann siad chun cinn.

Cuireann an Stiúrthóir an plean straitéiseach, gach plean gnó bliantúil i bhfeidhm, agus bainistíonn sé an eagraíocht ar leibhéal oibríochta, ag tuairisciú don Bhord. Mar chomhlacht stáit, tá oibleagáidí áirithe reachtaíochta ar an RTB a thuairiscítear sa chaibidil seo, lena n-áirítear comhlíonadh na nEitic san Oifig Phoiblí, Íocaíochtaí Pras, agus forálacha Nochtadh Cosanta. Tuairiscíonn an RTB freisin ar a oibleagáidí cánachais, cosanta sonraí agus rialachais sa chaibidil seo.

Tugann an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird breac-chuntas ar fhreagrachtaí, ar chomhdhéanamh agus ar ghníomhaíochtaí an Bhoird agus Choistí an Bhoird agus tá príomhnochtadh faisnéise ann faoi ghníomhaíochtaí an RTB le linn 2023. Faoi dheireadh, is tuarascáil chuimsitheach iad na Ráitis Airgeadais Iniúchta agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar ghníomhaíochtaí airgeadais agus ar an timpeallacht rialaithe laistigh den RTB i rith na bliana.

## Cén fáth go bhfuil baint aige sin leis an earnáil cíosa?

- Tá freagracht ar an RTB, mar rialtóir don earnáil cíosa cónaithe, don phobal a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé a fheidhmeanna reachtúla i gcomhréir leis an dlí. Tá an RTB tiomanta freisin do fhreastal ar leas an phobail.
- D'fhonn tacú leis an sainordú seo, ní mór nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm ag an RTB agus creat rialachais a thacaíonn agus a dhearbhaíonn an obair a dhéantar.
- Chun tacú leis an earnáil cíosa, ní mór don RTB a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cearta agus an creat eagraíochtúil i bhfeidhm aige. Chun é seo a bhaint amach, earcaíodh foireann shinsearach bhreise agus rinneadh athruithe inmheánacha ar fhreagrachtaí bainistíochta lena chinntiú gur féidir le RTB a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr.
- Tá an RTB maoinithe ag táillí clárúcháin tionóntachta, táillí díospóidí agus maoiniú ón Státchiste. In 2023, bhí ioncam thart ar €24 mhilliún ag an RTB. Déanann an Bord maoirseacht ar an mbuiséad lena chinntiú go bhfuil luach ar airgead á chur ar fáil ag an eagraíocht ar mhaithe le leas an phobail.


## Fócas in 2023: Forbairt eagraíochta

Le roinnt blianta anuas, tá athrú agus leathnú suntasach tagtha ar an RTB, agus mar eagraíocht, leanadh ar aghaidh chun freastal ar riachtanais a páirtithe leasmhara.

In 2023, d'earcaigh an RTB, le tacaíocht ón Roinn, tríú Príomhoifigeach mar Leas-Stiúrthóir do sheirbhísí Digiteacha agus Sonraí. Tacóidh an ról breise seo ar leibhéal na ceannaireachta leis an RTB a shainordú a sheachadadh trína sheirbhísí digiteacha.

In 2023, bhí 118 ball foirne ag an RTB. Thug an RTB faoi fheachtais earcaíochta ag leibhéil an Phríomhoifigigh, an Phríomhoifigigh Chúnta, an Oifigigh Feidhmiúcháin agus na nOifigeach Cléireachais i rith 2023. Rinneadh 18 chomhalta nua foirne a earcú go rathúil, agus fuair 7 mball foirne eile ardú céime taobh istigh den eagraíocht. Áiríodh leis sin 3 ardú céime buana in 2023 (gach CO go EO) agus 4 ardú céime sealadacha eile chuig poist ghníomhacha (2 AP agus 2 HEO).

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar an bhfaisnéis seo féach Tábla 35 san Aguisín.**


Niall Byrne
Stiúrthóir
Karen Rowntree
Leas Stiúrthóir
Louise Loughlin
Leas Stiúrthóir
Lucia Crimin
Leas Stiúrthóir
Seirbhísí Corparáideacha
HR
TFC
Rialachas Faisnéise
Réiteach Díospóide
Gnóthaí Dlí
Iniúchadh Rialachais agus Riosca
Airgeadas agus Soláthar
Clárúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí
Imscrúduithe agus Smachtbhannaí
Taighde
Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

## Oiliúint

Tá an eagraíocht ag brath ar fhoireann shaineolaithe agus tiomanta. Tríd an gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS), aithnítear riachtanais oiliúna, agus tacaítear le baill foirne leas a bhaint as deiseanna oiliúna.

## An Fholláine

Tá an RTB tiomanta don chothromaíocht oibre agus saoil agus don fholláine a spreagadh i measc a fhoirne. Chomh maith leis sin, maoiníonn an RTB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) don fhoireann a sholáthraíonn rochtain ar chomhairleoireacht agus ar fhaisnéis

## Dualgas Comhionannais san Earnáil Phoiblí agus Chearta an Duine

Tá sé de cheangal ag alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, go gcuirfidh comhlachtaí poiblí, agus iad ag déanamh a bhfeidhmeanna uile, san áireamh an gá atá le:

- idirdhealú a dhíbirt.
- comhionannas deiseanna agus cóir lena bhfoirne agus leis na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn; agus,
- cearta daonna a chomhaltaí, a fhoireann agus a úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí béim ar neamh-idirdhealú, ar chomhionannas, agus ar chearta an duine, go háirithe sa phleanáil, sa cheapadh beartas, san fhostaíocht, sa soláthar seirbhíse agus sa soláthar. Éilíonn an Dualgas Earnála Poiblí seo ar chomhlachtaí poiblí gabháil níos faide ná cur chuige frithghníomhach i leith saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine agus tabhairt faoi chur chuige réamhghníomhach, agus é mar aidhm aige idirdhealú san ionad oibre agus saincheisteanna chearta an duine a sheachaint agus a mhaolú ar bhealach níos mó. Leanann an Coiste Stiúrtha RTB IHREC, a bunaíodh i 2021, ag cur treo ar chur chuige an eagraíochta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí. Déantar ionadaíocht ar gach aonad gnó de chuid an RTB ar an Choiste seo.

## Beartas um an Dínit ag an Obair

Tá an RTB tiomanta do dhínit agus meas a chosaint ar fud na heagraíochta agus cloíonn sé leis an mbeartas um Dhínit ag an obair a d'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2015. Is é aidhm an bheartais meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre.

## Oifigeach Rochtana

Tá an tOifigeach Rochtana freagrach as cúnamh agus treoir a sholáthar, nó a shocrú agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí a sholáthraíonn an RTB agus a fheidhmíonn go ginearálta mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar na seirbhísí. Bhí 25 ceist Oifigigh Rochtana in 2023.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Tagann an RTB faoi raon feidhme an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun na hAchtanna seo a chomhlíonadh. Nuair is gá, cuirtear ráitis leasa i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus ag an mbainistíocht shinsearach i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna. Iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird chun aon choinbhleachtaí leasa ar bith a dhearbhú ag tús gach cruinnithe de chuid an Bhoird agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtadh leanúnach leasanna.

## Íocaíochtaí pras

Tá an RTB feasach ar a chuid freagrachtaí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus an Rialachán um Íoc Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002, agus rinne sé nósanna imeachta iomchuí a bhunú chun a áirithiú go ndéantar íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacháin sin. Níor íoc an RTB aon ús ná pionóis a bhain le sonraisc a íocadh go déanach in 2023.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm san RTB freisin chun a áirithiú gur chomhlíonann sé gnéithe ábhartha uile an Chóid Chaiteachas Poiblí.

## Cánachas

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun a chinntiú go gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoin dlí cánachais agus go n-íoctar gach dliteanais chánachais ar nó roimh a ndátaí dlite.

## Soláthar

Leanann an RTB chun freagracht a ghlacadh as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar bhainistíocht na ngníomhaíochtaí soláthair, chun a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht nósanna imeachta soláthair náisiúnta agus AE. I rith 2023, cheadaigh an Stiúrthóir athnuachan le haghaidh 3 chonradh. Is iad sin:

- Innéacs Cíosa - Tuarascáil Mheánchíosa an RTB.
- Seirbhísí árachais ghinearálta.
- Párolla.

Tairgeadh conradh nua amháin in 2023 agus ba iad seo Seirbhísí Forbartha Eagraíochta. Tugadh faoi roinnt próiseas 'neamhfhoirmiúil,' faoi bhun na tairsí, iarratas ar luachana (RFQ) le linn na bliana ina raibh luach na seirbhísí níos lú ná 50 míle.

**Chun miondealú a fháil ar an bhfaisnéis airgeadais féach Tábla 36 san Aguisín.**

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Ní bhfuarthas aon iarratais faoi na rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol in 2023.


## Gníomhú ar son na hAeráide

Tugann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bonn dlí do ghníomhú ar son na haeráide ag an earnáil phoiblí. Éilíonn sé ar na comhlachtaí poiblí go léir a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le uaillmhian aeráide na hÉireann, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021 (CAP21) agus i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 (CAP23) an Rialtais, ionas go mbeidh an earnáil phoiblí ina cheannaire samplach, ag léiriú na ngníomhaíochtaí aeráide chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GHG) na hÉireann a laghdú de 51% faoi 2030. Chun an gealltanas seo a chomhlíonadh, d'eisigh an Rialtas an Tiomantas Gníomhaíochta Aeráide san earnáil phoiblí. Mar eagraíocht san earnáil phoiblí, tá sé de cheangal ag an RTB an sainordú a ghlacadh agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis a chur chun feidhme. Ghlac an RTB leis an sainordú sin go foirmiúil i mí na Nollag 2022.

Is é ceann de na gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin sainordú ná Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm. Cuireann an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide in iúl cén dóigh a bheas an RTB ag iarraidh ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 a chomhlíonadh agus a spriocanna éifeachtachta carbóin agus fuinnimh 2030 a bhaint amach.

Tá an treochlár bunaithe ar na ceithre bhunchloch atá leagtha amach i dTreoir Treochláir Ghníomhaíochta Aeráide na gComhlachtaí Poiblí: Ár nDaoine, Ár Spriocanna, Ár Modh Oibre agus Ár bhFoirgnimh. Tá an RTB tiomanta dá chinntiú go bhfuil na huirlisí, an oiliúint agus an spreagadh ag an bhfoireann chun bearta níos inbhuanaithe a thabhairt isteach laistigh dá saol oibre sa RTB, agus céimeanna dearfacha inbhuanaitheachta a spreagadh ina saol laethúil, de réir Shainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Trí Phlean Gníomhaíochta a bhunú, déanfar na réimsí go léir laistigh den RTB a mheas faoi na ceithre chatagóir/ bhunchloch, Ár ndaoine, Ár spriocanna, Ár modh oibre agus Ár bhfoirgnimh. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmeanna gnó aonair chun a fháil amach an féidir bearta níos inbhuanaithe a thabhairt isteach, agus croísheirbhís RTB a choinneáil don phobal i gcónaí.



> **Tugann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bonn dlí do ghníomhú ar son na haeráide ag an earnáil phoiblí.**

## Rialachas Faisnéise

In 2023 bhunaigh an RTB Aonad Rialachais Faisnéise nua, chun a chinntiú go bhfuil an RTB ag bainistiú an chaoi a mbailítear agus a roinntear a chuid faisnéise de réir na reachtaíochta ábhartha go léir.

### Cosaint Sonraí agus GDPR

In 2023, phróiseáil an RTB 50 Iarratas ar Rochtain Ábhair, 19 léirscriosadh sonraí agus 28 n-iarratas ar cheartú sonraí. Cuireadh 16 sárú sonraí in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

### Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin Chomhshaol

In 2023 rinne an RTB 94 iarratas ar Shaoráil Faisnéise a phróiseáil agus d'fhoilsigh sé na hiarratais sin ar shuíomh gréasáin an RTB ar bhonn ráithiúil.

### Nochtadh faoi Chosaint

Rinne fostaí RTB amháin nochtadh cosanta amháin faoi théarmaí na reachtaíochta seo in 2023.

### Teagmháil leis an Ombudsman

Le linn 2023 tháinig feabhas suntasach ar sheirbhísí do chustaiméirí an RTB maidir le tionóntachtaí a chlárú mar a tuairiscíodh i gCaibidil 4. 71, ach rinne 71 custaiméir gearáin leis an Ombudsman maidir le tionóntachtaí agus saincheisteanna gaolmhara a chlárú. Tugadh aghaidh iomlán ar na gearáin seo go léir agus réitíodh iad.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Comhlíonann gach feachtas fógraíochta RTB na hoibleagáidí faoi s10A den Acht seo. Comhlíonann an RTB a riachtanas reachtúil freisin trí gach foirm ar líne a fhoilsiú i nGaeilge.

**Chun miondealú níos mionsonraithe a fháil ar Rialachas Faisnéise féach Tábla 37 san Aguisín.**



# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Bhoird Um Thionóntachtaí Cónaithe

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023



# Clár Ábhair


**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 38**

Rialachas 38

Freagrachtaí an Bhoird 38

Struchtúr an Bhoird 39

Coistí an Bhoird 40

Sceideal de Tháillí, Tinreamh agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird 42

An Coiste um Réiteach Díospóide 44

Painéal na mBreithneoirí agus na nIdirghabhálaithe 45

Painéal na gCinnteoirí 46

Príomhathruithe Pearsanra: 46

Nochtadh a Éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) 46

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach 49**

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 49

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach 49

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe 49

Creat Riosca agus Rialaithe 49

Struchtúr Eagrúcháin 51

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach 52

Rialachas 52

Soláthar 53

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht 53

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh 53

Conclúid 55

**Ráitis Airgeadais 56**

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 56

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe 60

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 61

Ráiteas ar Staid Airgeadais 62

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais 63

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 64

# Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB") faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) ("an tAcht"). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 8 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus tá sé freagrach as go n-áirítear an dea-rialachas san RTB. Feidhmíonn an Bord an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos don eagraíocht agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le príomhchúrsaí gnó uile.

Is é Stiúrthóir an RTB agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh an RTB ó lá go lá. Leanann an Stiúrthóir agus a bhfoireann an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhcheisteanna na heagraíochta, ar na cineálacha cinntí nach mór don Bhord a dhéanamh, agus ar na rioscaí suntasacha go léir a bhíonn roimh an eagraíocht. Feidhmíonn Stiúrthóir an RTB mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an RTB agus tá líne tuairiscithe aige do Chathaoirleach an Bhoird.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir Stiúrthóir an RTB, Niall Byrne, in iúl do Chathaoirleach an Bhoird go raibh sé ar intinn aige éirí as oifig. D'éirigh sé as ar an 31 Eanáir 2024. Cheap an Bord Owen Keegan mar Stiúrthóir Eatramhach ar an RTB ar an 26 Feabhra 2024, go dtí go gceapfar Stiúrthóir nua go foirmiúil. Ar an 16 Bealtaine 2024, tar éis próiseas earcaíochta oscailte, d'aontaigh an Bord, faoi réir cheadú an Aire, Rosemary Steen a cheapadh mar Stiúrthóir ar an RTB. Táthar ag súil go gceapfar go foirmiúil í de réir fhorálacha Alt 160 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus go nglacfaidh sí a ról mar Stiúrthóir ar an RTB i mí Mheán Fómhair 2024.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i mBuanorduithe an Bhoird (Cruinnithe a Dhéanamh) agus sa sceideal gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil le haghaidh chinneadh an Bhoird. Go ginearálta corpraítear leo sin na feidhmeanna atá dílsithe sa Bhord faoin Acht, cinntí rialachais amhail ceapadh chomhaltaí an Bhoird nó faomhadh beartas, príomhchinntí straitéiseacha agus airgeadais amhail faomhadh pleananna, nó gealladh acmhainní suntasacha, agus maoirseacht ar riosca maidir le gníomhaíochtaí an RTB.

Tá an RTB freagrach as reachtaíocht agus beartas an Rialtais a bhaineann leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos a chur i bhfeidhm go díreach. Tá ról gar-bhreithiúnach agus rialála aige agus tá sé neamhspleách sna feidhmeanna cinnteoireachta dá chuid. Mar sheirbhís ghar-bhreithiúnach, déanann an Bord tiomantas suntasach maidir le cinntí áirithe a mhaoirsiú. Mar aon lena gnáthchruinnithe Boird, tagann an Bord le chéile freisin chun cinntí a bhreithniú chun a ról gar-bhreithiúnach a chomhlíonadh.

Le linn 2023, tháinig an Bord le chéile 30 uair (35 in 2022), le haghaidh gnáthchruinnithe Boird agus i gcruinnithe chun déileáil le hábhair a bhaineann lena ról gar-bhreithiúnach. Thionóil an Bord 13 ghnáthchruinniú Boird agus 17 chruinniú an Bhoird um Dhíospóidí Tionóntachta. Ar na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord ag gach gnáthchruinniú Boird tá dearbhuithe leasa bhaill an Bhoird, riosca, cúrsaí airgeadais, tuarascáil ón Stiúrthóir, nuashonruithe ar aonaid ghnó, miontuairiscí cruinnithe, agus tuarascálacha Coiste.

Éilíonn Alt 177 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) do Bhord an RTB go coimeádann sé gnáthchuntais chuí d'airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé agus a d'fhéadfadh a bheith formheasta ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta le toil an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an RTB:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Ailt 177 go 179 den Acht. Tá an Bord freagrach as cothabháil a dhéanamh ar an fhaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá ar fail ar shuíomh gréasáin an RTB agus as iontaofacht na faisnéise sin.

Tá an Bord freagrach as plean gnó bliantúil agus buiséad bliantúil an RTB a fhaomhadh agus as monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht. I rith 2023 rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht an RTB i gcoinne an bhuiséid agus fuair sé tuarascálacha rialta ón bhfoireann bainistíochta maidir le feidhmíocht i gcoinne an phlean gnó.

Cuireadh an Bord ar an eolas faoin toradh airgeadais deiridh do 2023 ag a chruinniú ar 28 Márta 2024.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an RTB léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2023.

## Struchtúr an Bhoird

Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus 11 gnáthchomhalta, a bhí ceaptha ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta. Ceapadh Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhsí athraitheacha agus buaileann siad le chéile ar bhonn míosúil. Ag deireadh 2023 bhí folúntas amháin ar an mBord. Chríochnaigh an RTB anailís ar bhearna scileanna an Bhoird in 2024 a úsáidfear chun bonn eolais a chur faoin earcaíocht do chomhaltaí nua Boird.

Sonraítear sa tábla ar an leathanach seo a leanas faisnéis an cheapacháin do chomhaltaí an Bhoird i rith 2023. Rinne an tAire an bheirt Patricia O'Sullivan Lacy agus Colin Potts a athcheapadh don dara téarma ar an mBord a mhairfidh ón 22 Iúil 2023 go dtí an 21 Iúil 2027.

| Ainm | Cineál Ballraíochta | Téarma |
|---|---|---|
| Tom Dunne | Cathaoirleach | 01 Deireadh Fómhair 2019 – 31 Lúnasa 2024 |
| Mary O'Donovan | Comhalta an Bhoird | 01 Iúil 2020 – 30 Meitheamh 2024 |
| Justin O'Brien | Comhalta an Bhoird | 01 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2026 |
| Paddy Gray | Comhalta an Bhoird | 01 Lúnasa 2021 - 30 Iúil 2026 |
| Julia Carmichael | Comhalta boird | 01 Nollaig 2022 – 30 Samhain 2027 |
| Audry Deane | Comhalta boird | 23 Aibreán 2021 – 22 Aibreán 2026 |
| James Doorley | Comhalta an Bhoird | 23 Aibreán 2021 – 22 Aibreán 2026 |
| Patricia O'Sullivan Lacy | Comhalta boird | 22 Iúil 2019 – 21 Iúil 2023<br>22 Iúil 2023 – 21 Iúil 2027 |
| Colin Potts | Comhalta boird | 22 Iúil 2019 – 21 Iúil 2023<br>22 Iúil 2023 – 21 Iúil 2027 |
| Paul Dunne | Comhalta boird | 07 Feabhra 2022 – 06 Feabhra 2027 |
| Sheila O'Riordan | Comhalta boird | 07 Feabhra 2022 – 06 Feabhra 2027 |

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí cúigear ban agus seisear fear ar an mBord, agus post amháin folamh. Comhlíonann an Bord mar sin sprioc an Rialtais le haghaidh ionadaíocht íosta 40% i gcomhair gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

Is chun an chothromaíocht inscne a chothabháil, agus chun í a thacú ar an mBord seo atá na bearta seo a leanas dréachta chun:

- Tarraingeofar aird an Aire ar an sprioc atá ag an Rialtas ionadaíocht 40% den dá inscne a bhaint amach ar gach uile Bhord Stáit nuair a dhéantar aighneachtaí le haghaidh ceapachán ar an mBord.
- Tarraingeofar aird an Aire ar mheascán inscne an Bhoird faoi láthair nuair a dhéantar aighneachtaí le haghaidh ceapachán ar an mBord.

## Coistí an Bhoird

Cuidíonn líon Coistí Boird leis an mBord ina ról maoirseachta ina gcuimsítear comhaltaí boird agus comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí sin machnamh grinn a dhéanamh ar ábhair áirithe agus soláthraíonn siad comhairle chun cuidiú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí ó chruinnithe Choistí an Bhoird ar an mBord chun é a choinneáil ar an eolas maidir le hobair na gCoistí.

Déanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar Choistí an Bhoird chun a n-éifeachtacht a bhreithniú i gcoinne na dtéarmaí tagartha dá gcuid. I rith 2023, bhí na Coistí Boird a leanas i bhfeidhm ag an mBord:

- An Coiste Iniúchóireachta 7 Riosca
- An Coiste Reachtaíochta
- An Coiste Taighde
- Fochoiste Rialachais TFC
- Meitheal Oibre Choiste Feidhmiúcháin an Bhoird RTB
- Fochoiste - Pleanáil Comharbais an Stiúrthóra
- Binse Cíosa an RTB
- An Choiste um Alt 189

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("ARC") comhdhéanta de thriúr comhalta an Bhoird agus beirt bhall seachtrach ag a bhfuil scileanna agus saineolas feidhmiúcháin ar bhainistíocht riosca, ar rialachas agus ar airgeadas. Reáchtáil an ARC ocht gcruinniú i rith 2023. Tuairiscíonn an ARC don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Paul Dunne (Cathaoirleach), Colin Potts, James Doorley, agus an bheirt bhall sheachtracha Catherine Comer agus Shane O'Keeffe. Ceapadh Sheila O'Riordan ar an gcoiste le linn na bliana agus d'éirigh sí as a post ina dhiaidh sin le linn 2023. Tháinig deireadh le téarma Julia Carmichael le linn 2023 agus tháinig deireadh le téarma Shane O'Keeffe go luath in 2024.

Tá sceideal tinrimh an Choiste i rith 2023 ar an tábla seo a leanas.

| Comhalta an choiste | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---:|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **8** |
| Paul Dunne - Bord *(Ceaptha ina Chathaoirleach ar an 09 Feabhra 2023)* | 7 |
| Colin Potts – Bord | 7 |
| James Doorley – Bord – *(Ceaptha ar an 14 Meán Fómhair 2023)* | 1 |
| Sheila O'Riordan Bord *(Ceaptha ar an 9 Feabhra 2023 & d'éirigh sí as ar an 05 Iúil 2023)* | 5 |
| Catherine Comer - Seachtrach | 7 |
| Shane O' Keeffe – Seachtrach | 8 |
| Julia Carmichael – Bord *(Téarma críochnaithe ar an 24 Feabhra 2023)* | 3 |
| * Mary O'Donovan - Bord | 3 |
| * Justin O'Brien – Bord | 1 |

**D'fhreastail comhaltaí an Bhoird Mary O'Donovan agus Justin O'Brien ar chruinnithe ARC ar iarratas ón gCathaoirleach le linn 2023.*

## An Coiste Reachtach

Cuirtear de shainchúram ar an gCoiste Reachtach chun cuidiú leis an mBord maidir le gnóthaí dlíthiúla agus reachtacha a bhreithniú. Tá triúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha ar an gCoiste Reachtach. Ní raibh cruinniú ar bith ag an gCoiste Reachtach le linn 2023.

## An Coiste Taighde

Cuireann an Coiste Taighde treoir straitéiseach agus maoirseacht ar fáil d'fhorbairt agus do sheachadadh chlár taighde an RTB. Tháinig an coiste le chéile trí huaire i rith 2023. Ba iad comhaltaí an choiste amhail an 31 Nollaig 2023 comhaltaí an Bhoird Paddy Gray (Cathaoirleach), Justin O'Brien, Audry Deane agus James Doorley, agus ba iad na comhaltaí sheachtracha John McCartney, Lorcan Sirr, Christine Whitehead agus Alan Martin. Scoir an comhalta seachtrach roimhe seo, Sinead Kelleher, de bheith ina comhalta nuair a d'athraigh sí fostóir le linn 2022.

| Comhalta an choiste | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **3** |
| Paddy Gray – Bord | 3 |
| Justin O'Brien - Bord | 1 |
| Audry Deane - Bord | 2 |
| James Doorley – Bord | 2 |
| John McCartney – Seachtrach | 1 |
| Lorcan Sirr – Seachtrach | 2 |
| Christine Whitehead - Seachtrach | 3 |
| Alan Martin – Seachtrach (Ceaptha ar an 09 Feabhra 2023) | 2 |

## Coiste Rialachais TFC

Bhunaigh an Bord an Coiste Rialachais TFC ar an 12 Eanáir 2023. Cuireann an Coiste seo maoirseacht agus dearbhú ar fáil do Bhord an RTB maidir le rialachas agus seachadadh tionscadal TFC, agus cuireann sé saineolas agus treoir ar fáil freisin maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le TFC de chuid an RTB. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire déag i rith 2023. Ba iad baill an Choiste amhail an 31 Nollaig 2023 ná comhaltaí Boird Justin O'Brien (Cathaoirleach), Paul Dunne agus Paddy Gray agus na comhaltaí seachtracha Ken Jordan agus Mihai Bilauca. D'éirigh Máire Uí Dhonnabháin as an gCoiste le linn na bliana.

| Comhalta an choiste | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **15** |
| Justin O'Brien – Bord (Ceaptha ar an 12 Eanáir 2023) | 15 |
| Paul Dunne – Bord (Ceaptha ar an 12 Eanáir 2023) | 12 |
| Mary O'Donovan – Bord (Ceaptha ar an 12 Eanáir 2023 agus d'éirigh sí as ar an 13 Deireadh Fómhair 2023) | 11 |
| Paddy Gray – Bord (Ceaptha ar an 21 Samhain 2023) | 1 |
| Ken Jordan – Seachtrach (Ceaptha ar an 12 Eanáir 2023) | 14 |
| Mihai Bilauca – Seachtrach (Ceaptha ar an 12 Eanáir 2023) | 10 |

## Meitheal Oibre Choiste Feidhmiúcháin an Bhoird RTB

Bunaíodh Grúpa Oibre Feidhmiúcháin Bhord an RTB ar an 23 Meitheamh 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta an Bhoird d'fhonn feabhsuithe ar fheidhmiú an Bhoird a shainaithint. Tháinig an Meitheal Oibre le chéile sé huaire i rith 2023. Tá an Meitheal Oibre comhdhéanta de bhaill an Bhoird, is iad Audry Deane (Cathaoirleach), Colin Potts agus Paddy Gray, agus Rúnaí an Bhoird Louise Loughlin.

| Comhalta an choiste | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **6** |
| Audry Deane - Bord | 6 |
| Colin Potts – Bord | 5 |
| Paddy Gray – Bord | 6 |
| Louise Loughlin - Feidhmeannach | 6 |

### Fochoiste - Pleanáil Comharbais an Stiúrthóra

Bunaíodh an Fochoiste um Pleanáil Comharbais an Stiúrthóra ar an 09 Samhain 2023 chun cabhrú leis an mBord a fhreagracht a chomhlíonadh Stiúrthóir a earcú agus a cheapadh don RTB mar atá leagtha amach in alt 160 den Acht. Tháinig an Fochoiste le chéile ceithre huaire i rith 2023. Tá baill an Bhoird Tom Dunne (Cathaoirleach), Paul Dunne agus Julia Carmichael ar an bhFochoiste.

| Comhalta an choiste | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---:|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **4** |
| Tom Dunne (Cathaoirleach) - Bord | 4 |
| Paul Dunne - Bord | 4 |
| Julia Carmichael - Bord | 3 |

### Binse Cíosa an RTB

Bunaíodh an Binse Cíosa i 1983 chun cinneadh a dhéanamh ar chíos agus ar théarmaí tionóntachta eile le haghaidh teaghaisí áirithe a bhí faoi rialú cíosa roimhe sin faoi na hAchtanna Srianta Cíosa (1960 – 1981). In 2016, dhíscaoileadh an Binse Cíosa ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004, arna leasú). Tá Binse Cíosa RTB comhdhéanta de gach ball Boird le linn a dtréimhse mar bhaill de Bhord RTB agus ní thagann sé le chéile ach amháin de réir mar is gá. Tháinig Binse Cíosa an RTB le chéile uair amháin in 2023.

### An Choiste um Alt 189

Tá an Coiste um Alt 189 comhdhéanta de chomhaltaí uile an Bhoird ar feadh a dtéarmaí oifige mar chomhaltaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní thagann sé le chéile ach amháin nuair a éilítear ag imthosca atá forordaithe in alt 189 den Acht chun a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh ar na Cúirteanna le haghaidh faoiseamh idirbhreitheach i gcásanna díshealbhuithe mídhleathacha líomhnaithe ag tiarnaí talún. Tháinig Coiste Alt 189 le chéile dhá uair in 2023.

Tá tinreamh chomhaltaí an Bhoird ar Choiste Alt 189 leagtha amach sa tábla dar teideal Tinreamh ar Chruinniú Chomhaltaí an Bhoird in 2023 níos déanaí sa Ráiteas Rialachais seo.

## Sceideal de Tháillí, Tinreamh agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Le linn 2023 íocadh €117,793 (€ 126,219 in 2022) le baill an Bhoird as a bhfreastal ar chruinnithe. Áirítear leis an méid sin táillí as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí, as páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna agus in agallaimh, agus as a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar chomhaltaí an Bhoird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a shocraíonn na táillí. Athraíodh bonn na dtáillí do Chathaoirleach an RTB agus do chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana le héifeacht ón 01 Iúil 2023. Tá bonn na dtáillí atá i bhfeidhm ón 01 Iúil 2023 leagtha amach sa tábla thíos (agus an bonn táillí roimhe seo idir lúibíní). Tá táillí faoi réir ag baill an Bhoird á nglacadh páirt i gcruinnithe breise ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról gar-bhreithiúnach.

| Sceideal de Tháillí Chomhaltaí an Bhoird | Cathaoirleach | Comhalta |
|---|---|---|
| An méid bliantúil d'obair ar an mBord agus as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe na gCoistí | €11,970 (€8,978) | €7,695 (€5,985) |
| An méid bliantúil do chruinnithe ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról gar-bhreithiúnach | €4,708 (€7,700) | €3,540 (€5,250) |

Sna táblaí thíos agus ar an leathanach a leanas leagtar amach táillí agus speansais bhaill an Bhoird a íocadh le haghaidh 2023 mar aon le tinreamh bhaill an Bhoird ag cruinnithe i rith na bliana.

## Táillí agus Speansais Chomhalta an Bhoird 2023

| Comhalta Boird | Obair an Bhoird | Taisteal & Cothabháil | Iomlán (Táillí & Speansais) |
|---|---:|---:|---:|
| Tom Dunne | €16,678 | €0 | €16.678 |
| Mary O’Donovan | €11,235 | €2,049 | €13,284 |
| Justin O’Brien | €11,235 | €0 | €11,235 |
| Paul Dunne | €11,235 | €354 | €11,589 |
| Paddy Gray | €11,235 | €1,098 | €12,333 |
| Julia Carmichael | €0 | €0 | €0 |
| Audry Deane | €11,235 | €53 | €11,288 |
| James Doorley | €11,235 | €41 | €11,276 |
| Patricia O'Sullivan Lacy | €11,235 | €184 | €11,419 |
| Colin Potts | €11,235 | €0 | €11,235 |
| Sheila O’Riordan | €11,235 | €3,757 | €14,992 |
| **Iomlán** | **€117,793** | **€7,536** | **€125,329** |

D'fhonn an prionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' a chomhlíonadh, níor íocadh táillí boird le Julia Carmichael. I gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, aisíocadh €7,536 san iomlán le comhaltaí an Bhoird as taisteal agus cothabháil a tabhaíodh as freastal ar chruinnithe agus oiliúint.

## Tinreamh na mBall Boird ar Chruinnithe in 2023

| Comhalta Boird | Cruinniú Boird | Cruinniú an Bhoird um Dhíospóidí | An Coiste Iniúchóireachta 7 Riosca | An Coiste Reachtaíochta | An Coiste Taighde | Fochoiste Rialachais TFC | Meitheal Oibre Feidhmiúcháin Bhord an RTB | Fochoiste Pleanála Comharbais an Stiúrthóra RTB | Binse Cíosa an RTB | An Choiste um Alt 189 |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|---:|---:|---:|---:|---:|
| **Cruinnithe a Tionóladh** | **13** | **17** | **8** | **0** | **3** | **15** | **6** | **4** | **1** | **2** |
| Tom Dunne | 13 | 14 | | | | | | 4 | 1 | 1 |
| Mary O’Donovan* | 13 | 12 | 3 | | | 11 | | | 1 | 2 |
| Justin O’Brien | 12 | 12 | 1 | | 1 | 15 | | | | |
| Paul Dunne | 11 | 12 | 7 | | | 12 | | 4 | | 1 |
| Paddy Gray* | 13 | 14 | | | 3 | 1 | 6 | | | |
| Julia Carmichael | 8 | 5 | 3 | | | | | 3 | | |
| Audry Deane | 11 | 14 | | | 2 | | 6 | | | |
| James Doorley* | 11 | 13 | 1 | | 2 | | | | | 1 |
| Patricia O’Sullivan Lacy | 11 | 15 | | | | | | | | 2 |
| Colin Potts | 13 | 15 | 7 | | | | 5 | | | 2 |
| Sheila O’Riordan* | 13 | 11 | 5 | | | | | | 1 | |

## An Coiste um Réiteach Díospóide

Is é an Coiste Réitigh Díospóidí ("DRC") an painéal as a dtarraingítear baill na Binsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr ag freastal. Ós rud é nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí Binse seachas amháin chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí, comhlíonann baill an DRC feidhm gar-bhreithiúnach tábhachtach. Bhí 1008 éisteacht Bhinse ann in 2023. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar chomhalta a phainéil atá ar fáil, agus is féidir leo í a glacadh nó a dhiúltú. Íoctar baill an bhinse ar sceideal táillí bunaithe ar fhreastal na n-éisteacht acu agus ar scríobh na dtuarascáil acu agus an méid airgid sin idir €506 agus €1,195, ag bráth ar cháil freastail bhall an Bhinse (Cathaoirleach nó comhalta) agus sa chás gur bhain an Binse a saolré amach nó sa chás fosta go meastar é a tharraing siar. Leis an tábla thíos taispeántar íocaíochtaí le baill an Bhinse le haghaidh 2023.

### Táillí Bhaill an Bhinse 2023

| Ainm | Táillí | Oiliúint | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Andrew Nugent | €33,696 | €196 | €33,892 |
| Anne Leech | €44,270 | €196 | €44,466 |
| Brian Murray | €47,001 | €0 | €47,001 |
| Ciara Doyle | €52,501 | €196 | €52,697 |
| Dairine Mac Fadden | €52,105 | €196 | €52,301 |
| Dervla Quinn | €69,467 | €196 | €69,663 |
| Elizabeth Maguire | €2,390 | €0 | €2,390 |
| Eoin Byrne | €57,935 | €196 | €58,131 |
| Finian Matthews | €56,190 | €196 | €56,386 |
| Fintan McNamara | €54,139 | €196 | €54,335 |
| Healy Hynes | €71,523 | €0 | €71,523 |
| Helen Claire O'Hanlon | €49,247 | €0 | €49,247 |
| Hugh Markey | €32,890 | €0 | €32,890 |
| Jack Nicholas | €506 | €0 | €506 |
| James Egan | €58,479 | €196 | €58,675 |
| John Keane | €22,961 | €196 | €23,157 |
| John Keaney | €62,193 | €0 | €62,193 |
| Karen Ruddy | €57,439 | €0 | €57,439 |
| Louise Moloney | €41,064 | €196 | €41,260 |
| Mary Doyle | €37,004 | €196 | €37,200 |
| Maureen Cronin | €44,447 | €0 | €44,447 |
| Michael Vallely | €40,890 | €0 | €40,890 |
| Michelle O'Gorman | €80,166 | €196 | €80,362 |
| Niall Buckley | €6,812 | €0 | €6,812 |
| Owen Donnelly | €4,764 | €0 | €4,764 |
| Peter Shanley | €48,898 | €0 | €48,898 |
| Roderick Maguire | €27,418 | €0 | €27,418 |
| Rosemary Healy Rae | €38,839 | €196 | €39,035 |
| Suzy Quirke | €53,294 | €0 | €53,294 |
| **Iomlán** | **€1,248,528** | **€2,744** | **€1,251,272** |

## Painéal na mBreithneoirí & na n-Idirghabháluithe

Is feidhm thábhachtach í de chuid an RTB seirbhís réitigh díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do thríú páirtithe. D'fhonn neamhchlaontacht a áirithiú sa phróiseas réitigh díospóidí, ceaptar na breithneoirí agus na n-idirghabhálaithe ar ár bpainéal go neamhspleách, agus cuireann siad a gcuid feidhmeanna chun feidhme i gcáil neamhspleách. Íoctar buntáille de €616 in aghaidh an lae do thrí héisteacht, nó, €616 chomh maith do thrí idirghabháil ar theileafón. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar dhuine den phainéal atá ar fáil, agus is féidir leis í a glacadh nó a dhiúltú. Sa tábla thíos taispeántar na híocaíochtaí a rinneadh le Breithneoirí/Idirghabhálaithe le haghaidh 2023.

### Táillí Bhreithneoirí / Idirghabhálaithe 2023

| Ainm | Táillí | Oiliúint | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Aisling Ryan | €1,848 | €196 | €2,044 |
| Alan Brady | €36,344 | €196 | €36,540 |
| Anne Marie Giblin | €24,640 | €588 | €25,228 |
| Avril O'Meara | €9,856 | €0 | €9,856 |
| Brian Whelan | €26,488 | €392 | €26,880 |
| Cathrina Keville | €49,896 | €196 | €50,092 |
| Ciaran Joyce | €34,496 | €588 | €35,084 |
| David Duncan | €54,208 | €196 | €54,404 |
| David McParland | €19,712 | €196 | €19,908 |
| Donagh Farrell | €616 | €0 | €616 |
| Donald Menzies | €27,720 | €392 | €28,112 |
| Eithne Corry | €616 | €392 | €1,008 |
| Emma Barry | €23,408 | €392 | €23,800 |
| Emma Foley | €6,776 | €0 | €6,776 |
| Emma Slattery | €16,632 | €0 | €16,632 |
| Fiona Walsh | €1,232 | €392 | €1,624 |
| Frank Brady | €71,456 | €392 | €71,848 |
| Georgina Farren | €40,656 | €0 | €40,656 |
| Grainne Quinn | €2,464 | €392 | €2,856 |
| John Noonan | €28,952 | €588 | €29,540 |
| Linda Brophy | €5,544 | €392 | €5,936 |
| Louise Beirne | €20,944 | €196 | €21,140 |
| Mark Kane | €95,524 | €392 | €95,916 |
| Mema Byrne | €10,472 | €0 | €10,472 |
| Michael Landers | €27,104 | €196 | €27,300 |
| Michael MacNamee | €47,432 | €392 | €47,824 |
| Niamh McHugh | €14,168 | €196 | €14,364 |
| Niamh O'Doherty | €23,408 | €392 | €23,800 |
| Orla Ryan | €16,016 | €0 | €16,016 |
| Sarah Brophy | €32,648 | €588 | €33,236 |
| Shaun Smyth | €74,536 | €392 | €74,928 |

| Ainm | Táillí | Oiliúint | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Simon Brady | €22,792 | €196 | €22,988 |
| Sinéad Fitzpatrick | €47,432 | €392 | €47,824 |
| Steven Dixon | €75,768 | €392 | €76,160 |
| Susan Applebe | €27,104 | €588 | €27,692 |
| Thomas Dowling | €1,848 | €196 | €2,044 |
| Una Ni Chathain | €52,360 | €196 | €52,556 |
| Ursula Condon Flynn | €26,488 | €196 | €26,684 |
| **Iomlán** | **€1,099,604** | **€10,780** | **€1,110,384** |

## Painéal na gCinnteoirí

Mar chuid dá fheidhm rialaithe, bíonn cumhachtaí ag an RTB chun tiarna talún a Fhiosrú agus Pionós a Ghearradh orthu i gcás go sáraíonn siad codanna den dlí cíosa, rud a thugtar iompar míchuí orthu. Is é painéal na gCinnteoirí a dhéanann an cinneadh, bunaithe ar thorthaí an phróisis imscrúdaithe, ar tharla iompar míchuí agus ar mhéid aon smachtbhanna. Má fhaightear amach go bhfuil iompar míchuí déanta ag tiarna talún is féidir smachtbhanna a chur i bhfeidhm ar rabhadh i scríbhinn é agus/nó fíneáil suas le €15,000 agus suas le €15,000 i gcostais freisin. Is ionann na Cinnteoirí agus gairmithe dlí neamhspleácha a thugann aghaidh ar an ról seo ar bhonn féinrialaitheach. Ní mór na cinntí a dhéanann na Cinnteoirí a bheith dearbhaithe sa Chúirt Chuarda. Íoctar táille comhréidh de €340 in aghaidh an chinnidh agus €340 in aghaidh an lae leis na Cinnteoirí má bhíonn orthu freastal ar an gCúirt. Tá na táillí a íocadh sa bhliain 2023 leagtha amach thíos.

### Táillí na gCinnteoirí 2023

| Ainm | Táillí | Oiliúint | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Angela Becker | €10,540 | €196 | €10,736 |
| Cynthia Lennon | €6,120 | €0 | €6,120 |
| Margaret Browne | €12,240 | €196 | €12,436 |
| Susan Ahern | €11,900 | €196 | €12,096 |
| **Iomlán** | **€40,800** | **€588** | **€41,388** |

## Príomhathruithe Pearsanra:

D'éirigh Niall Byrne, Stiúrthóir an RTB, as an RTB ar an 31 Eanáir 2024 agus ceapadh Owen Keegan mar Stiúrthóir Eatramhach ar an 26 Feabhra 2024. Ar an 10 Iúil 2023 ceapadh Karen Roantree mar Leas-Stiúrthóir.

## Nochtadh a Éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann an RTN riachtanais an Chód 2016 mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe a leanas faoi Chód 2016:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe.

Íocadh sochair ghearrthéarmacha de bhreis ar €60,000 an ceann le haon bhall foirne is tríocha le linn 2023. Déantar anailís ar na híocaíochtaí seo i Nóta 5a de Ráitis Airgeadais 2023 an RTB. Chun críche an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i rith 2023 agus tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a rinneadh leis na fostaithe ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áiríonn costais sainchomhairleoireachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna gnó seachfhoinsithe.

| Sainchomhairleoireacht | 2023 | 2022 |
|---|---:|---:|
| Comhairle Dlí | €181,952 | €191,940 |
| Soláthar | €32,198 | €0 |
| Treochlár TFC | €5,628 | €21,540 |
| Cosaint Sonraí | €2,000 | €3,500 |
| **Iomlán** | **€221,778** | **€216,980** |

Níor caipitlíodh aon chostais sainchomhairleoireachta le linn 2023 nó 2022.

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a rangaíodh i gCód 2016 mar chostais dhlíthiúla agus socraíochtaí in 2023. Is é an príomhrud atá taobh thiar de na costais dlí don RTB ná a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme faoin Acht lena n-áirítear réiteach díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí, dlíthíocht nuair is gá chun Ordú Cinnidh an RTB a fhorfheidhmiú nó chun cinneadh de chuid an RTB a dheimhniú, agus ionchúiseamh i gcásanna tionóntachtaí neamhchláraithe. Áirítear sa tábla seo costais dhlíthiúla freisin a tabhaíodh d'fhonn reachtaíocht eile a chomhlíonadh lena n-áirítear cosaint sonraí, dlí fostaíochta, agus saoráil faisnéise, agus maidir le heagrúchán laethúil na heagraíochta. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RTB, atá nochta sna costais Chomhairleachta thuas, mar a cheanglaítear ag an Chód 2016.

| Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Athbhreithniú Breithiúnach | €15,881 | €2,214 |
| Forfheidhmiú | €816,275 | €627,403 |
| Socraíochtaí Dlí | €0 | €33,800 |
| Achomhairc Chúirte | €310,843 | €322,915 |
| Riarachán Ginearálta | €246,903 | €102,125 |
| Tacaíocht Dhlíthiúil Eile | €499,500 | €483,603 |
| **Iomlán** | **€1,889,402** | **€1,572,060** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe leagtha amach thíos.

| Taisteal & Cothabháil | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Baill Fhoirne RTB | €5,189 | €5,113 |
| Comhaltaí Boird | €7,536 | €10,447 |
| Baill an Bhinse | €5,090 | €6,047 |
| **Iomlán** | **€17,815** | **€21,607** |

Maidir le méid taistil agus cothaithe na bliana reatha d'fhoireann & d'fhoireann iasachta an RTB, baineann €1,430 le taisteal thar lear (2022: € 1,381). Ní raibh aon taisteal eachtrach ag comhaltaí an Bhoird ná ag comhaltaí an Bhinse i gceachtar bliain. Íoctar an caiteachas taistil agus cothabhála uile ar aon dul leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí. Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## Caiteachas fáilteachais

Áirítear le caiteachas fáilteachais sólaistí a cuireadh ar fáil ag seisiúin faisnéise arna n-óstáil ag an RTB d'fhonn a shainordú a chomhlíonadh chun imeachtaí oideachais agus feasachta a sholáthar dá pháirtithe leasmhara. Déantar an caiteachas fáilteachais a chatagóiriú thíos.

| Caiteachas fáilteachais | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| An Fhoireann | €5,591 | €4,068 |
| Imeachtaí Oideachais agus Feasachta Páirtithe Leasmhara | €2,509 | €4,330 |
| **Iomlán** | **€8,100** | **€8,398** |

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus gnásanna a chur in áit chun géilliúlacht leis an gCód sin a chinntiú. Rinne an lucht bainistíochta obair shuntasach le linn 2023 d'fhonn a áirithiú go ndearnadh Cód 2016 a chomhlíonadh. Tugadh faoin obair sin faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a aithníonn na hiarrachtaí a rinneadh i rith na bliana agus atá sásta go raibh an eagraíocht ag cloí go mór le Cód 2016 ag deireadh 2023. Tá líon beag míreanna ann nach bhfuilimid comhlíontach leo go fóill mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur faoin mBord atá ceapadh agus cur as oifig Rúnaí an Bhoird;
- Ról Rúnaí an Bhoird doiciméadaithe, le feidhmeanna, dualgais agus struchtúir tuairiscithe leagtha amach go soiléir;
- Nósanna imeachta doiciméadaithe chun caidreamh iomchuí a choinneáil lena hiniúchóirí seachtracha;
- Clár rúnda leasanna a nochtar faoin gCód a choinníonn Rúnaí an Bhoird nó duine ainmnithe eile;
- Cuntas ar an gcur chuige atá á ghlacadh maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le hinscne;
- Nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cloí le Ciorclán 01/2020 DPER a bhaineann leis na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a chúiteamh;
- Cairt Chustaiméirí le tacaíocht ó Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí níos mionsonraithe ina leagtar amach conas a dhéanfar gealltanais agus caighdeáin na Cairte a sheachadadh agus a mheas thar thimthriall trí bliana.

Tá an RTB ag obair chun na míreanna nach bhfuil á gcomhlíonadh seo a sheachadadh agus táimid ag súil go mbeidh siad comhlíontach go hiomlán faoi dheireadh 2024.

**Owen Keegan**
*Stiúrthóir an RTB*
Dáta: 20 Meitheamh 2024
2024

**Tom Dunne**
*Cathaoirleach*
Dáta: 20 Meitheamh

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB") tuigim go bhfuil freagracht ag an mBord as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha á breithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), "Cód 2016" ina dhiaidh seo, agus aon cheanglais rialaithe nó reachtacha eile atá gaolmhar leis.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha comhaontaithe ag teacht le fonn riosca na heagraíochta seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, agus idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

## Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá córas an rialaithe inmheánaigh atá sonraithe sa ráiteas seo, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa RTB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Tá Bord an RTB freagrach as a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an RTB. Faigheann an Bord cúnamh ina chuid oibre ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ("ARC") a bhí, ag deireadh 2023, comhdhéanta de thriúr ball Boird agus beirt bhall sheachtracha. Tugann an Coiste comhairle don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le riosca, rialú inmheánach, agus rialachas agus tacaítear leis trí thuairisciú ón fhoireann bainistíochta Fheidhmiúcháin. Tháinig an ARC le chéile ocht n-uaire i rith 2023.

Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an mBord don Stiúrthóir a bhainistíonn, in éineacht leis an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin, rioscaí agus tuairiscí an RTB ar rioscaí agus bainistíocht riosca don Bhord. Tá Feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an RTB atá curtha ar fáil ag gnólacht seachtrach.

D'fhorbair an gnólacht iniúchóireachta plean iniúchtaí bliana amháin agus thrí bliana faoi threoir an ARC agus le hionchur ón lucht bainistíochta Feidhmiúcháin. D'fhaomh an CIR an plean iniúchóireachta inmheánaí ag a chruinniú an 26 Aibreán 2023. Déanann an ARC athbhreithniú ar an bplean iniúchta i rith na bliana agus déantar athruithe, de réir mar is gá, bunaithe ar mholtaí ón gCoiste.

Tháinig fochoiste Rialachais TFC an Bhoird le chéile go rialta i rith 2023 chun athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcur chuige feidhmiúcháin maidir le córais dhigiteacha agus sonraí RTB a fhorbairt. Tuairiscíonn fochoiste Rialachais TFC an Bhoird don Bhord ag gach cruinniú Boird.

Rinne an ARC athbhreithniú ar raon feidhme seachadta na nIniúchóirí Inmheánacha i gcoinne an phlean iniúchóireachta i rith na bliana. Bíodh sé mar a bhí in 2022, nár chuir an RTB an plean Iniúchóireachta Inmheánaí chun cinn mar a bhí ag teastáil, rinneadh dul chun cinn in 2023 maidir le conair seachadta an phlean Iniúchóireachta Inmheánaí a aisghabháil.

Maidir le bainistiú éifeachtach riosca airgeadais, bhí beartas bainistíochta cúlchistí i bhfeidhm ag an mBord le linn 2023. I mí Iúil 2023 ghlac an Bord beartas bainistíochta cúlchistí nuashonraithe a éilíonn ar an RTB feidhmiú le cúlchistí íosta i gcomhréir le treoirlínte maoinithe an Státchiste. Chun é sin a bhaint amach, oibreoidh an Bord chun an leibhéal reatha cúlchistí a laghdú thar thréimhse ama Ráiteas Straitéise RTB 2023 go 2025.

## Creat Riosca agus Rialaithe

### An Clár Riosca

Coinníonn an RTB clár riosca fiontraíochta a shainaithníonn na príomhrioscaí, a dhéanann meastóireacht orthu ag baint úsáide as córas scórála rioscabhunaithe, agus a shainaithníonn na rialuithe atá i bhfeidhm agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a laghdú nó a dtionchar a mhaolú. Ullmhaíonn an lucht bainistíochta an clár agus déanann an ARC agus an Bord athbhreithniú air. Rinne an ARC athbhreithniú ceithre huaire ar an gclár agus cuireadh Bainistíocht Riosca ar chlár oibre an Bhoird aon uair déag in 2023.

## Rialú Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ag an RTB atá deartha chun príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú, mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu, agus nuair is féidir, iad a mhaolú.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras:

- Struchtúr eagraíochtúil sainithe le leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha údaráis.
- Tá plean straitéiseach trí bliana, faofa ag an mBord, mar threoir ag an bplean gnó agus an buiséad bliantúil, agus faomhann an Bord an dá cheann acu, le tuairisciú rialta don Bhord ar dhul chun cinn i rith gach bliana.
- Roinnt Coistí Boird eile a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad sin liostaithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird.
- Teorainneacha agus údarás sainithe do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitil.
- Cuntais bhainistíochta mhíosúla athbhreithnithe ag an fhoireann bainistíochta agus tugtha faoi deara ag an Bhord.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir i réimsí bainistíochta riosca, athbhreithnithe ar chlár riosca, tuairiscithe riosca agus forbairt bheartais agus a dhéileálann le gach ceist tábhachtach rialaithe a thógtar ag an Iniúchóireacht Inmheánach, ag Oifig an Rialtóra Ginearálta nó ag athbhreithnithe seachtracha eile.
- Feidhm iniúchóireachta inmheánaí lena ndéantar athbhreithniú ar phróisis, córais agus rialuithe aitheanta agus lena dtuairiscítear a chuid oibre don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Clár rioscaí fiontraíochta a ullmhaíonn an lucht bainistíochta agus ar a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú rialta
- Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe a chlúdaíonn príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu go tréimhsiúil.
- Beartais lena gclúdaítear cosaint sonraí, calaois, slándáil córais ICT (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide), sláinte agus sábháilteacht, agus príomhréimsí riosca eile chomh maith le cóid iompair don Bhord, d'Oifigigh agus don fhoireann.
- Beartais agus nósanna imeachta ina gclúdaítear bainistíocht feidhmíochta na foirne, forbairt na foirne, agus oideachas leanúnach.
- Beartas agus plean soláthair a athbhreithnítear ag an Stiúrthóir ar bhonn bliantúil agus a athbhreithnítear ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó am go chéile.
- Tuairisciú ar mhéideanna gníomhaíochta inár n-oibríochtaí inmheánacha í agus seachfhoinsithe, anailís ar fheidhmíocht i gcoinne comhaontuithe agus spriocanna leibhéal seirbhíse chun bonn eolais a thabhairt don lucht bainistíochta agus idirghabhálacha a chinneadh de réir mar is cuí.
- Suirbhéanna custaiméirí, aiseolas, agus gearáin a úsáidtear le fadhbanna le seachadadh ár seirbhísí a shainaithint agus dul i ngleic leo.
- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht ICT a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá i seilbh againn a chinntiú.

## Coistí an Bhoird

Faigheann an Bord cúnamh ina ról maoirseachta ó Choistí an Bhoird atá comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha a bhfuil scileanna agus eolas ábhartha acu i réimsí freagrachta na gCoistí faoi seach. Tugann an Bord cúram do na Coistí as mionbhreithniú a dhéanamh ar ábhair áirithe, agus cuireann siad comhairle ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Tuairiscíonn gach Cathaoirleach Coiste don Bhord ar ghníomhaíochtaí an Choiste. Tá sonraí na gCoistí a bhí i bhfeidhm i rith 2023 san áireamh sa Ráiteas Rialachais & i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## Córas Bainistíochta Riosca

In 2023 thacaigh sainchomhairleacht sheachtrach bhreise leis an lucht bainistíochta le Clár Riosca eagraíochtúil nuashonraithe agus cur chuige maidir le Bainistíocht Riosca a fhorbairt, lena n-áirítear Beartas Bainistíochta Riosca nua a oireann do riachtanais na heagraíochta.

Forbraíodh an beartas in 2023 le maoirseacht agus treoir ón ARC agus d'fhaomh an Bord i mí Feabhra 2024 é. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail, na cleachtais agus na nósanna imeachta bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe, lena n-áirítear cuspóirí bainistíochta riosca, freagrachtaí, agus próisis riosca. Tá an Beartas seo deartha chun tacú le monatóireacht, athbhreithniú agus bainistiú leanúnach rioscaí agus forbraíodh é á thagairt don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Baineann bainistíocht riosca le timthriall próiseas a shainaithníonn, a mheasann agus a fhorbraíonn pleananna gnó bainistíochta le haghaidh rioscaí. Tá an timthriall críochnaithe ag córas de phróisis monatóireachta agus tuairiscithe rialta. Is próiseas timthriallach é an próiseas bainistíochta riosca a tharlaíonn i rith na bliana.

Is éard is sainaithint riosca ann ná an próiseas ina sainaithnítear na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chumas eagraíochta a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sainaitheanta riosca ná nochtadh na heagraíochta d’éiginnteacht a shainaithint trí fhachtóirí seachtracha comhshaoil a bhreithniú chomh maith leis an éiginnteacht a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla na heagraíochta.

A luaithe a shainaithnítear rioscaí, tugtar faoi chleachtadh measúnaithe, maolaithe agus tosaíochta lena a suntasaí is atá na rioscaí don eagraíocht a chinneadh. Cuirtear rioscaí in ord tosaíochta i dtéarmaí riosca dúchasach agus rioscaí iarmharacha araon i.e. tar éis breithniú a dhéanamh ar an rialú atá i bhfeidhm chun an riosca sin a bhainistiú.

Ríomhtar an scór riosca tríd an scór a shanntar don tionchar a iolrú leis an scór a shanntar don dóchúlacht. Déanann an fhoireann bainistíochta athbhreithniú agus tugann siad dúshlán oird tosaíochta le comhaontú ar scóir riosca choibhneasta.

Tá gá le rioscaí aonair a bhainistiú thar gach leibhéal freagrachta ar bhonn leanúnach. Ceanglaítear ar gach duine aonair agus ar gach grúpa aon teagmhais riosca nó athruithe sa timpeallacht riosca a aithint agus a mhéadú ar bhonn leanúnach. Tá úinéirí riosca freagrach as a chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí a shanntar do rioscaí sa chlár riosca i bhfeidhm mar a bhí beartaithe.

Déantar riosca a bhainistiú agus samhail na dtrí líne chosanta á húsáid. Is í an chéad líne foireann bainistíochta an RTB ag a bhfuil an fhreagracht phríomhúil as riosca a bhainistiú agus as rialú inmheánach ina réimsí freagrachta. Tacaítear leo ag feidhmeanna rialaithe an RTB (Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí agus Soláthar) agus is iadsan an dara líne. Tá an tríú líne chosanta cuimsithe de na baill sheachtracha a dhéanann an córas a athbhreithniú. Déanann ár seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách ar chóras foriomlán an rialaithe inmheánaigh agus, laistigh de cheanglais rialachais Chód 2016, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air.

Tá freagrachtaí atá sainithe ag bainisteoirí i réimsí uile an RTB as feidhmíocht a ról agus tá an fhoireann oilte go cuí agus tacaítear leo trí oiliúint. Déantar ionchais maidir le feidhmíocht an lucht bainistíochta agus na foirne a shocrú agus a mhonatóiriú tríd an gcóras bainistíochta um fheidhmíocht fostaithe. Soláthraítear oiliúint don fhoireann nuair a ghlacann siad le ról agus nuair a shainaithnítear riachtanais oiliúna ar leith tacaíonn Acmhainní Daonna leis na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Chomh maith le foireann RTB, tacaíonn soláthraí próisis gnó seachfhoinsithe le seirbhís do chustaiméirí. Áirítear le rialaithe inmheánacha don tseirbhís seo comhaontú leibhéal seirbhíse, agus cruinnithe seachtainiúla, míosúla agus ráithiúil idir an soláthraí agus bainistíocht RTB.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag feidhmeanna rialaithe, amhail Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí, agus Soláthar chun riosca a rialú ina réimsí freagrachta agus soláthraítear leo treoir agus maoirseacht ar réimsí oibriúcháin chun comhlíonadh maidir leis na dlíthe is infheidhme, rialacháin, agus beartais a chinntiú. Tá na haonaid seo i dteagmháil le bainisteoirí agus le foireann ar fud na heagraíochta chun tacú le cloí leis na beartais seo agus déanann siad sárú suntasach a mhéadú tríd an réimeas bainistíochta ionas gur féidir gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh.

## Struchtúr Eagrúcháin

Tá foireann bainistíochta RTB faoi stiúir an Stiúrthóra (líonta ar bhonn eatramhach faoi láthair) le tacaíocht ó thriúr Leas-Stiúrthóir (a ceapadh i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2022, agus i mí Iúil 2023 faoi seach). Tá freagracht ag gach Leas-Stiúrthóir as punann d’aonad gnó atá faoi stiúir Leas-Stiúrthóir nó faoi fhreagracht dhíreach le Leas-Stiúrthóir éigin. Is iad na haonaid ghnó ná Réiteach Díospóidí, Comhlíonadh agus Forfheidhmiú; Clárú agus Seirbhís do Chustaiméirí, Gnóthaí Dlí, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha; TFC; Cumarsáid & Taighde; Airgeadas & Soláthar; Rialachas & Bainistíocht Riosca; Rialachas Faisnéise; Oifig an Stiúrthóra.

I mí na Bealtaine 2023, chuir an RTB tús le tionscadal Forbartha Eagraíochta chun Samhail nua Oibriúcháin Spriocanna a fhorbairt don eagraíocht. Is iad cuspóirí an tionscadail a chinntiú go bhfuil struchtúr cuí i bhfeidhm ag an RTB chun a straitéisí a chur i bhfeidhm, chun tacú le bainistiú éifeachtach acmhainní agus chun seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a chinntiú ar bhonn comhsheasmhach. In 2023, críochnaíodh roinnt bunspriocanna inghnóthaithe: críochnaíodh anailís chríochnúil ar an tsamhail oibriúcháin reatha; forbraíodh agus comhaontaíodh prionsabail deartha don tSamhail Oibriúcháin Spriocanna; cuireadh líonraí foirne ar bun ar fud na heagraíochta chun tacú leis an tionscadal; agus forbraíodh dréacht-tSamhail Oibriúcháin Spriocanna agus cuireadh faoi bhráid an lucht bainistíochta é.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Ba é 2023 an chéad bhliain a cuireadh Plean Straitéiseach RTB 2023 – 2025 i bhfeidhm a chuimsigh sainordú an RTB a bhí á n-athrú, agus na hionchais a leagadh síos dó le beartas an Rialtais. Gealltar agus tugtar ar an RTB sa straitéis a chinntiú go bhfuil an RTB chomh éifeachtach agus is féidir maidir le ceithre phríomhréimse a sheachadadh:-

- tionóntachtaí a chlárú,
- díospóidí a réiteach,
- comhlíonadh a chinntiú, agus
- faisnéis, taighde, sonraí agus léargas cruinn a sholáthar chun an pobal agus lucht déanta beartas a chur ar an eolas.

Beidh na gníomhartha tosaíochta go léir i rith 2023-2025 dírithe ar na croí-réimsí seirbhíse seo agus ar ghnóthachain inléite i bhfeidhmíocht a sheachadadh i ndáil le gach ceann acu. Mar thoradh ar ghníomhartha faoi na ceithre réimse seo tógtha le chéile, cruthóidh an RTB tionchar dearfach don phobal de réir a mhisin agus a uaillmhéine mar chomhlacht poiblí a chomhlíonann feidhmeanna tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail.

Ní féidir na gnóthachain thábhachtacha seo a sheachadadh ach amháin má fhorbrófar na príomh-chumasóirí ar fheidhmíocht eagraíochtúil éifeachtach – forbairt acmhainní daonna, struchtúr eagraíochta, teicneolaíocht faisnéise, reachtaíocht, tacaíocht ghnó, pleanáil agus rialachas.

Léiríodh cuspóirí an Ráitis Straitéise i bplean gnó bliantúil agus i mbuiséad do 2023. Bhí cuspóirí oibríochtúla agus airgeadais do na haonaid ghnó curtha leis an phlean gnó. Déanann an bainisteoir maoirseacht ar chur chun feidhme an phlean gnó agus buiséid agus déanann an Bord athbhreithniú orthu.

Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta ina leagtar amach na socruithe rialachais idir an Roinn agus an RTB. Tá sé mar aidhm ag an Chomhaontú soiléireacht a áirithiú maidir le cuntasaíocht, róil agus freagrachtaí an RTB agus an Roinn chun a áirithiú go gcomhlíonann an RTB a fheidhmeanna reachtúla agus ceanglais Chód Rialaithe. Tagann an Roinn agus an RTB le chéile ar bhonn ráithiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhaontaithe Maoirseachta.

## Rialachas

Thug an RTB na míreanna rialachais seo a leanas chun cinn in 2023:

- aonad Rialachais a fhorbairt ina mbeidh Leas-Stiúrthóir mar Rúnaí ar an mBord agus tacaíocht an CRO, Ardoifigigh Feidhmiúcháin Rialachais agus Oifigigh Feidhmiúcháin
- leanadh le hobair forbartha ar an gCreat Rialachais
- beartas bainistíochta riosca agus Clár Riosca Fiontraíochta nua nuashonraithe agus faoi chothabháil a fhorbairt
- monatóireacht agus bainistiú leanúnach ar rioscaí ag an bhFeidhmeannas, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an mBord
- seicliosta a chríochnú chun comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a dheimhniú.

In 2023, thug Bord RTB faoin oiliúint seo a leanas:

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Ceardlann Forbartha RTB
- Oiliúint um Shaoráil Faisnéise

I mí Iúil 2023 bhunaigh Bord an RTB Meitheal Oibre ina raibh 3 chomhalta Boird agus Rúnaí an Bhoird chun próisis an Bhoird a athbhreithniú agus chun cabhrú lena chinntiú go raibh an Bord ag feidhmiú chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Ag eascairt as moltaí a mhol an Meitheal Oibre rinneadh dul chun cinn ar na nithe seo a leanas:

- Laghdú ar líon na gcruinnithe Boird RTB ó 11 go 8
- Forbraíodh Téarmaí Tagartha saincheaptha don Bhord.
- Nuashonraíodh an Cód Iompair do bhaill an Bhoird agus an Choiste.
- Plean Oiliúna do 2024 do bhaill an Bhoird lena chinntiú go bhfuil na scileanna ábhartha ag na baill a theastaíonn chun a róil ar an mBord a chomhlíonadh.
- Tús a chur le forbairt an Mhaitrís Scileanna RTB agus Pleanáil Comharbais.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar. Tugtar aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn maidir le rialuithe i dtaca le soláthar faoi na ceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a thimpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú RTB ar an gcóras rialaithe inmheánaigh á threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, an Bord agus an fhoireann bhainistíochta Feidhmiúcháin atá freagrach as forbairt agus cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023 maidir leis an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a thacaíonn leis an doiciméad seo. Seachas na míreanna atá leagtha amach thíos, deimhním nach raibh aon saincheisteanna rialaithe inmheánaigh eile ann go bhfios dom, agus tríd an bhfaisnéis a chuir an Feidhmeannas agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fáil don Bhord.

## Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

### Ceisteanna a bhaineann le Rialú Soláthair

I rith 2023 thabhaigh an RTB caiteachas i leith ceithre chonradh arbh fhiú €6,398,599 (gan CBL san áireamh) gan próiseas iomaíoch soláthair a dhéanamh. Measann an Bord go gcomhlíonann gach ceann den trí chonradh na treoirlínte soláthair toisc go gcomhlíonann gach ceann acu na coinníollacha eisceachtúla a thugann údar le dámhachtain dhíreach nó le modhnú conartha le linn a ré. Bíodh is nach gá dámhachtainí conartha neamhiomaíocha a dhearbhú anseo, is mian leis an mBord a bheith go hiomlán trédhearcach faoi na cúinsí a bhaineann leis an gcaiteachas seo le linn 2023.

I dtrí cinn de na ceithre chás, bronnadh nó cuireadh síneadh le conarthaí gan próiseas iomaíoch a dhéanamh. Fógraíodh dhá cheann de na conarthaí seo i Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2022 freisin agus bhain siad leis na saincheisteanna leanúnacha córais a d'eascair as ardán clárúcháin an RTB. In 2023, tá an tríú dámhachtain neamhiomaíoch (agus nua) mar thoradh ar chinneadh an RTB a chóras ardáin clárúcháin a fhorbairt agus tacú le díoltóir a tháinig i bhfeidhm go déanach in 2023.

Bronnadh an ceathrú conradh, le costas €245,342 i rith na bliana, d'anailísíocht sonraí dílsithe chun Innéacs Ráithiúil Cíosa an RTB a tháirgeadh, toisc gurb é an soláthraí an t-aon soláthraí amháin. Bhí conradh i bhfeidhm roimhe seo go dtí Iúil 2023 agus rachaidh an conradh nua in éag i mí Iúil 2027. Den chostas i rith 2023, tabhaíodh €55,348 ar an gconradh roimhe sin agus €189,994 ar an gceann nua. Ní raibh baint ag an dámhachtain conartha seo leis an gcóras agus le saincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí a d'eascair as córas bainistíochta tionóntachta an RTB. Fógraíodh an conradh seo freisin ar Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2022.

Leathnaíodh an conradh is mó a sholáthair seirbhísí seachfhoinsithe próisis ghnó nua le costas € 5,817,569 i rith na bliana arís agus arís eile i rith na bliana gan próiseas iomaíoch. Glacadh na cinntí seo toisc gur measadh go raibh an leibhéal riosca a bhaineann le soláthar do sheirbhísí seachfhoinsithe próisis ghnó nua, cé go raibh saincheisteanna suntasacha ann leis an gcóras nua agus cé go raibh méideanna custaiméirí an-ard, neamh-inghlactha. Ag an tús, bronnadh an conradh ar feadh téarma tosaigh trí bliana agus bhí sé le tosú i mí na Bealtaine 2013, leis an rogha chun an conradh a shíneadh ar feadh dhá bhliain eile, agus glacadh leis an síneadh é sin ag deireadh 2016, i ndiaidh an téarma tosaigh trí bliana.

Ba é costas iomlán an chonartha don bhuntréimhse cúig bliana ná €5,681,296. Cuireadh síneadh breise leis an gconradh cúig huaire ar feadh tréimhsí bliana, 18 mí, dhá thréimhse bhreise bliana, agus tréimhse cúig mhí go dtí Márta 2023 mar gheall ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn nuair a tháinig an córas nua bainistíochta tionóntachta i bhfeidhm. Ba é costas iomlán conarthaí do na ceithre thréimhse sínte sin ná €12,454,917. I mí Aibreáin 2023, agus arís i mí Mheán Fómhair 2023, cuireadh síneadh leis an gconradh ar feadh dhá thréimhse eile go dtí go gcaithfí uasluach incheadaithe €2,500,000 an mhodhnaithe. Bhí comhchaiteachas €4,844,179 ag an dá shíneadh sin agus thóg siad an tréimhse ama sínidh suas go dtí Eanáir 2024. I mí Feabhra 2024 cuireadh síneadh leis an gconradh ar feadh tréimhse eile go dtí go gcaithfí uasluach €2,500,000 an mhodhnaithe a measadh ag an am gurb é Meitheamh 2024 é. Foilsíodh fógraí VEAT agus mionathraithe trí ríomhthairiscintí in Iris Oifigiúil an AE in 2019, 2021, 2022 agus 2023 i gcomhréir le treoirlínte soláthair. Ní raibh RTB in ann fógra mionathraithe a fhoilsiú do shíneadh 2024 mar gheall ar cheisteanna teicniúla leis an gcóras foilsithe.

Tá tús curtha anois ag an RTB le próiseas soláthair comhlíontacha iomaíoch dá sholáthraí BPO. Foilsíodh Ceistneoir Réamhcháilíochta ar an margadh i mí Eanáir 2024 agus rinneadh meastóireacht ar fhreagraí i mí Aibreáin 2024. Foilseofar Cuireadh chun Tairisceana don cheathrar soláthróir a roghnaíodh i mí an Mheithimh 2024.

In 2023, lean an RTB de chaiteachas ar luach €335,688 a thabhú chun tacú le córais TFC oidhreachta. Bronnadh an conradh le haghaidh tacaíochta oidhreachta córais TFC seo ar feadh téarma trí bliana ar dtús, lena n-áirítear rogha síneadh de bhliain bhreise ón lá feidhme sin, arna thosú i mí Eanáir 2014. Cuireadh síneadh breise leis an gconradh trí huaire ar feadh tréimhse 18 mí agus dhá thréimhse bliana an ceann go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. B'ionann costas iomlán conarthaí do na trí bliana bunaidh agus do na ceithre shíneadh agus €2,907,354. I mí Iúil 2021 chomhaontaigh RTB conradh nua leis an soláthraí ar feadh dhá bhliain leis an rogha é a shíneadh ar feadh bliana eile, rogha a feidhmíodh. Is é € 1,000,000 an t-uaschaiteachas atá incheadaithe faoin gconradh seo, agus tabhaíodh €850,949 de sin ó dheireadh 2023.

Áiríodh leis an raon feidhme bunaidh do chóras bainistíochta tionóntachta nua RTB a forbraíodh in 2018 agus ceanglais chórais maidir le láimhseáil agus forfheidhmiú díospóidí nár cuireadh san áireamh sa chóras nua mar a seachadadh é i mí na Samhna 2022. Chiallaigh sé sin go raibh gá leis an gcóras oidhreachta a choinneáil chun tacú le feidhm reachtúil réiteach díospóidí an RTB. Tá an soláthraí ar an t-aon soláthraí tacaíochta TFC amháin dá gcóras oidhreachta dílsithe féin. Ar an ábhar seo, measann an Bord go bhfuil an caiteachas seo ag comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair toisc go gcomhlíonann sé na coinníollacha eisceachtúla a thugann údar le dámhachtain dhíreach.

I gcás na tacaíochta oidhreachta córais ICT, cuirfear deireadh leis an gconradh le soláthraí amháin na seirbhísí sin nuair a athrófar an córas oidhreachta.

Bronnadh an conradh nua neamhiomaíoch le luach €748,868 (gan CBL san áireamh) i mí Dheireadh Fómhair 2023 (le tosú i mí Feabhra 2024) nuair a d'agair an RTB meicníocht soláthair chun díoltóir a cheapadh mar Sholáthraí Seirbhísí Bainistithe eatramhach ar feadh tréimhse tosaigh 12 mhí agus an rogha ann síneadh a chur leis ar feadh idir 4 agus 6 mhí. Bronnadh an chonartha seo mar thoradh ar chinneadh an RTB an díoltóir a bhí ag soláthar tacaíochta agus cothabhála ar an gcóras clárúcháin nua ó cuireadh i bhfeidhm é a athrú. Chuir an soláthraí seirbhísí dearbhaithe tionscadail ar fáil do Eisiúint 3 roimhe seo. Foilseoidh RTB fógra VEAT in Iris Oifigiúil an AE i gcomhréir le rialacha soláthair in am trátha.

Beidh an conradh sin i bhfeidhm i gcónaí fad a chuirfidh an RTB soláthar iomaíoch i gcrích do Chomhpháirtí Forbartha Digiteach agus Sonraí. Meastar go gcuirfear tús leis an soláthar i rith 2024, agus meastar go rachaidh an RTB i dteagmháil leis an margadh agus go dtabharfaidh sé faoi phróiseas idirphlé iomaíoch, sula bhfoilseoidh sé an cuireadh chun tairisceana.

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh leanúnach na dtreoirlínte soláthair lena n-áirítear tairiscint iomaíoch i ngach cás nuair is féidir. I gcás an chonartha seachfhoinsithe próisis ghnó, tá laghdú tagtha ar na rioscaí a bhaineann le soláthraí atá ag athrú agus chuir an RTB tús leis an bpróiseas chun tairiscint iomaíoch a dhéanamh do na seirbhísí sin le linn 2023.

Fanfaidh an tríú conradh, le díoltóir forbartha bogearraí agus tacaíochta an chórais bhainistíochta tionóntachta, i bhfeidhm go dtí go mbeidh soláthar iomaíoch tugtha chun críche ag an RTB do na seirbhísí seo.

Tá sé beartaithe an ceathrú conradh neamhiomaíoch a fhíorú roimh dhul in éag an chonartha reatha in 2027 agus é beartaithe na seirbhísí sin a sholáthar dá mbeadh soláthraithe seirbhísí eile ar an margadh.

## Ceist na hÍocaíochta

I rith na bliana d'íoc RTB trí shonrasc go hearráideach le duine dá dhíoltóirí faoi dhó. Tháinig an fhadhb chun cinn mar gheall ar earráid dhaonna. B'ionann an ró-íocaíocht agus € 35,466, a ghnóthófar ar ais ón díoltóir. Rinneadh athbhreithniú chun a chinntiú nach raibh aon íocaíochtaí eile den sórt sin ann, cuireadh nósanna imeachta rialaithe feabhsaithe i bhfeidhm, agus cuireadh oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann lena chinntiú nach dtarlódh sin arís.

## Ardán Clárúcháin

Príomhchuspóir don RTB in 2023 ná aghaidh a thabhairt ar na teipeanna suntasacha feidhmíochta laistigh dár gcóras clárúcháin ar líne agus ar an mborradh a tháinig ar an éileamh ar ár gcainéil seirbhíse do chustaiméirí dá bharr. Aithníonn an RTB an tionchar a bhí aige sin ar thiarnaí talún a úsáideann an córas, agus thabhaíomar costais mhéadaithe a d'eascair as na gníomhartha a rinneamar chun saincheisteanna an chórais a mhaolú.

I rith 2023, chuir an RTB eisiúint nua den chlár córais clárúcháin (Eisiúint 3) i bhfeidhm faoi chur chuige dian cúramach i leith rialachais, maoirseachta agus bainistíochta tionscadail. Cuireadh Eisiúint 3 i bhfeidhm i dtrí sheachadadh ar leith i mí na Bealtaine, i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair 2023. Réitigh na seachadtaí príomhcheisteanna a bhí roimh thiarnaí talún agus gníomhairí a bhí ag iarraidh tionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Rinneadh monatóireacht chúramach ar an gcóras agus bhí feidhmíocht cobhsaí tar éis gach seachadta.

Tá athbhreithniú déanta ag an RTB ar choimisiúnú agus ar bhainistiú an Tionscadail bunaidh RTB360 agus foghlaimíodh go leor a cuireadh i bhfeidhm ar dhearadh agus ar sheachadadh Eisiúint 3. Cuireann an RTB prionsabail agus struchtúir láidre bainistíochta tionscadail i bhfeidhm anois freisin ar raon tionscadal atá tábhachtach go straitéiseach san eagraíocht.

### Táillí déanacha

I mí na Samhna 2022, thug an RTB sos sealadach isteach maidir le táillí déanacha a ghearradh go huathoibríoch ar chlárúcháin bhliantúil de réir Alt 137(6) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 mar thoradh ar na fíordheacrachtaí a bhí ag tiarnaí talún agus gníomhairí tar éis sheoladh an chórais clárúcháin nua RTB ar líne. I bhfianaise na gcúinsí agus an ghá a bhí ann le gníomh láithreach, bhí an RTB den tuairim, cé nach raibh an tarscaoileadh agus na haisíocaíochtaí ag cloí go docht leis an dlí, gurbh é gníomh ar fhorais riaracháin an freagra cuí agus níor iarr ar an Aire leasú reachtach a thabhairt isteach chun tarscaoileadh na dtáillí déanacha a údarú go sonrach. Bhí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an eolas faoin chur chuige atá á ghlacadh ag an RTB. I rith 2023 d'aisíoc RTB táillí déanacha faoin sos sealadach seo arbh ionann é agus €1,669,680 (2022: €60).

Tar éis an tríú seachadta d'Eisiúint 3 a imscaradh go rathúil i mí Dheireadh Fómhair 2023 chuir an RTB tús leis an bpróiseas chun forchur uathoibríoch táillí ar chlárúcháin bhliantúla dhéanacha a tháinig i bhfeidhm ón 1 Márta 2024 a athchumasú. Áiríodh leis an bpróiseas sin athrú teicniúil ar an gcóras clárúcháin a chur i bhfeidhm agus cumarsáid a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir.

In 2022, thuairiscigh an RTB gur sainaithníodh saincheisteanna éagsúla le tuairisciú arna ghiniúint ag an gcóras, lena n-áirítear an neamhábaltacht clárúcháin tuairiscithe ón gcóras a mheaitseáil le hioncam comhréitithe a fuarthas ó chustaiméirí. Le linn 2023, d'fhorbair na foirne Airgeadais agus TFC in RTB uirlis réitigh chun clárúcháin a mheaitseáil níos fearr leis an ioncam bainc gaolmhar (cé go bhfuil gá le roinnt oibre láimhe). Thug sé sin aghaidh suntasach ar cheist na gclárúchán a mheaitseáil le hioncam.

## Conclúid

Ó 2022 i leith, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an RTB maidir lena chóras clárúcháin a fheabhsú, rud a thug níos mó infheictheachta don RTB ar chíosanna do thionóntachtaí nua agus do thionóntachtaí reatha araon. Thacaigh sé seo leis an RTB faisnéis níos fiúntaí a sholáthar do thionóntaí, do thiarnaí talún agus don phobal i gcoitinne go déanach in 2023. Léiríodh é sin trí thacair sonraí nua a fhoilsiú in 2023. Thacaigh na feabhsuithe a rinneadh ar an gcóras in 2023 trí Eisiúint 3 leis na feabhsuithe sin. Chuir na hathruithe seo ar chumas an RTB forbairt a chur chun cinn i réimsí eile, bainistíocht riosca agus iniúchadh inmheánach san áireamh. Tá Bord agus foireann an RTB tiomanta i gcónaí d'oibriú chun an eagraíocht a fhorbairt tuilleadh mar rialtóir cumasach agus éifeachtach.

**Tom Dunne**
*Cathaoirleach*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den

- ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2023 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2023 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### Bunús na tuairime

Déantar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a gabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den tsórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

#### Córas bainistíochta nua ar líne a sheachadadh do chlárúcháin tionóntachta

Thug an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe córas cláraithe tionóntachta ar líne nua in úsáid i mí na Samhna 2021, tar éis moilleanna suntasacha tionscadail agus sáruithe costais. Ba é an costas iomlán do sheachadadh an chórais nua ná €8.5 milliún, a bhí €5.2 milliún os cionn an chostais ionchais bhunaidh. Bhí seachadadh an chórais 29 mí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús, agus níor seachadadh cuid de na feidhmeanna pleanáilte m.sh. láimhseáil díospóidí tionóntachta.

Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach gur tháinig saincheisteanna suntasacha chun cinn d'úsáideoirí an chórais, tar éis an tús beartaithe a chur le clárú tionóntachta bliantúil in Aibreán 2022, moilleanna próiseála agus líon méadaithe fiosruithe agus teagmhálacha dá bharr. Leanadh le tuilleadh oibre forbartha ar an gcóras clárúcháin tionóntachta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh i rith 2023.

Réitíodh na saincheisteanna oibriúcháin agus tionchair na gcustaiméirí sa ráithe dheireanach de 2023.

Leagtar amach na céimeanna atá glactha ag an mBord chun déileáil leis na saincheisteanna oibriúcháin sa ráiteas ar rialú inmheánach.

### Neamhchomhlíonadh na reachtaíochta maidir le pionóis chlárúcháin bhliantúla dhéanacha

Tá ceanglas sainráite in Alt 137 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú) ar an mBord pionós a ghearradh as tionóntacht a chlárú go déanach sa bhliain.

Mar fhreagairt ar mhoilleanna seirbhíse clárúcháin a tháinig chun cinn in 2022, chinn an Bord forchur na bpionós airgeadais reachtúla do chlárúcháin bhliantúla déanacha a chur ar fionraí le héifeacht ó mhí na Samhna 2022. Chinn sé freisin tiarnaí talún agus gníomhairí a thabhaigh pionóis chlárúcháin dhéanacha den sórt sin a aisíoc idir Lúnasa agus Samhain 2022.

Ní cheadaíonn an córas clárúcháin pionóis chlárúcháin dhéanacha a chur ar fionraí, mar sin leanadh de na pionóis a ghearradh ar thiarnaí talún tar éis mhí na Samhna 2022. Go dtí deireadh 2023, bhailigh agus d'aisíoc an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe €1.7 milliún le tiarnaí talún. Cuireadh deireadh leis an mbeartas maidir le pionóis chlárúcháin dhéanacha a aisíoc i mí an Mhárta 2024.

Ní fhoráiltear leis an Acht go n-aisíocfar pionóis a gearradh roimhe seo. D'admhaigh an Bord sa ráiteas ar rialú inmheánach nach gcomhlíonann tarscaoileadh agus aisíoc na bpionós an reachtaíocht.

### Soláthar seirbhísí próiseála gnó

Fostaíonn an Bord soláthraí seirbhíse seachtrach chun gnáthphróisis ghnó áirithe a chur i gcrích. Rinneadh conradh trí bliana leis an soláthraí seirbhíse i mBealtaine 2013 tar éis próiseas soláthair phoiblí iomaíoch. Ina dhiaidh sin, bhain an Bord leas as rogha chun an conradh a leathnú ar feadh dhá bhliain breise (is é sin go Bealtaine 2018), ar mheánchostas míosúil méadaithe. Ag an tús, measadh go raibh luach an chonartha cothrom le €5 mhilliún thar chúig bliana. Caiteachas € 5.7 milliún san iomlán a tabhaíodh le linn na gcúig bliana de théarma bunaidh an chonartha, is é sin €95,000 sa mhí ar an meán.

Ó mhí na Bealtaine 2018, tá síneadh curtha ag an mBord leis an gconradh leis an soláthraí seirbhíse ocht n-uaire eile. B'ionann an comhchaiteachas faoi na conarthaí sínte ná €17.3 milliún suas go dtí deireadh Eanáir 2024 — thart ar €258,000 ar an meán in aghaidh na míosa. Is é an costas breise réamh-mheasta faoin síneadh is déanaí ná €2.5 milliún.

Mar a mhínítear sa ráiteas ar rialú inmheánach, tá an Bord den tuairim go raibh sé cuí na síntí conartha comhleanúnacha a dhámhachtain mar gheall ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcóras bainistíochta tionóntachta nua moillithe a sheachadadh ag an am céanna (dá dtagraítear thuas), agus (d'fhéadfadh) athrú soláthraí seirbhíse. Measann an Bord, ar fhorais theicniúla, gur chomhlíon na conarthaí sínte rialacha soláthair an AE.

I rialacha soláthair an AE ceadaítear mionathruithe ar chonarthaí le haghaidh seirbhísí breise (lena n - áirítear síntí conartha) i gcás nach féidir conraitheoir a athrú ar chúiseanna teicniúla, faoi réir aon mhéadú ar phraghas nach mó ná 50% de luach an chonartha bunaidh. Tá foráil ann freisin maidir le mionathruithe comhleanúnacha ar chonarthaí (gach ceann acu faoi réir an teorannaithe 50%), fad is nach bhfuil na mionathruithe dírithe ar dhul timpeall ar na rialacha soláthair.

Bunaithe ar na cúinsí a leagtar amach thuas agus ar na mínithe a fuarthas ón mBord, ní chuirtear ina luí orm gur chomhlíon soláthar na seirbhíse próiseála gnó faoi na síntí conartha ó Bhealtaine 2018 na rialacha soláthair ábhartha.

Tá sé ráite ag an mBord go bhfuil tús curtha anois aige le próiseas tairisceana iomaíoch chun an conradh reatha a athsholáthar.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**20 Meitheamh 2024**

## Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta iomchuí, agus
- rialú inmheánach dá shamhail a úsáid ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach a bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh,

- Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaois nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca a bhaineann le míráiteas ábhartha de bharr calaoise a ligean gan bhrath ná míráiteas ábhartha de dheasca earráide, mar d’fhéadfaí a chuimsiú le calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí. gaolmhara.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuarthas, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Tionóntachtaí Cónaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtadh sin, chun mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d’fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí a bheith ina gcúis le scor den Bhord Tionóntachtaí Cónaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais bhunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo sin á bhfuil cúram rialála orthu maidir le, i measc ábhair eile, scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha a bhaineann leis an iniúchadh, lena n-áirítear aon laigí suntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m’iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, dar liom,

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh mo iniúchta, nó
- níor leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis seachas na ráitis *airgeadais*

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair *eile*

Tugaim faoi m’iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má aithním gnéithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má shainaithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad.

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

| | Nótaí | **An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €** | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Eile** | | | |
| Táillí clárúcháin | 2 | **13,818,278** | 12,332,258 |
| Táillí faoi easaontais | 2 | **141,084** | 117,917 |
| Ioncam eile | 4 | **6,459** | 5,012 |
| Maoiniú an Státchiste | 3 | **13,132,280** | 10,916,673 |
| Cistiú pinsin iarchurtha | 13c | **276,720** | 1,030,459 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 11 | **781,684** | 1,155,035 |
| Fo-iomlán | | **28,156,505** | 25,557,354 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 5a | **6,933,723** | 6,407,447 |
| Costais chomhaltaí an Bhoird agus an phainéil | 5b | **2,546,223** | 1,867,912 |
| Costais riaracháin | 5c | **17,633,279** | 14,399,062 |
| Costais phinsin | 13a | **39,000** | 809,000 |
| Dímheas | 6 | **1,785,709** | 1,724,488 |
| Fo-iomlán | | **28,937,934** | 25,207,909 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | **(781,429)** | 349,445 |
| Barrachas Carntha an 1 Eanáir | | **6,748,248** | 6,398,803 |
| Barrachas Carntha an 31 Nollaig | | **5,966,819** | 6,748,248 |

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Owen Keegan**
*Stiúrthóir an RTB*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

**Tom Dunne**
*Cathaoirleach*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | **(781,429)** | 349,445 |
| Gnóthachan/(caillteanas) taithí ar dhliteanais scéime pinsin | 13d,e | **(1,707,000)** | (3,391,000) |
| Athrú ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 13d,e | **(28,000)** | 8,969,000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach agus costas seirbhíse roimhe seo tuairiscithe | | **(1,735,000)** | 5,578,000 |
| Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha | | **1,735,000** | (5,578,000) |
| Barrachas / (easnamh) iomlán aitheanta don bhliain | | **(781,429)** | 349,445 |

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Owen Keegan**
*Stiúrthóir an RTB*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

**Tom Dunne**
*Cathaoirleach*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

| | Nótaí | **An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €** | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta:** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 6 | **6,341,073** | 7,122,757 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 7 | **656,307** | 530,907 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 8 | **10,319,844** | 10,677,788 |
| | | **10,976,151** | 11,208,695 |
| **Suimeanna Iníoctha** | | | |
| Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 9 | **(5,009,332)** | (4,460,447) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **5,966,819** | 6,748,248 |
| **Glan-Sócmhainní Iomlána Roimh Phinsin** | | **12,307,892** | 13,871,005 |
| Cistiú pinsin iarchurtha | 13b,c | **20,608,000** | 17,512,000 |
| Dliteanais na scéime pinsin | 13b | **(20,608,000)** | (17,512,000) |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | **12,307,892** | 13,871,005 |
| **Léirithe ag** | | | |
| Barrachas carntha | 10 | **5,966,819** | 6,748,248 |
| An cuntas caipitil | 11 | **6,341,073** | 7,122,757 |
| | | **12,307,892** | 13,871,005 |

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Owen Keegan**
*Stiúrthóir an RTB*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

**Tom Dunne**
*Cathaoirleach*
Dáta: 20 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

| | Nótaí | **An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €** | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin leis an nGlan-insreabhadh airgid ó Ghníomhartha Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (Easnamh) oibriúcháin don bhliain | | **(781,429)** | 349,445 |
| Dímheas | 6 | **1,785,709** | 1,724,488 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 11 | **(781,684)** | (1,155,035) |
| (Méadú) /laghdú ar Infháltais | | **(125,400)** | (159,407) |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha | | **548,885** | 966,736 |
| Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | **646,081** | 1,726,227 |
| **Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta | | **646,081** | 1,726,227 |
| **Glanchaiteachas Caipitiúil** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 6 | **(1,004,025)** | (569,453) |
| **Méadú / (laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **(357,944)** | 1,156,774 |
| Iarmhéid airgid tosaigh | | **10,677,788** | 9,521,014 |
| **Iarmhéid airgid deiridh** | | **10,319,844** | 10,677,788 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na beartais chuntasaíochta suntasacha a bhfuil an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB") tar éis a ghlacadh leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roimhe seo) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ("an tAcht") agus tá a Príomhoifig ag Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Athraíodh ainm an Bhoird in 2016 go dtí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) chun teacht lena shainchúram d'earnáil na gComhlacht Ceadaithe Tithíochta. Lena chois sin, le linn 2016 aistríodh feidhmeanna an Bhinse Cíosa chuig an RTB.

Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe leagtha amach in Acht 2004 (arna leasú) mar a leanas:

a) díospóidí idir tionóntaí agus tiarnaí talún a réiteach

b) clárú na sonraí i ndáil le tionóntachtaí lena n-áirítear tionóntachtaí a bhaineann le cóiríocht go sonrach le mic léinn agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta,

c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas a bhaineann leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos,

d) treoirlínte a fhorbairt agus a fhoilsiú le haghaidh dea-chleachtais acu siúd a bhfuil baint acu leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos,

e) faisnéis a bhailiú agus a sholáthar a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le leibhéil an chíosa atá i réim,

f) nuair a mheasann an Bord go bhfuil sé iomchuí, taighde a dhéanamh ar an earnáil agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú ghnéithe éagsúla na hearnála nó socrú a dhéanamh go ndéanfar a leithéid de thaighde agus de mhonatóireacht,

g) athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta agus ar aon achtacháin ghaolmhara agus moltaí a dhéanamh don Aire maidir le leasú an Achta nó na n-achtachán sin,

h) a dhearbhú don Aire cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann limistéar na critéir maidir le hainmniú mar chrios brú cíos mar a shainítear san Acht,

i) imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar an Acht agus an chumhacht smachtbhannaí a eisiúint i gcás gur dearbhaíodh sárú,

j) feidhmíocht feidhmeanna breise ar bith a thugtar don Bhord faoin Acht nó faoi aon dlíthe eile a ritear san Oireachtas iad.

b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ullmhaithe i gcomhréir na reachtaíochta infheidhme agus le FRS 102, An Caighdeán Tuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

c) Bunús an Ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

d) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais tuairiscithe in Euro (€), arb é sin airgeadra feidhmeach an RTB.

e) Eile

*Táillí Clárúcháin*

Aithnítear ioncam clárúcháin ón Chomhlacht Tithíochta Príobháideach agus Ceadaithe (an AHB), a léiríonn an chuid is mó d'ioncam an RTB, nuair a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháideach nó AHB mar aon le hiarratas bailí chun an tionónta a chlárú. Aithníonn an RTB an soláthar le haghaidh táillí clárúcháin a bhféadfaí iad a thabhairt ar ais do hiarratasóirí i gcás go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó i gcás gur íocadh an táille mhícheart.

Maidir le tionóntaí lóistín ar leith do mhic léinn (SSA), aithnítear ioncam clárúcháin nuair a eisíonn RTB iarratas ar íocaíocht as tionóntaí a chuir soláthraí na cóiríochta in iúl dúinn.

*Táillí Díospóide*

Aithnítear ioncam nuair a íoctar táille iarratais díospóide.

*Maoiniú an Státchiste*

Aithnítear Maoiniú an Státchiste ar bhonn íocaíochta a fhaightear..

*Ioncam Eile*

Is ionann ioncam eile, go hiondúil, agus ús a fhabhraítear ar éarlaisí atá á gcoinneáil ag institiúidí airgeadais agus costais dhlíthiúla ar bith a aisghabhtar le linn na bliana. Cuirtear ioncam úis ar fáil ar bhonn tarchuir ag baint úsáide as an mhodh ráta úis éifeachtach agus cuirtear costais dlí a aisghairtear agus ioncam éagsúla ar fáil nuair a fhaightear na cistí.

f) Réadmhaoin, Gléasra, & Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

Luaitear réadmhaoin, gléasra, & trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas, ag costas lúide dímheas carntha nó amúchadh, arna gcoigeartú d'aon soláthar le haghaidh lagaithe. Soláthraítear dímheas ar an maoin, gléasra agus trealamh, agus amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe, go léir ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Feabhsuithe Léasacha | 5% sa bhliain |
| Daingneáin & Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaire | 20% in aghaidh na bliana |
| Forbairt Bogearraí | 20% in aghaidh na bliana |
| Córais faoi Fhorbairt | Gan dhímheas |

Déantar costais na gcóras atá á bhforbairt a chaipitliú a mhéid is a shásaíonn siad ceanglais FRS 102 maidir le sócmhainní doláimhsithe seachas dea-thoil a chaipitliú. Gearrtar dímheas ag an ráta a thaispeántar thuas le haghaidh forbairt bogearraí ón uair a bheidh an fhorbairt críochnaithe agus an córas curtha i seirbhís.

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair na huaire, tar éis do na costais measta diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sa bhliain.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

g) Infhháltais

Tuairiscítear Infhháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Foráil ar leith is ea an soláthar le fiachas amhrasach, agus cruthófar é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe in ann na suimeanna uile atá amach aige a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

h) Léasanna Oibriúcháin

Tuairiscítear an caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad, sa chás sin. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

i) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Áiríonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí a choinnítear ar ghlao-dhualgas le bainc.

j) Sochair Fostaí

*Sochair Ghearrthéarmacha*

Áirítear sochair ghearrthéarmacha, dála an phá saoire, mar chaiteachas a tharla sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh bliana sna suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

k) Sochair scoir

Feidhmíonn an Bord Tionóntachtaí Cónaithe (RTB) scéim phinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn pá agus tú ag dul ó airgead atá ar fáil dó. Le hIonstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 625 de 2011) tugadh éifeacht do Scéim Aoisliúntais an RTB agus d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil í le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Oibríonn an RTB Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") chomh maith, ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill na fostaithe sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, agus caitear leo mar a bheith iníoctha leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirítear é más gá le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Tá na gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a tharlaíonn mar gheall ar dhliteanais scéime tuairiscithe sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard a léirítear leis an gcistiú um shocair scoir iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte ag dáta a bheidh i réim ar dháta an idirbhirt. Gearrtar difríochtaí ar bith as an aistriú idir na dátaí idirbhirt agus na dátaí íocaíochta ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

m) Cuntas Caipitil

Is léargas é an cuntas caipitil ar an suim gan amúchadh den ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

n) Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, caitheann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus barúlacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir comhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Laige Maoine, Gléasra & Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe
Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú le haghaidh lagaithe aon uair a thugann imeachta nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim lena sáraítear suim inghnóthaithe shuim ghlanluacha na sócmhainne. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach is airde atá ar luach cóir sócmhainní lúide an costas a bheadh ar an tsócmhainn a dhíol agus luach na sócmhainne agus í á húsáid. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, grúpáiltear sócmhainní ar na leibhéil is ísle dá bhfuil siad ina sreafaí inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid thirim). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú a athbhreithniú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha
Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolta sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir ar bhonn bliantúil chun a dheimhniú go bhfuil saolta na sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Forálacha
Déanfaidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe ar dóigh dóibh a bheith amuigh ag dáta deiridh na tréimhse nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa. De ghnáth meastar na forálacha seo bunaithe ar thaithí stairiúil, treochtaí le déanaí nó ar fhaisnéis ábhartha eile. Is meastacháin iad na costais airgeadais a bhaineann le hoibleagáidí éigeandála a d'fhéadfadh titim amach go ceann tamaill tar éis dháta deiridh na tréimhse. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil go suntasach ón bhforáil measta.

Forálacha maidir le Aisíocaíochtaí Táille Clárúcháin
Faigheann an RTB iarratais agus táillí ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. In Alt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ceanglaítear go ndéanfaí iarratais neamhiomlána nó iarratais nach bhfuil an táillí cheart leo a chur ar ais chuig an iarratasóir mar aon le táillí ar bith a íocadh.

Féachann an RTB le fadhbanna a réiteach agus tá córais forbartha aige chun an próiseas seo a dhéanamh níos éifeachtúla. I gcás nach féidir an fhadhb a réiteach in am cuirtear an t-iarratas agus an táille ar ais chuig an iarratasóir agus ní chláraítear an tionóntacht.

Tá foráil déanta ag RTB le haghaidh aisíocaíocht dóchúla táillí clárúcháin ar chuid den liosta iarratais ar chlárú neamhiomlán atá ar bun ag deireadh na bliana ag baint úsáide as meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil.

Oibleagáid Sochair Scoir
Déantar na toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha trína gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lacáiste, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí maidir le rátaí chostas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na barúlacha:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, agus dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2 Ioncam ó Tháillí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Táillí clárúcháin** | | |
| Cóiríocht Príobháideach agus Comhlacht Tithíochta Ceadaithe | **12,638,258** | 11,444,596 |
| Cóiríocht sonrach do mhic léinn | **1,180,020** | 887,662 |
| | **13,818,278** | 12,332,258 |

Aithnítear ioncam clárúcháin ón Chomhlacht Tithíochta Príobháideach agus Ceadaithe (an AHB), a léiríonn an chuid is mó d'ioncam an RTB, nuair a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháideach nó AHB mar aon le hiarratas bailí chun an tionónta a chlárú. Déantar na híocaíochtaí a fhaightear trí gheata íocaíochta an RTB a chomhcheangal le cuntais bhainc an RTB, rud a thugann deimhniú gur taifeadadh an t-ioncam i gceart. Ní bheidh clárúcháin phríobháideacha agus AHB bailí ach amháin nuair a bhíonn na clárúcháin críochnaithe ar an chóras tionóntachta agus nuair a íoctar na táillí riachtanacha (lena n-áirítear táillí moille, más infheidhme). Féach Nóta 9 ina nochtar líon na gclárúchán neamhiomlán ag deireadh na bliana agus an fhoráil ghaolmhar.

Léiríonn Ioncam ó chlárú Príobháideach agus Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a taifeadadh sna cuntais seo íocaíochtaí a fuair RTB móide roinnt coigeartuithe cuntasaíochta. Dá bhrí sin, ní bheidh an t-ioncam seo ag teacht go beacht le faisnéis faoi mhéid clárúcháin tionóntachta. Ina theannta sin, níor dearadh tuarascálacha an chórais Bainistíochta Tionóntachta RTB chun an cineál clárúcháin a íocadh as a chomhaireamh agus a chatagóiriú, ná ní féidir iad a mhodhnú chun é sin a dhéanamh.

An 4 Aibreán 2022 tugadh isteach Clárú Bliantúil tionóntachtaí ar thosach feidhme na reachtaíochta ábhartha. Is é an táille cláraithe caighdeánach le haghaidh Clárú Bliantúil tionóntacht príobháideach €40 agus €20 le haghaidh tionóntacht Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta. Ba é an gnáth-táille clárúcháin ná €90 le haghaidh tionóntachtaí príobháideacha agus lóistín Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe. Is é €40 an gnáth-tháille clárúcháin do thionóntacht lóistín sonrach do mhic léinn (SSA). I gcás gach tionónta, tá laghduithe ar fáil le haghaidh clárúcháin ilfhreagracha ábhartha, agus d'fhéadfadh táillí moille a bheith i bhfeidhm. Bhí ioncam Príobháideach agus CCT in 2023 i bhfad níos airde ná mar a bhí in 2022 go príomha mar thoradh ar chur i gcrích na chéad bhliana de chlárúchán bliantúil as ar eascair líon níos airde clárúchán in 2023 i gcomparáid le 2022 a bhí ina idirbhliain.

Déantar ioncam SSA a thaifeadadh sna cuntais bunaithe ar bhilleáil arna eisiúint ag RTB chuig an soláthraí SSA. Cruthaíonn an t-ioncam taifeadta seo infhaighte ar an gclár comhardaithe (Nóta 7). Mar a íocann soláthraithe SSA a gcuid billí, úsáidtear an t-airgead a fhaightear chun an creidiúna a laghdú. Mínítear an méadú ar tháillí SSA in 2023 i gcomparáid le 2022 trí mhéadú ar úsáid cóiríochta do mhic léinn agus feasacht níos mó ar an oibleagáid clárú.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Táillí Díospóide** | | |
| Táillí Díospóide | **141,084** | 117,917 |

Is é €30 an táille chaighdeánach do sheirbhís breithnithe páipéarbhunaithe an RTB. Má roghnaíonn an dá pháirtí i ndíospóid idirghabháil seachas breithiúnas ní ghearrfar aon táille. Má dhéantar achomharc ar chinneadh breithneora, tá táille achomhairc €85 i gceist. Is é €30 an táille chun ábhar a tharchur chuig Binse Tionóntachta tar éis idirghabhála.

## 3 Maoiniú ón Státchiste (Vóta 34, fotheideal A.24)

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú le haghaidh costas oibriúcháin | **13,140,000** | 11,000,000 |
| Cistiú do Phinsin | **230,000** | 138,132 |
| Pinsean fostaí íoctha don Státchiste | **(237,720)** | (221,459) |
| | **13,132,280** | 10,916,673 |

Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta an maoiniú Státchiste ar fáil don RTB. Áirítear leis an mhaoiniú ar phinsin an costas atá le haghaidh phinsin i n-íocaíocht agus na costais achtúireacha agus riaracháin a bhaineann leis. Bhí asbhaintí pinsin fostaithe a íocadh leis an Státchiste níos airde in 2023 ná 2022 mar gheall ar bhoilsciú tuarastail.

## 4 Ioncam Eile

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Ilghnéitheach | **0** | 40 |
| Costais dlí aisghafa | **6,459** | 4,972 |
| | **6,459** | 5,012 |

Is féidir le costais dhlíthiúla a aisghabhtar ag an RTB athrú ó bhliain go bliain ag brath ar thorthaí na gcásanna dlí a bhféadfadh an RTB a bheith páirteach iontu.

## 5a Costais Foirne

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht | **5,645,621** | 5,171,668 |
| Oiliúint foirne | **130,499** | 74,896 |
| Costais PRSI | **513,899** | 467,403 |
| Costais eile foirne | **643,704** | 693,480 |
| | **6,933,723** | 6,407,447 |

Áirítear ar phá foirne & na foirne ar iasacht an RTB in 2023 €353,373 le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (2022: €311,981). I measc na gcostas foirne eile in 2023 tá costais earcaíochta agus costais ghníomhaireachta a tabhaíodh nuair a bhí folúntais ann i rith na bliana. Bhí 91 ball foirne ann a bhí fostaithe go díreach ag an RTB sa bhliain 2023 (2022: 90). Níor tugadh aon bhall foirne ar iasacht don RTB ó aon Roinn Rialtais eile ag deireadh na bliana (2022: 0). 0). Níor íocadh aon sochair foirceanta, iar-fhostaíochta, ná aon sochair fhadtéarmacha eile le fostaithe le linn na bliana. Léiríonn costas pá foirne RTB agus fostaithe ar conradh in 2023 tionchar na ndámhachtainí pá náisiúnta agus na n-incrimintí foirne i gcomparáid le 2022. Léiríonn costais foirne eile in 2023 costais ghníomhaireachta laghdaithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Le linn 2023 íocadh ranníocaíochtaí fostaithe leis an scéim aoisliúntais RTB, dar luach €119,929, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, & Oidhreachta (2022: €117,465) agus íocadh ranníocaíochtaí fostaithe leis an scéim pinsin aonair dar luach €117,791 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (2022: €103,994).

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| Príomhphearsanra bainistíochta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha a íocadh | **1,190,770** | 934,795 |

Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach, lena n-áirítear tuarastail, a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta an RTB taispeánta thuas. Áirítear na méideanna sin laistigh de phá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht faoi Chostais na Foirne. I measc na bpríomhphearsanra bainistíochta ag an RTB tá an Stiúrthóir, na Leas-stiúrthóirí agus na Stiúrthóirí Cúnta.

Ar an 10 Iúil 2023 ceapadh Karen Roantree mar Leas-Stiúrthóir. D'éirigh Niall Byrne, Stiúrthóir an RTB, as an RTB ar an 31 Eanáir 2024 agus ceapadh Owen Keegen mar Stiúrthóir Eatramhach ar an 26 Feabhra 2024. Ar an 16 Bealtaine 2024, tar éis próiseas earcaíochta oscailte, d'aontaigh an Bord, faoi réir cheadú an Aire, Rosemary Steen a cheapadh mar Stiúrthóir ar an RTB. Táthar ag súil go gceapfar go foirmiúil í de réir fhorálacha Alt 160 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus go nglacfaidh sí a ról mar Stiúrthóir ar an RTB i mí Mheán Fómhair 2024.

Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na bliana san áireamh le luach na sochar gearrthéarmach. Tá an Stiúrthóir agus baill ón phríomhphearsanra eile de cheann de na scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí agus ní shíneann a dteidlíochtaí níos faide ná iad siúd sa tsamhail scéim slánaíochta sochar sainithe san earnáil phoiblí

| Luach saothair na stiúrthóirí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach saothair na stiúrthóirí | **159,739** | 139,816 |

Ceapadh Niall Byrne ina Stiúrthóir RTB le héifeacht an 24 Eanáir 2022, agus an fhreagracht a fhágáil dó ó Padraig McGoldrick a bhí ina Stiúrthóir Eatramhach. Léiríonn luach saothair na Stiúrthóirí RTB do 2023 luach saothair Niall Byrne don bhliain. Ní bhfuair sé bónas ar bith ná sochar comhchineál in 2023. Léiríonn luach saothair Stiúrthóir an RTB do 2022 luach saothair Padraig McGoldrick suas go dtí an 23 Eanáir 2022 agus luach saothair Niall Byrne ina dhiaidh sin. Áirítear luach saothair an Stiúrthóra RTB laistigh de Shochair ghearrthéarmach faoi Phríomhphearsanra bainistíochta.

Fuair tríocha a haon ball foirne pá comhlán níos mó €60,000 in 2023 (2022: 22). Tá anailís déanta ar na híocaíochtaí sin ar an tábla ag seo a leanas.

| **Raon Iomlán na Sochar Fostaithe** | | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| €60,000 | €69,999 | 10 | 11 |
| €70,000 | €79,999 | 11 | 4 |
| €80,000 | €89,999 | 6 | 6 |
| €90,000 | €99,999 | 3 | 0 |
| €130,000 | €139,999 | 0 | 1 |
| €150,000 | €159,999 | 1 | 0 |

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5b Costais Chomhaltaí an Bhoird & an Phainéil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí chomhaltaí an bhoird | **117,793** | 126,219 |
| Táillí comhaltaí an bhinse | **1,248,528** | 735,123 |
| Táillí na mBreithneoirí, na nIdirghabhálaithe agus táillí eile | **1,140,404** | 952,836 |
| Taisteal & cothabháil - An Bord | **7,536** | 10,447 |
| Taisteal & cothabháil - comhaltaí an phainéil | **5,090** | 6,047 |
| Oiliúint – an Bord | **12,760** | 0 |
| Oiliúint – comhaltaí an phainéil | **14,112** | 37,240 |
| | **2,546,22** | 1,867,912 |

Léiríonn an laghdú ar tháillí bhaill an Bhoird in 2023 folúntas Boird amháin i rith na bliana. Léiríonn na méaduithe ar tháillí bhaill an Bhinse agus ar tháillí idirghabhálaithe Breithneoirí agus táillí eile méadú ar líon na n-éisteachtaí de gach cineál in 2023 i gcomparáid le 2022.

### 5c Costais Riaracháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Teagmhálacha custaiméirí[1] | **7,097,492** | 4,565,640 |
| Táillí dlí | **2,071,354** | 1,764,000 |
| Táillí gairmiúla | **412,872** | 353,076 |
| Cumarsáid & oideachas | **396,400** | 769,729 |
| Innéacs cíosa & taighde | **305,362** | 447,794 |
| Priontáil & postas | **1,921,675** | 1,547,193 |
| Riarachán | **431,991** | 385,321 |
| Seomraí cruinnithe | **18,947** | 20,946 |
| Cíos agus árachas | **964,959** | 875,694 |
| Áitreabh | **104,332** | 107,654 |
| Seirbhísí ICT | **3,389,363** | 2,515,590 |
| Síntiúis | **23,158** | 34,308 |
| Luathscríbhneoireacht | **85,171** | 50,582 |
| Aistriúchán | **115,263** | 81,563 |
| Tionscnaimh agus tionscadail | **289,751** | 874,859 |
| Taisteal agus cothú | **5,189** | 5,113 |
| | **17,633,279** | 14,399,062 |

1 Baineann teagmhálacha custaiméirí le caiteachas a tabhaíodh le cuideachta seirbhíse tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí teagmhála custaiméirí (teileafón, comhrá gréasáin, ríomhphost) agus riaracháin do chustaiméirí an RTB.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Léiríonn na méaduithe ar theagmháil le Custaiméirí, Priontáil agus postas, agus costais seirbhíse TFC na costais bhreise a tabhaíodh in 2023 a d'eascair as méideanna méadaithe custaiméirí i rith na chéad bhliana iomláine de Chlárúcháin Bhliantúla. Ba chúis leis na costais mhéadaithe freisin fadhbanna a bhí ag custaiméirí leis an gcóras agus mar thoradh air sin méadaigh méideanna i lár seirbhíse seachfhoinsithe an RTB.

Léiríonn an méadú ar chostais dlí méideanna méadaithe gníomhaíochta forfheidhmithe i rith na bliana agus roinnt saincheisteanna dlíthiúla aonair a tháinig chun cinn i rith na bliana.

Léiríonn an laghdú ar Thionscnaimh agus ar thionscadail laghdú ar chostais oibriúcháin a thabhaítear chun saincheisteanna leis an gcóras bainistíochta tionóntachta a leigheas. Le linn 2023 chuir RTB tionscadal caipitil suntasach i gcrích chun saincheisteanna leis an gcóras a leigheas, ar caipitlíodh a gcostais agus léirítear iad i Nóta 6.

# 6 Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

| | Trealamh Ríomhaire | Forbairt Bogearraí | Córas á Fhorbairt[2] | Feabhsuithe Léasacha | Troscán & Feistis | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € | € | € | € | |
| Iarmhéid tosaigh | 2,937,255 | 7,532,210 | 282,391 | 2,116,746 | 452,060 | 84,328 | 13,404,990 |
| Méideanna breise | 79,358 | 0 | 915,844 | 0 | 9,168 | 0 | 1,004,370 |
| Diúscairtí[3] | (2,485,841) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | (2,485,841) |
| Aistriú | 0 | 1,198,235 | (1,198,235) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 530,772 | 8,730,445 | 0 | 2,116,746 | 461,228 | 84,328 | 11,923,519 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 2,753,016 | 1,752,190 | 0 | 1,384,732 | 307,967 | 84,328 | 6,282,233 |
| Diúscairtí | (2,485,496) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | (2,485,496) |
| Muirear don bhliain | 108,302 | 1,547,360 | 0 | 105,002 | 25,045 | 0 | 1,785,709 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 375,822 | 3,299,550 | 0 | 1,489,734 | 333,012 | 84,328 | 5,582,446 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 184,239 | 5,780,020 | 282,391 | 732,014 | 144,093 | 0 | 7,122,757 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 154,950 | 5,430,895 | 0 | 627,012 | 128,216 | 0 | 6,341,073 |

2 Is ionann an córas atá á fhorbairt agus an costas a bhaineann le feidhmiúlacht agus gnéithe feabhsaithe a fhorbairt laistigh de chóras bainistíochta tionóntachta RTB. Cuireadh an fhorbairt i gcrích i rith na bliana agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus ag an bpointe sin aistríodh í chuig Forbairt Bogearraí agus cuireadh tús le hamúchadh.

3 Léiríonn an líne Diúscairtí thuas baint Trealamh Ríomhaireachta as feidhm agus a caitheadh i leataobh agus a dhímheas carntha ó chlár sócmhainní an RTB le linn 2023.

## 7 Infháltais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clárúcháin SSA infhaighte | **181,361** | 120,060 |
| Speansais réamhíoctha | **209,874** | 157,342 |
| Ioncam fabhraithe | **260,354** | 250,019 |
| Asbhaintí deonacha infhaighte | **4,718** | 3,486 |
| | **656,307** | 530,907 |

Is éard atá i gceist leis na híocaíochtaí atá le fáil ó sholáthraithe Lóistín Sonrach Do Mhic Léinn maidir le clárúcháin atá próiseáilte ag RTB agus arna bhilleáil dóibh. Is ionann an t-iarmhéid atá dlite ag deireadh na bliana 2023 agus €126,601 don bhliain acadúil ag tosú i mí Mheán Fómhair 2023, agus €27,750 agus €27.010 don dá bhliain acadúla roimhe sin faoi seach. Meastar go bhfuil an €181,361 iomlán inbhailithe agus mar sin níl aon soláthar déanta do mhéideanna neamh-inbhailithe.

## 8 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Banc AIB | **10,319,844** | 10,634,073 |
| Banc Uladh | **0** | 43,676 |
| Banc na hÉireann | **0** | 39 |
| | **10,319,844** | 10,677,788 |

Is ionann airgead tirim agus cothromais airgid agus iarmhéideanna atá ag bainc Éireannacha. I rith na bliana dhún RTB a chuid cuntas ag banc Uladh agus ag Banc na hÉireann.

## 9 Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | **1,743,633** | 1,294,391 |
| Sonraisc fabhraithe | **2,307,369** | 2,173,864 |
| Dliteanais eile | **958,330** | 992,192 |
| | **5,009,332** | 4,460,447 |

San áireamh i ndliteanais eile tá soláthair de €506,229 le haghaidh aisíocaíochtaí atá dlite do chustaiméirí (2022: €402,016) agus soláthar maidir le 1,978 iarratas ar chlárú neamhiomlán le luach €99,889 (2022: 3,571 iarratas, dar luach €180,336).

## 10 Barrachas Carntha

Is é €5,966,819 an barrachas carntha ag deireadh 2023. Tá an Bord tiomanta do bharrachas carntha RTB a chaitheamh síos thar shaolré na straitéise reatha (2023 go 2025). Tháinig laghdú €781,429 ar an mbarrachas carntha i rith 2023 agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise air i rith 2024. Coinneoidh an Bord, i gcomhar leis an Roinn Tithíocht, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, staid airgeadais an RTB, go háirithe barrachas cistí ar bith, faoi athbhreithniú le linn na bliana atá le teacht.

## 11 Cuntas Caipitil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | **7,122,757** | 8,277,792 |
| **Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Maoiniú chun sócmhainní a cheannach | **1,004,025** | 569,453 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | **(1,785,709)** | (1,724,488) |
| | **(781,684)** | (1,155,035) |
| Iarmhéid deiridh | **6,341,073** | 7,122,757 |

## 12 Cóiríocht

I mí Dheireadh Fómhair 2007 shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe comhaontú léasachta 20 bliana i ndáil lena áitreabh ag Teach Dhroichid Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. I mí Dheireadh Fómhair 2018 ghlac an RTB spás breise san fhoirgneamh céanna chun freastal ar mhéadú ar na baill foirne agus ionchais le haghaidh fás amach anseo agus sainordú na heagraíochta ag méadú. Éagfaidh an léas don spás breise ag an am céanna leis an mbun-chomhaontú léasachta 20 bliain an 23 Deireadh Fómhair 2027. B'ionann an ceangaltas bliantúil faoi na léasanna sin ag deireadh na bliana agus €701,247.

Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí ceangaltais léasa bhliantúla ann faoi na léasanna oibriúcháin mar a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **An dáta éaga:** | € | € |
| Idir 0 agus 1 bhliain | **701,247** | 701,247 |
| Idir 1 agus 5 bliana | **1,971,173** | 2,672,420 |
| Breis is 5 bliana | **0** | 0 |
| Iomlán | **2,672,420** | 3,373,667 |

## 13 Aoisliúntas

a) Anailís ar na costais phinsin iomlána curtha chun dochair do chaiteachas

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanchostas seirbhíse reatha[4] | **691,000** | 1,152,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **(652,000)** | (343,000) |
| Costas phinsin a gearradh ar an gcaiteachas | **39,000** | 809,000 |

b) Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas pinsin amhail tús na bliana | **(17,512,000)** | (21,526,000) |
| Costas reatha | **(929,000)** | (1,375,000) |
| Sochair a Íocadh | **220,000** | 154,000 |
| Costais úis | **(652,000)** | (343,000) |
| Gnóthachan/ (Caillteanas) Achtúireach | **(1,735,000)** | 5,578,000 |
| Easnamh pinsin ag deireadh na bliana | **(20,608,000)** | (17,512,000) |

c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

D'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an RTB le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an RTB méideanna atá dlite ón Stát maidir leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais faofa seo ar bhonn ar an tsraith bonn tuisceana ar a bhfuil cur síos déanta in (e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na tarluithe siúd, áirítear an bonn reachtúil faoinar mbunaíodh an scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá ann faoi láthair chun sochair scoir don tseirbhís poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón fhostaí agus an próiseas meastacháin bliantúil.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Coigeartuithe ar an maoiniú maidir le muirear pinsin na bliana reatha | **39,000** | 809,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe | **237,720** | 221,459 |
| | **276,720** | 1,030,459 |

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2023 €20,608,000 (2022: €17,512,000).

4 Tá costais Reatha na Seirbhíse glan ó ranníocaíochtaí a chuirtear ar ais chuig an Státchiste B'ionann an méid a tugadh ar aghaidh chuig an Státchiste agus €237,720 (2022: €221,459) ina raibh €237,720 i ranníocaíochtaí pinsin fostaithe agus €0 i luach aistrithe isteach ó fhostóir eile san earnáil phoiblí. Is éard a bhí i méid 2022 ná €221,459 i ranníocaíochtaí pinsin fostaithe agus € 0 i luach a aistríodh isteach ó fhostóir eile san earnáil phoiblí.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comaoin Sochar Sainithe | **20,608,000** | 17,512,000 |
| Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime & Athrú ar Bhoinn Thuisceana | **1,735,000** | (5,578,000) |
| Céatadán Dliteanais na Scéime | **8%** | 32% |

e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh shochair shainithe atá i scéim phinsin an RTB ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime reatha poiblí "samhlaí". Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanaí. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") an scéim shochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim i gcomhair pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin agus pinsin fhéideartha céilí agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. Bhí 56 comhalta gníomhach den Scéim Aonair i 2023 (2022: 54).

Tá na torthaí atá leagtha amach thuas bunaithe ar luach achtúireach na ndliteanas maidir leis an bhfoireann amhail an 31 Nollaig 2023. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil sin chun críche an chaighdeáin tuairiscithe, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Nochtadh um Pleananna Pinsin.

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scéime a ríomh:

| | 2023 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.30%** | 3.65% |
| Toimhde faoin méadú tuarastail | **3.80%** | 4.15% |
| Méadú pinsin - Scéim Aoisliúntais | **3.30%** | 3.65% |
| Méadú pinsin - Scéim Aonair | **2.30%** | 2.65% |
| Boilsciú praghsanna (CPI) | **2.30%** | 2.65% |

Ba iad na téamaí ionchais saoil a bhí mar bhunús do na háirimh ná:

| | Ionchas Saoil (Blianta) ag 65 bliana d'aois | |
|---|---|---|
| **Aois Reatha** | **Fireann** | **Baineann** |
| 45 bliana | 24.3 | 24.3 |
| 65 bliana | 22.1 | 22.1 |

## 14 Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas faoina fhreagrachtaí faoi na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis iomchuí lena chinntiú go ndéanfar gach íocaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin. Is ionann costas na n-íocaíochtaí déanacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus €0 (2022: €0).

## 15 Cásanna gan Réiteach

Bhí 2408 réiteach díospóide ag an mBord ar feitheamh ar éisteacht amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: 1,504). Ós rud é go n-athraíonn costas an phróisis réitigh díospóide go mór ó chás go cás ní áirítear sna Ráitis Airgeadais aon soláthar do na costais a bhaineann leis na cásanna seo a phróiseáil amach anseo a fuarthas roimh an 31 Nollaig 2023. Cuireadh na costais go léir a thabhaigh an RTB agus na cásanna seo á bpróiseáil suas go dtí deireadh 2023 san áireamh*Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta*.

## 16 Leasanna agus Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe ag Comhaltaí an Bhoird a bheith ag nochtadh leasanna, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

Tá táillí Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal Táillí na gComhaltaí Boird, Freastal, agus Speansais sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh NDP agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a shocraíonn na rátaí táillí.

## 17 Smachtbhannaí Airgeadais arna bhforchur ag Cinnteoirí

In 2023, fuair RTB €64,361 ó thiarnaí talún de bhun smachtbhannaí a d'fhorchuir Cinnteoirí orthu faoi S148X (4)(a) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú) (2022: €39,322). Faoi halt an Achta seo féadfaidh Cinnteoirí smachtbhanna a thabhairt ar rabhadh i scríbhinn agus/nó suim suas le € 15,000 agus suas le € 15,000 i gcostais ar thiarna talún más cuí leo é a dhéanamh in imthosca an cháis. De réir nósanna imeachta airgeadais poiblí, chuir an RTB smachtbhannaí airgeadais de shuim €53,261, lena n-áirítear € 28,416 a bhí dlite ag deireadh na bliana 2022, ar aghaidh chuig an Státchiste in 2023 (2022: €16,471). Tá an t-iarmhéid de €39,516 atá le híoc leis an Státchiste in 2024 san áireamh i nDliteanais Eile (Nóta 9) ag deireadh na bliana.

## 18 Nochtadh Páirtithe Ghaolmhara

Le linn na bliana ní raibh aon idirbhearta ná iarmhéideanna ag an RTB le páirtithe ghaolmhara mar a shainmhínítear in FRS 102 (alt 33).

## 19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar **20 Meitheamh 2024.**

# Aguisín

## Caibidil 1 – Feidhm Rialála an RTB

### Figiúirí clárúcháin

**Tábla 1**

**Tionóntachtaí Príobháideacha, Tionóntachtaí de chuid Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT), Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA), agus Tionóntachtaí ar Cíos de Réir Costais ag deireadh na bliana (pointe ama*), 2018 - 2023 (meastar 2021)**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 Meastachán | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán na dTionóntachtaí Príobháideacha Cláraithe leis an RTB** | 307,348 | 303,023 | 297,837 | 276,223** | 246,453****** | 223,979****** |
| **Líon na dtionóntachtaí Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT) cláraithe leis an RTB** | 29,542 | 32,662 | 34,169 | 38,255*** | 38,756 | 44,128 |
| **Líon na dtionóntachtaí Lóistín Shonrach do Mhic Léinn (SSAanna)** | - | 28,414 | 10,691 | 21,681 | 23,577 | 33,704 |
| **Líon na dtionóntachtaí Cíosa Costais** | | | | | 543 | 848 |
| **An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe (AHB, Príobháideach & SSA)** | **336,890** | **364,099** | **342,697** | **336,159**** | **309,329***** | **302,659** |

** Is ionann sonraí clárúcháin tionóntachta agus pointe ama, a thógtar ag deireadh na bliana, ón gClár RTB agus tá sé bunaithe ar líon na dtionóntachtaí a chláraigh agus a d'íoc.*

*** Is meastachán é an figiúr clárúcháin agus forbraíodh é ag úsáid sonraí reatha RTB atá ar fáil chun líon measta na dtionóntachtaí a bhainfí nó a athnuafaí ar an gClár RTB in 2021 a aithint, mura dtabharfaí isteach na hathruithe ar fhad thionóntachtaí cuid 4. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB ar na cúiseanna a raibh gá le meastachán, agus an mhodheolaíocht ar glacadh léi.*

**** Mar gheall ar athruithe ar an ardán a óstálann an Clár RTB i mí na Samhna 2021, fuarthas an figiúr seo ó shonraí a fuarthas ón dá ardán.*

**** Mar a leagtar amach thuas meastar na figiúirí 2021.*

****** Baineann sé seo le líon iomlán na gceantair ar cíos sa Chlár RTB an 31 Nollaig 2022.*

******* Tá na figiúirí laghdaithe mar thoradh ar cháilíocht sonraí feabhsaithe a eascraíonn as córas nua bainistíochta tionónta an RTB agus AR a thabhairt isteach.*

### Tábla 2

**Líon na nIarratas ar Chlárúchán Tionóntachta * Faighte ag an RTB 2018 - 2023****

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021*** | 2022** | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais ar chlárúchán tionóntachtaí príobháideacha ar cíos (nua & athnuachan) *** ** | 98,362 | 95,245 | 95,646 | 60,993 | 159,618 | 264,235 |
| **Iarratais ar chlárú tionóntachtaí de chuid Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) (nua & athnuachan)******** | 3,738 | 3,878 | 21,587 | 5,220 | 34,045 | 44,120 |
| **Tionóntachtaí Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn (SSA) cláraithe leis an RTB******* | | 28,414 | 12,784 | 30,908 | 43,186 | 44,666 |
| **Iarratais ar chlárú tionóntachtaí ar cíos de réir costais faighte ag an RTB.** | | | | | 518 | 871 |
| **Líon iomlán na n-iarratas ar chlárúchán tionóntachta a fuarthas.** | **102,100** | **127,537** | **130,017** | **97,121** | **237,367** | **353,892** |

**Is ionann iarratais agus líon na n-iarratas ar chlárú tionóntachta a fuarthas, ní líon iomlán na dtionóntachtaí atá cláraithe leis an RTB.*

*** An 4 Aibreán, 2022, tugadh isteach Clárúchán Bliantúil Cíosanna a éilíonn go ndéanfaí na cíosanna go léir a chlárú leis an RTB gach bliain.*

***Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana déanacha ann in 2021.*

**** Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana tionóntachta AHB in 2021.*

****** Tá na sonraí clárúcháin ag gabháil le clárúcháin a críochnaíodh go luath sa bhliain chomh maith le clárúcháin nua de réir mar a fhágann mic léinn agus mic léinn nua dul isteach sa chóiríocht lena mbaineann.*

## Figiúirí le haghaidh Forfheidhmiú Clárúcháin

### Tábla 3

**Foinsí faisnéise maidir le neamhchomhlíonadh féideartha**

| | 2020 | 2021 | 2022* | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Atreoruithe ó Dhaoine den Phobal** | 1,010 | 846 | 694 | 835 |
| **An Roinn Coimirce Sóisialaí - Liúntas Forlíontach Cíosa** | 7,540 | 3,433 | 1119 | 786 |
| **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)** | 16,630 | 16,537 | 10,862 | 10,345 |
| **Údaráis Áitiúla - gnáth-chigireachtaí** | 289 | 105 | 573 | 151 |
| **Eolas Inmheánach** | 332 | 506 | 198 | 164 |
| **Iomlán** | **25,801** | **21,427** | **13,446** | **12,281** |

### Tábla 4

**Líon na bhFógraí agus na Litreacha Fhorfheidhmiúcháin Cláraithe Eisithe, 2018 – 2023**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1ú Fógra** | 4,651 | 6,013 | 1,282 | 3,524 | 3,084 | 200 |
| **2ú Fógra** | 2,384 | 1,823 | 148 | 330 | 1,615 | 255 |
| **Litir Rabhaidh** | 748 | 540 | 167 | 0 | 175 | 155 |
| **2ú Litir Aturnae** | 253 | 188 | 73 | 0 | 0 | 0 |
| **Eile*** | 363 | 111 | 108 | 137 | 174 | 17,870 |
| **Iomlán** | **8,399** | **8,675** | **1,778** | **3,991** | **5,048** | **18,480** |

***Nóta:*** *Ba ghnáth Litreacha an Chéad Aturnae a chur ar Litreacha Rabhadh.*

** Mhéadaigh líon na litreacha in 2023 mar gheall ar fheachtas spriocdhírithe chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh.*

## Figiúirí le haghaidh Imscrúduithe agus Smachtbhannaí

### Tábla 5

**Miondealú ar imscrúduithe formheasta ar Iompar Mícheart a líomhnaítear de réir an bhealaigh imscrúdaithe* - Líon**

<table>
<tr><th colspan="2"></th><th>2019 (Iúil-Nollaig)</th><th>2020</th><th>2021</th><th>2022</th><th>2023</th></tr>
<tr><td rowspan="2">Ar a thoil féin*</td><td>Scairt gutháin nó ríomhphost nó litir faighte</td><td>19</td><td rowspan="2"></td><td rowspan="2">135</td><td rowspan="2">81</td><td rowspan="2">33</td></tr>
<tr><td>Monatóireacht réamhghníomhach RTB ar an margadh</td><td>20</td></tr>
<tr><td colspan="2">Gearáin a Fuarthas</td><td>12</td><td></td><td>34</td><td>49</td><td>49</td></tr>
<tr><td colspan="2">Iomlán</td><td>51</td><td>245</td><td>169</td><td>130</td><td>82</td></tr>
</table>

**Is ionann 'ar a thoil féin' agus faisnéis a chuireann duine den phobal ar fáil seachas tríd an bpróiseas foirmiúil gearán agus faisnéis a fhaigheann an RTB ó shonraí atá ar fáil dó faoin RTA.*

### Tábla 6

**Líon na nIompar Míchuí a Líomhnaítear de réir an Chineál Líomhaintí i leith Imscrúduithe Faofa in aghaidh na Bliana***

| | 2019 (Iúil-Nollaig) | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cíos a ardaíodh os cionn an mhéid a cheadaítear le srianta RPZ **** | 49 | 230 | 135 | 87 | 25 |
| **Gan Chlárúchán** | 8 | 37 | 30 | 36 | 45 |
| **Teip tionóntacht a thairgeadh ar ais le tionónta** | 4 | 11 | 11 | 3 | 2 |
| **Cúis Bhréagach nó mhíthreorach ar NoT***** | 3 | 6 | 11 | 4 | 15 |
| **Teip fógra a thabhairt don RTB faoi athruithe ar thionóntacht** | | | | 6 | 11 |
| **Éarlais de bhreis ar chíos míosa a lorg** | | | | 2 | 3 |
| **Réamhíocaíocht de níos mó ná cíos míosa a lorg** | | | | 1 | 6 |
| **Ag brath go bréagach ar dhíolúine RPZ** | | | | | 1 |
| **Teip fógra a thabhairt don RTB faoi bheith ag brath ar Dhíolúine RPZ** | | | | | 1 |
| **Iomlán - Iompar Míchuí líomhnaithe** | **64** | **284** | **187** | **139** | **109** |
| **Iomlán - imscrúduithe a ceadaíodh** | **51** | **245** | **169** | **130** | **82** |

### Tábla 7

**Iomlán na gCinntí a Eisítear do Thiarnaí Talún Ábhartha in aghaidh na Bliana**

| 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| 30 | 90 | 106 | 149 |

### Tábla 8

**Achomhairc**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Achomhairc a Fuarthas** | | 1 | 21 | 3 |
| **Réiteach achomhairc** | | | Níor éirigh le hachomharc amháin | 2 Achomharc aistarraingthe |

*Níor éirigh le haon achomharc i gcoinne an RTB go dtí seo.*

### Tábla 9

#### Líon na Smachtbhannaí Deimhnithe Foilsithe: Cúiseanna le hIompar Míchuí in aghaidh na Bliana*

| Cúiseanna maidir hIompar Míchuí | 2020 | 2021 | 2022*** | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Sárú ar riachtanais RPZ**** | | 28 | 36 | 67 |
| **Mainneachtain fógra a thabhairt don RTB faoi bheith ag brath ar dhíolúine cíosa** | | | 1 | 0 |
| **Teip fógra a thabhairt don RTB faoi athruithe ar thionóntacht** | | | 2 | 5 |
| **Mainneachtain tairiscint a dhéanamh ar ais** | | | 2 | 1 |
| **Mainneachtain le clárú** | | 1 | 10 | 17 |
| **Iomlán - Cúiseanna maidir hIompar Míchuí** | | **29** | **51** | **87** |
| **Iomlán - Smachtbhannaí Deimhnithe Foilsithe** | | **29** | **47** | **85** |

** D'fhéadfadh smachtbhanna déileáil le níos mó ná líomhain amháin d'Iompar Míchuí.*

*** Tagraíonn RPZ don Chrios Brú Cíosa*

**** Tabhair faoi deara go raibh smachtbhanna amháin a foilsíodh in 2022 le bheith ar an suíomh gréasáin ar feadh 1 bhliain amháin agus dá bhrí sin baineadh in 2023 é agus mar sin is é 46 líon reatha na n-orduithe cúirte ar an suíomh gréasáin a thaispeánann mar a foilsíodh in 2022 nuair a chuireann tú an scagaire i bhfeidhm.*

### Tábla 10

#### Cíos Ró-íoctha ar ais chuig Tionóntaí agus Méid a Íocadh i Smachtbhannaí ag Tiarnaí talún

| | 2019 – 2021 | 2022 | 2023 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Cíos Ró-íoctha curtha ar ais chuig tionóntaí*** | €284,341 | €62,659.00 | €88,787.88 | €435,787.88 |
| **Méid íoctha (€) i bhfoirm smachtbhannaí ag tiarnaí talún**** | €28,545.66 | €39,322.09 | €64,360.87 | €132,228.62 |

**Áirítear leis seo gach aisíocaíocht cíosa róth

áille mar thoradh ar imscrúduithe ar cuireadh an RTB ar an eolas fúthu agus a bhfuair an RTB fianaise ina leith go bhfuil an aisíocaíocht déanta nó ar siúl. Déantar aisíocaíocht go díreach trí aistriú airgid nó, le comhaontú an tionónta, trí chíos lascainithe don tréimhse chuí.*

***Cuimsíonn sé seo an t-airgead go léir a fuair an RTB ó thiarnaí talún mar íocaíocht as smachtbhannaí go dtí seo.*

### Tábla 11

#### Smachtbhannaí Deimhnithe sa Chúirt Chuarda Foilsithe in 2022/2023*

| | Admhálacha foilsithe | Fiosrúcháin foilsithe | Admhálacha Foilsithe meán-smachtbhanna airgeadaíochta (€) | Imscrúduithe Foilsithe meán-smachtbhanna airgeadaíochta | Meánmhéid iomlán na smachtbhannaí a foilsíodh (admhálacha & fios zrúcháin) | Smachtbhanna is ísle | Smachtbhanna is airde |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2022** | 39 | 7 | €1,356.06 | €2,382.59 | €1,484.38 | 225 | 3963.76 |
| **2023** | 69 | 16 | €802.26 | €2,146.43 | €1,042.13 | 100 | 11,396.76 |

**Ní bhaineann gach smachtbhanna le méideanna airgid, is léis na Cinnteoirí go dtuigfear raon d'fhachtóirí chun smachtbhannaí a chinneadh, seachas sa chás gur admhaíonn an tiarna talún, mar shampla, go n-íoctar an cíos ró-íoctha ar ais ag an tiarna talún, fad an Iompair Mhíchuí, agus míniú a thabhairt as an iompar míchuí.*

# Caibidil 2 – Seirbhís Réitigh Díospóidí an RTB

## Táblaí Gníomhaíochta Díospóide

### Tábla 12

**Líon Iomlán na nIarratas ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí RTB a Fuarthas, 2021 - 2023**

| An cineál iarratais | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Iarratais ar idirghabháil** | 2,336 | 2,796 | 7,223 |
| **Iarratais ar bhreithniú** | 3,321 | 4,621 | 2,685 |
| **Iomlán** | **5,657** | **7,417** | **9,908** |

### Tábla 13

**Líon Iomlán na nÉisteachtaí Seirbhíse um Réiteach Díospóidí RTB a Tharla le haghaidh Idirghabháil agus Breithniú Gutháin, 2018 - 2023**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Idirghabháil Gutháin & Éisteachtaí Breithnithe a Tharla** | 4,757 | 4,655 | 2,732 | 3,046 | 3,005 | 3,940 |

### Tábla 14

**Líon na nOrduithe Cinnidh Eisithe, 2018 - 2023**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Orduithe Cinnidh eisithe** | 3,132 | 3,130 | 1,794 | 2,759 | 2,656 | 2,977 |

### Tábla 15

**Miondealú ar Iarratais ar Réiteach Díospóide RTB a Tarraingíodh siar/a Dúnadh sular Sceidealaíodh Éisteacht**

| Cúis na hAistarraingthe | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais a tarraingíodh siar/a dúnadh roimh éisteacht a bhí sceidealta tar éis idirghabháil luath RTB** | 1,500 | 1,705 | 1,587 | 1,645 | 2,307 | 3,582 |
| **Iarratais a measadh a raibh neamhiomlán/nach raibh aon dlínse ag an RTB/níl an tionóntacht cláraithe** | 522 | 485 | 931 | 889 | 1,458 | 1,144 |
| **Iomlán** | **2,022** | **2,190** | **2,518** | **2,534** | **3,765** | **4,726** |

### Tábla 16

**Líon na gCásanna Réitigh Díospóidí RTB a tarraingíodh siar tar éis Éisteacht a Sceidealú ach sular eisíodh Ordú Cinnidh**

| Cúis na hAistarraingthe | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sceidealaíodh an éisteacht ach aistarraingíodh an cás sular eisíodh Ordú Cinnidh** | 856 | 930 | 568 | 568 | 575 | 633 |
| **Iomlán** | **856** | **930** | **568** | **568** | **575** | **633** |

### Tábla 17

**Achomhairc (Binsí), 2022-23**

| Cúis na hAistarraingthe | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| **Iarratais Achomharc a Fuarthas** | 664 | 1,218 |
| **Achomhairc Ceadaithe** | 504 | 1,088 |
| **Éisteachtaí Binse a reáchtáladh** | 429 | 1,008 |

## Iarratasóirí díospóide

### Tábla 18

**Miondealú ar Iarratas ar Réiteach Díospóide a Fuair an RTB in 2023 de réir Páirtithe Cásanna, de réir Minicíochtaí agus Céatadáin**

| | 2023 | |
|---|---|---|
| **Tionónta** | 5,208 | 53% |
| **Tiarna Talún** | 4,439 | 45% |
| **Tríú Páirtí** | 261 | 3% |
| **Iomlán** | **9,908** | **100%** |

### Tábla 19

**Achomhairc chuig an mBinse Tionóntachta de réir an Chineáil Iarratasóra, 2023**

| | 2023 | |
|---|---|---|
| **Tionónta** | 588 | 48% |
| **Tiarna Talún** | 616 | 50% |
| **Tríú Páirtí** | 14 | 1% |
| **Iomlán** | **1,218** | **100%** |

## Iarratas Díospóide de réir Cineál

### Tábla 20

**Miondealú ar Iarratais ar Réiteach Díospóidí a fuair an RTB in 2021 - 2023 de réir Cineálacha Díospóide**

| | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % cásanna* | Líon | % cásanna* | Líon | % cásanna* |
| Riaráistí cíosa/riaráistí cíosa agus ró-sheilbh | 1,805 | 32% | 2,429 | 33% | 2,973 | 30% |
| Coimeád éarlaise | 1,093 | 19% | 1,207 | 16% | 1,606 | 16% |
| Bailíocht Fógra Foirceanta (Díospóid á déanamh maidir le bailíocht fógra foirceanta) | 970 | 17% | 1,383 | 19% | 1,740 | 18% |
| Sárú ar oibleagáidí tiarna talún** | 951 | 17% | 1,232 | 17% | 1,667 | 17% |
| Rósheilbh | 690 | 12% | 1,053 | 14% | 1,408 | 14% |
| Caighdeán agus cothabháil na teaghaise | 570 | 10% | 767 | 10% | 983 | 10% |
| Sárú ar oibleagáidí tionóntaí** | 548 | 10% | 772 | 10% | 1,053 | 11% |
| Iompar frithshóisialta | 469 | 8% | 552 | 7% | 730 | 7% |
| Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach)**** | 371 | 7% | 486 | 7% | 696 | 7% |
| Bailíocht an fhógra um athbhreithniú cíosa | 283 | 5% | 243 | 3% | 363 | 4% |
| Damáiste sa bhreis ar ghnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt | 262 | 5% | 307 | 4% | 404 | 4% |
| Níl an t-athbhreithniú cíosa ar aon dul le Crios Brú Cíosa | 222 | 4% | 203 | 3% | 306 | 3% |
| Sárú léasa téarma sheasta | 172 | 3% | 162 | 2% | 231 | 2% |
| Ba mhó an cíos ná ráta an mhargaidh (Neamhbhainteach le Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) | 122 | 2% | 165 | 2% | 236 | 2% |
| Eile*** | 716 | 13% | 919 | 12% | 1,208 | 12% |
| **Iomlán** | **9,244 (cásanna 5,657)** | | **11,880 (cásanna 7,417)** | | **15,604 (9,908 cás)** | |

** D'fhéadfadh cúiseanna iolracha a bheith ann, dá dtagraítear mar cineálacha díospóidí, ar gach iarratas ar réiteach díospóide agus tá % cásanna bunaithe ar líon na n-iarratas (cásanna).*

*** Chun teacht ar eolas breise maidir le hoibleagáidí tionóntaí agus tiarnaí talún féach le do thoil ar láithreán gréasáin an RTB ag www.rtb.ie*

**** Tabhair faoi deara, le do thoil, is féidir 'Eile' a bheith marcáilte ar fhoirm iarratais taobh le saghsanna eile díospóide.*

*Tabhair faoi deara gur féidir le cásanna aonair níos mó ná saincheist amháin a chlúdach agus dá bhrí sin cuireann na céatadáin le níos mó ná 100.*

*****Tá foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (Díshealbhú mídhleathach) bunaithe ar an gcineál díospóide a roghnaíonn an t-iarratasóir ag an bpointe iarratais. Tá an cineál cáis faoi réir athraithe a luaithe a bheidh an cás measúnaithe níos mine agus bailíochtaithe ag an RTB.*

## Meán-amanna Próiseála Díospóide

### Tábla 21

**Miondealú ar an Meánthréimhsí Foriomlán Breithnithe Dúnta, Binsí agus Cásanna Idirghabhála (seachtainí) 2020 – 2023**

| 2020 Breithniú | 2021 Breithniú | 2022 Breithniú | Breithniú 2023 |
|---|---|---|---|
| **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** |
| 19.6 | 19.45 | 20.45 | 22.66 |
| **Binse 2020** | **2021 Binse** | **Binse 2022** | **Binse 2023** |
| **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** |
| 39.4 | 33.35 | 31.48 | 29.42 |
| **Idirghabháil 2020** | **Idirghabháil 2021** | **Idirghabháil 2022** | **Idirghabháil 2023** |
| **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** | **Meánlíon na seachtainí** |
| 9.1. | 9.7 | 8.87 | 9.33 |

## Binse Cíosa

### Tábla 22

**Gníomhaíocht na mBinsí Cíosa 2023***

| Líon | Iomlán |
|---|---|
| **An líon iarratas** | 1 |
| **Líon na nÉisteachtaí** | 0 |
| **Líon na nOrduithe Cinnidh eisithe** | 1 |

** Tabhair faoi deara gur féidir Ordú Cinnidh a eisiúint ón mbliain roimhe sin.*

## Forfheidhmiú Ordaithe

### Tábla 23

**Miondealú ar Chás-Pháirtithe arna Iarraidh ar Fhorghníomhú in 2023**

| | 2023 |
|---|---|
| **Tionónta** | 223 |
| **Tiarna Talún** | 157 |
| **CCT** | 9 |
| **Tríú Páirtí** | 1 |
| **Iomlán** | **390** |

### Tábla 24

**Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas, 2018 - 2023**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas** | 348 | 510 | 294 | 412 | 440 | 390 |

### Tábla 25

**Orduithe Cúirte a Fuair an RTB ar son Páirtithe Cáis, 2013 – 2023**

| 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 | 158 | 302 | 204 | 107 | 108 | 153 | 123 | 136 | 106 | 50 |

### Tábla 26

**Iarratais a fuarthas chun tabhairt faoi fhorfheidhmiú, ceadaithe le haghaidh cúnamh dlí RTB**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021* | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceadaithe** | 209 | 324 | 181 | 200 | 328 | 292 |
| **Nach raibh Ceadaithe** | 139 | 186 | 113 | 211 | 23 | 67 |
| **Iomlán** | **348** | **510** | **294** | **411** | **351** | **359** |

***NB:*** *Bunaithe ar na figiúirí bliantúla marbhánta seachas cásanna a tugadh chuig an mBord/Feidhmeannas chun cinneadh a dhéanamh maidir le Cúnamh Dlíthiúil a dheonú.*

### Tábla 27

**Líon na gcásanna a ceadaíodh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil, a socraíodh sula mbíonn ar aturnae a bheith fostaithe**

| Cásanna a ceadaíodh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil, socraithe sula gcaithfear aturnae a fhostú | 2018 | 2019 | 2020 | 2021* | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Suim** | 11 | 28 | 10 | 21 | 81 | 47 |
| **Iomlán** | | | | **327** | **328** | |

### Tábla 28

**Cúiseanna le cásanna a bheith dúnta**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhlíontacht iomlán nó comhaontuithe socraíochta** | 45 | 57 | 29 | 71 | 139 | 81 |
| **Tarraingíodh ábhair siar nó níor tugadh fúthu iad tar éis don RTB teagmháil tosaigh a dhéanamh** | 21 | 17 | 10 | 14 | 28 | 35 |
| **Iomlán** | **66** | **74** | **39** | **85** | **167** | **116** |

**Tábla 29**

**Líon na gcásanna dúnta in aghaidh na bliana**

| Cásanna dúnta in aghaidh na bliana | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 318 | 588 | 367 | 433 | 536 | 534 |

**Áiríodh san fhigiúr cumaiscthe seo cásanna a osclaíodh sna blianta roimhe seo*

**Tábla 30**

**Cásanna, chomh maith leis na cásanna inar deonaíodh Orduithe Cúirte do chásanna forfheidhmithe RTB, inar comhlíonadh go hiomlán iad, nó inar comhaontaíodh téarmaí socraíochta roimh dháta na Cúirte nó ar lá na hÉisteachta**

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 74 | 17 | 52 | 13 | 80 |

# Caibidil 3 – Feidhm Faisnéise agus Sonraí an RTB

## Figiúirí seirbhíse do chustaiméirí

**Tábla 31**

**Teagmhálacha Seirbhíse do Chustaiméirí de chuid an RTB**

| Modh | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Glaonna a fuarthas | 88,938 | 251,865 | 215,582 |
| Glaonna a freagraíodh | 82296 | 115063 | 155,470 |
| Ríomhphoist a fuarthas | 99,412 | 223,776 | 306,109 |

**Tábla 32**

**Miondealú ar Ghearáin a Fuair an RTB de réir Cineál an Ghearáin, 2021 – 2023**

| Fáth an Ghearáin | 2022 N% | | 2023 N% | |
|---|---|---|---|---|
| Clárú | 981 | 83.14% | 488 | 71.97% |
| Seirbhís Réitigh Díospóidí | 130 | 11.02% | 127 | 18.73% |
| Binsí / Achomhairc | 12 | 1.02% | 16 | 2.35% |
| Smachtbhannaí | 6 | 0.51% | 2 | 0.29% |
| Cosaint sonraí | 4 | 0.34% | 8 | 1.17% |
| Eile | 47 | 3.98% | 35 | 5.30% |
| Forfheidhmiú Ordaithe | | | 2 | 0.29% |
| Iomlán | 1,180 | 100.00% | 678 | |

## Cumarsáide agus Rannpháirtíocht

### Tábla 33

Gníomhaíocht Cumarsáide agus Rannpháirtíochta in 2023

| Ítim | Iomlán |
|---|---|
| **Líon na n-imeachtaí Páirtithe Leasmhara** | 15 |
| **Líon na gcuairteoirí uathúla ar an suíomh gréasáin** | 714,442 |
| **Radhairc ar leathanach an tsuímh ghréasáin** | 4,388,667 |
| **Líon na leantóirí ar twitter** | 5059 |
| **Líon na ndaoine a ndearnadh teagmháil leo trí twitter** | 151,5000 |
| **Líon na bhfeachtas fógraíochta** | › 1 feachtas do mhic léinn<br>› 3 fheachtas sna meáin chlóite le haghaidh ainmniúcháin RPZ (Iúil, Meán Fómhair, Nollaig 2023)<br>› 1 'feachtas Beo go Deo Google" Deireadh Fómhair go dtí Nollaig 2023<br>Iomlán 4 |
| **Líon na léitheoirí (más infheidhme)** | 595,097 ó 15 nuachtán réigiúnacha |

## Figiúir a bhaineann leis an Oireachtas

### Tábla 34

Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear, 2018 - 2023

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear in aghaidh na Bliana** | 35 | 42 | 86 | 116 | 543 | 484 |

# Caibidil 4 – Struchtúr agus Rialachas Eagraíochtúil an RTB

## HR

### Tábla 35

**Gníomhaíocht AD agus Saoráidí in 2023**

| Ítim | Iomlán |
|---|---|
| **Líon na bhfoirne** | Ag deireadh 2023, bhí smachtbhanna ag an RTB do 118 ball foirne agus bhí 91 ball foirne in situ. |
| **Líon na bhfeachtas Earcaíochta** | 1. Speisialtóir Cuntasaíochta (EO) – comórtas oscailte – 1 ceapachán<br>2. Príomhoifigeach Cúnta Gníomhach (AP) – comórtas teoranta – 2 cheapachán<br>3. Ardoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach (HEO) – comórtas teoranta – 2 cheapachán<br>4. Leas–Stiúrthóir – Seirbhísí Digiteacha & Sonraí – comórtas oscailte - 1 ceapachán<br>5. Bainisteoir Áiseanna (HEO) – comórtas oscailte – 1 ceapachán (go luath in 2024)<br>6. Speisialtóir AD (HEO) – comórtas oscailte – 1 ceapachán<br>7. Oifigeach Seirbhísí (SO) – comórtas oscailte – 1 ceapachán<br>8. (rinneadh ceapacháin eile de bhun na gcomórtas ar cuireadh tús leo in 2022). |
| **Líon na mball foirne nua** | 18 |
| **Foireann ar tugadh ardú céime dóibh** | 3 ardú céime buana in 2023 (gach CO go EO) agus 4 ardú céime shealadacha eile chuig poist ghníomhacha (2 AP agus 2 HEO). |
| **Líon na n-iarratas don Oifigeach Rochtana** | 25 |

## Airgeadas

### Tábla 36

**Gníomhaíocht airgeadais**

| Ítim | Iomlán |
|---|---|
| **Méid an úis nó pionóis a bhain le sonraisc a íocadh go déanach in 2023** | 0 |
| **Líon na gconarthaí a d'fhaomh an Stiúrthóir an athnuachan fhoirmiúil go foirmiúil** | 3* |
| **Líon na seirbhísí nua a cuireadh amach ar tairiscint (ní chuimsíonn sé seo an próiseas trí luachan)** | 1** |

* *Chonradh. Is iad sin: Innéacs Cíosa - Tuarascáil Meánchíosa an RTB, Seirbhísí árachais ghinearálta, Párolla*

*** Tairgeadh conradh nua in 2023 agus ba iad seo Seirbhísí Forbartha Eagraíochta.*

## Rialachas Faisnéise

### Tábla 37

**Gníomhaíocht airgeadais**

| Ítim | Iomlán |
|---|---|
| **Líon na nIarratas ar Rochtain Ábhair** | 50 |
| **Líon na n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise** | 94 |
| **Líon na n-iarratas ar rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol** | 0 |
| **Líon na n-iarratas ar léirscrios sonraí agus ar cheartú sonraí** | 47 |
| **Líon na nochtuithe cosanta a rinneadh** | 1 |

# Eochairfhocail RTB

**Oifigeach Rochtana:** Tá Oifigeach Rochtana ag an RTB chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí RTB.

**Breithniú:** Tá Breithniú ar cheann de na roghanna maidir le Réiteach Díospóidí a thairgeann an RTB chun díospóid chíosa idir páirtithe a réiteach. I mBreithniú, cuireann páirtithe cáis (tiarnaí talún, tionóntaí agus/nó tríú páirtithe amhail comharsa) fianaise i láthair in éisteacht os comhair Breithneora, nó Cinnteora, a dhéanann cinneadh ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair.

**Breithneoir:** Is é an Breithneoir an cinnteoir san éisteacht um Bhreithniú. Cinneadh sé nó sí toradh an cháis bunaithe ar an bhfianaise a chuireann gach páirtí sa díospóid chíosa ar fáil.

**Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna):** Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) tithíocht shóisialta ar cíos. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad a chuireann tithíocht inacmhainne ar cíos ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu cíosanna san earnáil phríobháideach a íoc nó a dtithe féin a cheannach. Cuireann siad tithíocht ar fáil freisin do ghrúpaí ar leith, ar nós daoine aosta nó daoine gan dídean.

In 2016, tháinig CCTanna faoi shainchúram an RTB, ag iarraidh orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Thug an t-athrú seo rochtain do thiarnaí talún agus do thionóntaí AHB ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB dá dtiocfadh ceist tionóntachta chun cinn.

**Oifigeach Údaraithe:** Duine a cheapann an RTB chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar an dlí um chíos ag tiarna talún. Tá an chumhacht ag an Oifigeach Údaraithe dul isteach i dteaghais agus iniúchadh a dhéanamh uirthi, cóipeanna de thaifid a thógáil, a iarraidh ar aon duine ag an teaghais faisnéis agus taifid a sholáthar, a iarraidh ar thiarna talún taifid a sholáthar agus Éisteacht ó Bhéal a sheoladh faoi mhionn

**An Chúirt Chuarda:** Suíonn an Chúirt Chuarda os cionn na Cúirte Dúiche agus faoin Ard-Chúirt agus tá an chumhacht aici damáistí suas le €75,000 a bronnadh agus déileáil le formhór na gcásanna coiriúla. Ní mór do Chúirteanna Cuarda smachtbhannaí ar bith a fhorchuireann Cinnteoirí an RTB mar thoradh ar imscrúdú a dhearbhú.

**Comhlíonadh:** Is ionann 'cloí le' agus 'comhlíonadh' nuair a leanann duine nó eagraíocht na rialacha nó an dlí. Is é an mhalairt ar na rialacha a bhriseadh. San earnáil chíosa, bainistíonn an RTB comhlíonadh an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, ag cinntiú go bhfuil a bhfuil gach duine a chónaíonn agus a oibríonn san earnáil cíosa ag cloí leis an dlí cíosa.

**Cíos Costais:** Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é Cíos Costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí.

**Cairt Custaiméirí** Is ráiteas é Cairt Chustaiméirí an RTB ar na caighdeáin seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil leo ón RTB. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar www.rtb.ie.

**Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM):** Is straitéis é CRM a úsáideann cuideachtaí chun idirghníomhaíochtaí le custaiméirí agus le custaiméirí féideartha a bhainistiú.

**Cinnteoir:** Duine a cheapann an RTB le cén smachtbhanna, más aon cheann, ba cheart a fhorchur ar thiarna talún faoi imscrúdú. Is gairmithe dlíthiúla na cinnteoirí a bhfuil taithí fhairsing ar róil chinnteoireachta agus tá siad neamhspleách ar an RTB.

**Éarlais:** Is ionann éarlais, ar a dtugtar éarlais slándála uaireanta, ná méid airgid a íocann tionónta leis an tiarna talún de ghnáth sula dtosaíonn an tionóntacht nó ar an dáta a thosaíonn an tionóntacht. Coinníonn an tiarna talún an éarlais agus tugtar ar ais í don tionónta ag deireadh na tionóntachta. Meastar gurb é maoin dhleathach an tionónta í an éarlais go dtí go mbunóidh an tiarna talún ceart ina leith. Áirítear ar na cúiseanna ar féidir le tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais ar fad a choinneáil nuair a bhíonn riaráistí cíosa, billí, cánacha nó táillí dlite; nó i gcás ina ndearnadh damáiste don réadmhaoin thar gnáthchaitheamh agus cuimilt; nó sa chás go dtugann tionónta fógra neamhleor chun deireadh a chur le tionóntacht nó má chríochnaíonn sé/sí a dtionóntacht ar théarma seasta roimh dheireadh na dtéarmaí comhaontaithe.

**Ordú Cinnidh:** Eisíonn an RTB Orduithe Cinnidh i ndiaidh Idirghabháil Gutháin, éisteachtaí um Breithniú agus Binse Tionóntachta. Doiciméad atá ina cheangal dlí is ea Ordú Cinnidh ina dtugtar toradh cáis agus ina n-achoimrítear na téarmaí nach mór cloí leo agus cé chomh fada a chaithfidh an duine cloí leis na téarmaí.

**An Chúirt Dúiche:** Is í an Chúirt Dúiche an chúirt is ísle i gCóras Breithiúnach na hÉireann ag a bhfuil an chumhacht damáistí suas le €15,000 a dhámhachtain i gcásanna sibhialta agus déileáil le formhór na mion chásanna coiriúla. Tionóltar imeachtaí forfheidhmiúcháin Orduithe Cinnidh sa Chúirt Dúiche. Is féidir le páirtithe cáis imeachtaí a thionscnamh iad féin le cuidiú ón RTB. Laistigh de shainchúram na n-imscrúduithe, is féidir leis an RTB nó an tOifigeach Údaraithe iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, más gá, le haghaidh Ordú lena iarraidh ar dhuine freastal ar Éisteacht ó Bhéal nó comhoibriú le himscrúdú.

**Fianaise:** Faisnéis nó taifid ar bith a bhaineann le gníomhaíocht ar bith i ndáil le ligean nó tionóntacht réadmhaoine ar cíos. Is féidir le páirtithe cáis fianaise a chur i láthair ag éisteacht réitigh díospóide nó is féidir le hOifigigh Údaraithe í a bhailiú le linn imscrúdaithe.

**Iompar Míchuí:** Is féidir leis an RTB imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún maidir le sáruithe áirithe ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe a shainítear mar Iompar Míchuí, ar a n-áirítear: mainneachtain cloí leis na ceanglais maidir le Criosanna Brú Cíosa (CBC); mainneachtain tionóntacht a chlárú; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB maidir le hathruithe ar shonraí tionóntachta; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB agus díolúine ó cheanglais CBC á héileamh nó ag iarraidh brath ar dhíolúine ó cheanglais CBC nach gcloíonn leis na ceanglais sin; mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais i gcás nach bhfuil na forais shonracha maidir le foirceannadh ábhartha a thuilleadh; nó cúiseanna bréagacha nó míthreoracha le deireadh a chur le tionóntacht; má lorgaítear éarlais/íocaíocht de bhreis ar chíos míosa amháin, tá feidhm aige seo i gcás tionóntachta a cruthaíodh ón 9 Lúnasa 2021 ar aghaidh.

**An Ard-Chúirt:** Is í an Ard-Chúirt an chúirt atá os cionn na Cúirte Cuarda agus ag a bhfuil dlínse iomlán chun gach cúrsa dlí agus fíorais a chinneadh. Féadfaidh an RTB, nó tiarna talún arb é ábhar cinnidh ag an gCúirt Chuarda achomharc a dhéanamh, le cead ón gCúirt Chuarda, ar chinneadh chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí.

**Teorainneacha LEA:** Is ionann teorainneacha Toghcheantar Áitiúil (LEAanna) agus limistéir a ainmnítear laistigh de chontae nó de chathair chun críche toghcháin áitiúla. Comhfhreagraíonn ceantair bhardasacha le Toghcheantair.

Nuair a dhéantar Crios Brú Cíosa a ainmniú, déantar é a ainmniú de ghnáth le Toghcheantar Áitiúil sonrach.

**Údaráis Áitiúla:** Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn, áirítear leis sin 26 Comhairle Contae, 2 Chomhairle Cathrach agus Contae agus 3 Chomhairle Cathrach.

Soláthraíonn Comhairlí Cathrach agus Contae raon leathan seirbhísí i ndáil le bóithre; trácht; pleanáil; tithíocht; forbairt eacnamaíoch agus pobail; seirbhísí comhshaoil, fóillíochta agus taitneamhachta; seirbhísí dóiteáin agus clár na dtoghthóirí a choinneáil. Maidir le tithíocht, bainistíonn na hÚdaráis Áitiúla cigireachtaí tithíochta lena sheiceáil go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin réadmhaoine ar cíos, mar aon le scéimeanna tacaíochta cíosa a bhainistiú amhail ÍCT agus Liúntas Forlíonta Cíosa.

**Rósheilbh:** Is ionann ró-sheilbh agus nuair a fhanann tionónta ina c(h)ónaí i réadmhaoin ar cíos thar thréimhse níos faide ná tréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoin a fhágáil.

**Soláthar:** Is ionann soláthar agus an próiseas maidir le téarmaí a fháil agus aontú leo, agus earraí, seirbhísí, nó oibreacha a fháil ó fhoinse sheachtrach, trí phróiseas tairisceana nó iomaíoch go minic.

**Nochtadh Cosanta:** Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cuirtear ar chumas fostaithe faisnéis a nochtadh a bhaineann le héagóir faoina bhfuil siad eolach san áit oibre agus cinntítear go mbíonn cosaintí ann, dá ndéanfaí bearta díoltais ina gcoinne.

**Fógra Athbhreithnithe Cíosa:** Tá tiarnaí talún go léir i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar an méid cíosa a íoctar ar a gcuid maoine. Ag brath ar an áit a bhfuil an réadmhaoin, ní féidir athbhreithnithe ar chíos a dhéanamh ach gach 12 mí má tá sé laistigh de Chrios Brú Cíosa nó gach 24 mí má tá sé lasmuigh de Chrios Brú Cíosa. Agus méideanna cíosa á n-athbhreithniú, ní mór do na tiarnaí talún é sin a chur in iúl do na tionóntaí trí Fógra i scríbhinn maidir le hAthbhreithniú Cíosa a thabhairt dóibh 90 lá ar a laghad roimh an athrú ar an gcíos.

**Fógra Foirceanta:** Is é sin an doiciméad oifigiúil lena gcuirtear deireadh le tionóntacht, nach mór don tiarna talún é a thabhairt don tionónta nó do na tionóntaí. Tá rialacha dochta i bhfeidhm maidir leis an bhFógra seo chun go mbeidh sé bailí, lena n-áirítear go gcaithfidh an Fógra bheith i scríbhinn, gur cheart go mbeadh an dáta ar seirbheáladh é agus nuair a thiocfaidh deireadh leis an tionóntacht air, go mbeidh sé sínithe ag an tiarna talún nó ag gníomhaire, agus ba cheart cúis bhailí a bheith ann le deireadh a chur leis an tionóntacht má mhair sé tréimhse níos mó ná sí mhí. Ní mór cóipeanna a sheoladh chuig an RTB.

**Rialálaí:** Is ionann Rialálaí agus duine nó eagraíocht a dhéanann maoirseacht ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnólacht nó earnáil ag leanúint rialacha agus dlíthe áirithe. Mar shampla, is é an RTB an rialálaí don earnáil cíosa, rud a chiallaíonn go gcuireann sé an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe chun feidhme agus go bhforfheidhmíonn sé é, lena chinntiú go bhfuil gach duine ag leanúint na rialacha san earnáil cíosa.

**Creat Rialála:** Is ionann an creat rialála agus comhcheangal de na rialacha, dlíthe, treoirlínte agus nósanna imeachta lena dtreoraítear tionscal nó earnáil ar leith. Mar shampla, tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe ina chuid mhór den chreat rialála lena dtreoraítear an earnáil cíosa in Éirinn.

**Riaráistí cíosa:** Mura n-íocann tionónta cíos, tugtar riaráistí cíosa ar an méid cíosa atá dlite don tiarna talún.

**Riaráistí Cíosa agus Rósheilbh:** Tarlaíonn sé sin i gcás nár íoc tionónta a c(h)íos agus go bhfuil sé nó sí fós ina c(h)ónaí sa réadmhaoin ar cíos thar thréimhse níos faide ná tréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoin a fhágáil.

**Crios Brú Cíosa (RPZ):** Is limistéar sainithe é Crios Brú Cíosa (RPZ) nach féidir cíosanna a ardú níos mó ná boilsciú ginearálta, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP). Ní féidir le haon mhéadú cíosa i RPZ an boilsciú ginearálta a shárú, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP) agus ní féidir leis an gcíos a socraíodh roimhe seo a ardú níos mó ná 2% in aghaidh na bliana pro rata. Baineann sé seo le tionóntachtaí nua agus reatha (mura bhfuil díolúine á cur i bhfeidhm).

**Díolúine Creasa Brú Cíosa (CBC):** I roinnt cásanna, ní chaithfear rialacha um shocrú cíosa CBC a chur i bhfeidhm ar réadmhaoine cíosa agus ina ionad sin is féidir an cíos a shocrú ar leibhéil an mhargaidh. Tugtar díolúine CBC ar na cásanna sin. Tá trí bhealach inar féidir le tiarnaí talún a bheith díolmhaithe ó rialacha socraithe cíosa RPZ: díolúine 1 - nuair nach raibh maoin ar cíos sa dá bhliain roimhe sin; díolúine 2 - nuair is déanmhas cosanta nó molta é an mhaoin nó nuair atá sé i bhfoirgneamh cosanta nó nuair nár ligeadh ar cíos é le 12 mhí anuas; nó díolúine 3 - nuair a tháinig athrú suntasach ar nádúr maoine (nach mór dó na critéir atá leagtha amach sa dlí a chomhlíonadh). Nuair a bhraitheann tiarna talún ar cheann de na díolúine sin, caithfidh sé nó sí fógra a thabhairt don RTB.

**Stoc Cíosa:** Is ionann stoc cíosa agus an méid cóiríochta ar cíos atá ar fáil ag aon am amháin.

**Binse Cíosa:** Bunaíodh Binse Cíosa an RTB in 1983, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cíos agus téarmaí tionóntachta eile a bhí ar cíos rialaithe roimhe seo faoi na hAchtanna Srianta Cíosa 1960-1981. In 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíosa agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB. An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004, arna leasú): Dá ngairtear an 'tAcht' nó ATC, is é seo ainm na reachtaíochta lenar cruthaíodh an RTB agus is é an dlí lena gcuirtear taca faoin earnáil cíosa in Éirinn, agus an bonn dlíthiúil á sholáthar maidir le cearta agus freagrachtaí tionóntaí agus tiarnaí talún.

**Dlínse an RTB:** Is ionann dlínse an RTB agus a mhéid is féidir leis an RTB cinntí agus moltaí dlíthiúla a dhéanamh. Mar bhonn leis seo tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe a leagann amach ról agus cumhachtaí an RTB; is dócha go bhfuil aon rud nach bhfuil leagtha amach san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe lasmuigh de dhlínse an RTB agus ní bheadh an RTB in ann gníomhú nó cinneadh a dhéanamh. Samplaí de chásanna nach bhfuil dlínse ag an RTB is ea déileáil le socruithe 'faigh seomra ar cíos' nó socruithe Airbnb.

**Smachtbhanna:** Is féidir leis an RTB smachtbhannaí de rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 nó suas le €15,000 i gcostais imscrúdaithe an RTB a fhorchur ar thiarna talún a sháraíonn an dlí (Iompar Míchuí).

**Páirtí Leasmhar:** Is ionann páirtí leasmhar agus duine nó eagraíocht a chónaíonn nó a oibríonn san earnáil cíosa. Tá páirtithe leasmhara éagsúla ag an RTB a n-oibríonn sé leo agus a ndéanann sé cumarsáid leo ar bhonn rialta, lena n-áirítear tiarnaí talún, tionóntaí, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Ollscoileanna, mic léinn, Údaráis Áitiúla, lucht déanta beartas, Ranna Rialtais, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

**Reachtúil:** Nuair a bhíonn rud éigin reachtúil ciallaíonn sé go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí.

**Dearbhú Reachtúil:** Is ionann Dearbhú Reachtúil agus doiciméad dlíthiúil nach mór do thiarnaí talún iad a eisiúint chuig tionónta mar aon le Fógra um Fhoirceann agus deireadh á chur le tionóntacht faoi fhorais áirithe. Áirítear ar na forais sin: nuair atá sé beartaithe ag an tiarna talún a réadmhaoin a dhíol; nuair atá sé beartaithe acu bogadh isteach inti arís nó nuair atá sé beartaithe ag ball teaghlaigh bogadh isteach sa réadmhaoin arís; nó chun úsáid na háite cónaithe a athrú.

Doiciméad sínithe is ea Dearbhú Reachtúil ina ndéantar breac-chuntas ar dhearbhú tiarna talún go bhfuil an fhaisnéis sa doiciméad i gceart.

**Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA):** Cóiríocht is ea Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA) a tógadh go sonrach d'úsáid mac léinn, lena n-áirítear cóiríocht a chuireann ollscoileanna agus institiúidí oideachais ar fáil.

**Idirghabháil Gutháin:** Tá Idirghabháil Gutháin ina seirbhís faoi rún atá saor in aisce agus a chuireann an RTB ar fáil do thiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe a bhfuil fadhb acu lena dtionóntachta nach féidir é a réiteach go neamhfhoirmiúil eatarthu féin. Oibreoidh Idirghabhálaí neamhspleách oilte leis an dá pháirtí leo féin chun teacht ar chomhaontú a bheidh inghlactha ag an mbeirt acu i dtréimhse ghairid ama.

**Binse Tionóntachta:** Mura mbeidh na páirtithe cáis in éisteacht um Breithniú nó Idirghabháil Gutháin sásta le toradh an cháis, is féidir leo an cinneadh a achomharc chun Binse Tionóntachta. Reáchtáiltear an éisteacht achomhairc i mBinse Tionóntachta, agus bíonn athéisteacht iomlán ar an aighneas i gceist leis mura n-aontaíonn na páirtithe é a theorannú do cheisteanna áirithe. Cé go bhféadfadh gur trí Idirghabháil Gutháin a rinneadh an cás, nó gur éisteadh an cás ag Breithneoir, tabharfar deis don dá pháirtí an cás iomlán a chur i láthair arís.

**Tríú páirtithe (i ndáil leis an earnáil cíosa):** Is iad tríú páirtithe na daoine a mbíonn tionchar díreach agus díobhálach ag na tionóntaí in aice láimhe orthu agus tá an ceart acu cás a thionscnamh i gcoinne thiarna talún na dtionóntaí sin.

**Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta:** Tugtar díshealbhú mídhleathach air seo, agus d'fhéadfadh a leithéid a bheith i gceist sa chás go ndiúltaíonn tiarna talún, trí fhórsa, imeaglú nó ar shlí éigin eile (cosúil le stop a chur le soláthar fóntas, glais a athrú srl..) cead a thabhairt do thionónta teaghais ar cíos a rochtain nó sa chás go dtógann sé earraí tionónta ón teaghais.

**Éisteachtaí fíorúla:** Tá na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht fhíorúil cosúil leis na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht aghaidh ar aghaidh, is próisis fhianaisebhunaithe iad, ach reáchtáiltear Éisteacht Fhíorúil trí úsáid a bhaint as MS Teams. Bíonn deis ag páirtithe i gcás labhairt go díreach leis an Bhreithneoir agus na saincheisteanna atá ag déanamh imní dóibh a mhíniú.

**Seirbhís Comhrá Gréasáin:** Bealach cumarsáide is ea Seirbhís WebChat an RTB trínar féidir le custaiméirí cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an RTB nó suíomh gréasáin an RTB san fhíor-am.



**ISSN XXXX -XXXX**

Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, BOSCA POIST
12323, Baile Átha Cliath 2.

01-7028100 / 0818 303037

@RTBinfo

**www.rtb.ie**